



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS

2015

**ÁR MISEAN : RATHÚLACHT TRÁCHTÁLA
ARDCHAIGHDEÁIN THIONSCAL BIA, DÍ
AGUS GAIRNEOIREACHTA NA hÉIREANN A
THIOMÁINT I gCOMHAR LEIS AN TIONSCAL
AGUS TRÍ LÉARGAS AR AN MARGADH.**

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

**CUIRTEAR ÁR MISEAN IN IÚL TUILLEADH TRÍ NA SÉ
CHUSPÓIR STRAITÉISEACHA SEO A LEANAS:**

- Cuir go gníomhach le rathúlacht agus le forbairt thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann.
- Cuir le cáil bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann, bunaithe ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe, i measc tomhaltóirí agus ceannaitheoirí trádála in áit an mhargaidh.
- Bheith ina fhoinsé údarásach do léargas straitéiseach a nascann deiseanna margaidh leis an tionscal.
- Cur chuige comhoibríoch leis na príomhghníomhaireachtaí bainteach le fónamh do bhia, deoch agus gairneoireacht na hÉireann a threorú.
- Coinneáil le deiseanna atá ag teacht chun cinn agus freagairt go gníomhach do shaincheisteannta suntasacha margaidh a bhfuil tionchar acu ar an tionscal.
- Luach ar airgead a sheachadadh ar chaiteachas.

RÁITEAS STRAITÉISE

TÁ PLEAN STRAITÉISEACH BHORD BIA BUNAITHE AR DHEARGADH GUIMSITHEACH AR AN TIONSCAL IOMLÁN LEIS AN SPRIOC FÁS INBHUANAITHE FADTÉARMACH A THIOMÁINT. FORBRAÍODH É LE TACÚ GO hIOMLÁN LE FEIDHMIÚ FHÓMHAR BIA 2020 AGUS FOOD WISE 2025 AGUS ÁIRÍTEAR ANN NA TOSAÍOCHTAÍ SEO A LEANAS:

CÁIL NA HÉIREANN A NEARTÚ - Fís roinnte d'Éirinn a fhorbairt, a fheidhmiú agus a chur chun cinn mar cheannaire domhanda i dtáirgeadh talmhaíochta agus bia atá inbhuanaithe agus slán ag teacht le hionadú príomhúil in áit an mhargaidh

AN TIOMAÍOCHAS A FHEABHSÚ - Iomaíochas margaidh an tionscail a spreagadh trí thacú le cur chuige comhtháite, láidreachtaí atá ann cheana a ghíaráil agus sineirgí a shaothrú thar earnálacha agus cuideachtaí; tacú le nuálaíocht; agus cumais á neartú nuair a bhíonn gá leis

ONNMHAIRÍ A NEARTÚ - Cumas cuideachtaí bia agus dí na hÉireann a neartú agus a leathnú amach, á thiomáint ag léargas ar an margadh, chun cur le sciar brabúsach i margaí onnmhairí ardionchais roghnaithe

MARGADH BAILE BEOGA - Tacú leis an seasamh láidir atá ag an earnáil agraibhia faoi láthair laistigh de gheilleagar na hÉireann níos leithne agus é a chur chun cinn

ÁR
nGNÓ

008

FIGIÚIRÍ ONNMHAIRÍ

012

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

016

ATHBHREITHNIÚ AN
PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

025

ATHBHREITHNITHE EARNÁLA:

025

FEOL AGUS BEOSTOC

028

BIA & DEOCHANNA

030

EARNÁIL NA nGNÓLACHTAÍ BEAGA
AGUS AN EARNÁIL ORGÁNACH

032

GAIRNEOIREACHT

036

SEIRBHÍSÍ

ÁR
RIALACHAS

044

RÁITEAS CORPARÁIDEACH

047

RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS
INMHEANACH

049

STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA

051

BORD BIA: AN BORD

051

BORD BIA: BORD BIANNA
TOMHALTORA

052

BORD BIA: BORD BEOSTOC
AGUS FEOLA

052

BORD BIA: BORD DÉIRÍOCHTA

053

BORD BIA: AN BORD
DEARBHAITHE CAILÍOCHTA

053

BORD BIA: AN BORD
GAIRNEOIREACHTA

ÁR
gCUNTAIS

054

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE
CUNTAS AGUS CISTE

055

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

056

RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS AR
CHAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLANA

057

CLÁR COMHARDAITHE

058

RÁITEAS SREABHADH AIRGID

059

NÓTAÍ AR CHUID DE NA RÁITIS
AIRGEADAIS IAD

074

ÍOCAÍOCHTAÍ DEONTAS MAIDIR LE
HAIRGEADAS MARGAÍOCHTA

TUARASCÁIL LE CUR FAOI BHRÁID AN AIRE TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS NA MARA

DE RÉIR ALT 22 DEN ACHT UM AN mBORD BIA 1994, TÁ ÁTHAS AR AN mBORD A THUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS A CHUNTAIS BHLIANTÚLA A CHUR I LÁTHAIR AN AIRE DON 12 MÍ DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015.

MICHAEL CAREY
CATHAOIRLEACH





DÁMHACHTAINÍ TIONSCAL BIA AGUS DÍ NA hÉIREANN

Tugadh aitheantas dona bhfuil bainte amach ag ocht gcuideachta bia Éireannach ag Dámhachtainí Bia agus Dí Bhord Bia i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath ar 12 Samhain 2015. Cúitíonn na Dámhachtainí, a thionóltar gach dhá bhliain, sármhaitheas laistigh de thionscal bia agus dí na hÉireann thar ocht gcatagóir – **Brandáil, Léargas Tomhaltóra, Margaíocht Dhigiteach, Fiontraíocht, Onmhairiú, Nuálaíocht, Rathúlacht sa mBaile agus Inbhuanaitheacht**. Bhí breis agus 300 ionadaí tionscail ó phríomhchuideachtaí bia agus dí na hÉireann i láthair áit ar chualadar ón aoichainteoir, Joe Schmidt, Príomhchóitseálaí Fhoireann Rugbaí na hÉireann a thug léargas ar cheannaireacht agus ar obair bhuíne.

“De réir mar a leanann an tionscal air agus suíomhanna préimhe á bhforbairt i margaí seanbhunaithe, tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh freisin in oscailt margaí nua ar féidir cuidiú leis chun fás a choinneáil. Tuigim go maith nach mbaintear gnó amach go héasca agus tá cuideachtaí bia agus dí na hÉireann le moladh faoina rathúlacht agus a ndiongbháilteacht i bhforbairt an tionscail dhúchasaigh is mó in Éirinn. An tAire Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Simon Coveney TD.

**ROGHNAIGH PAINÉAL
MOLTÓIREACHTA OCHT
mBUAITEOIR CATAGÓIRE
AS BREIS AGUS 160
IONTRÁIL. BRONNADH DHÁ
DHÁMHACHTAIN AR BHÁCÚS
UÍ GHALLCHOBHAIR AGUS
FUAIR DHÁ CHUIDEACHTA
DÁMHACHTAINÍ
INBHUANAITHEACHTA A
LÉIRÍONN ARDCHAIGHDEÁN
NA nIONTRÁLACHA. ÁIRÍODH
AR BHUAITEOIRÍ NA
gCATAGÓIRÍ DÁMHACHTAINE
FORIOMLÁNA:**



DÁMHACHTAINÍ ONNMHAIRITHE AGUS FIONTRAÍOCHTA GALLAGHER'S BAKERY

Gnó teaghlaigh ar dúradh faoi - "scéal agus slánúchán rathúlachta iontach a léirigh creidiúnacht mhór agus uaillmhian ollmhór". Bunaíodh é in Ard an Rátha, Contae Dhún na nGall i 1968 agus rinne fónamh go traidisiúnta ar réigiún an lathuaiscirt le gnáthtáirgí báicéireachta. Ó d'aithin siad deis mhór an mhargaidh saor ó ghlútan in 2012, tá an fhostaíocht méadaithe ó 96 go 260, bhí an fás ar onnmhairiú thar cinn agus is ionann anois é agus thart ar 70% de thrádáil láimhdeachais le cuid de na miondíoltóirí is mó ar domhan.



DÁMHACHTAIN NUÁLAÍOCHTA NOBÓ

Bunaithe ag Brian agus Rachel Nolan, tá 'Nobó', a chiallaíonn gan bó, tar éis an chéad rogha ar uachtar reoite gan ábhar déiríochta ann, déanta as abhacád agus bainne chnó cócó, a chur ar fáil. Agus "fís láidir d'fhorbairt todhchaí" aige tá fás rathúil déanta ag an táirge ar liostú seirbhísí bia agus miondíola ar fud na tíre le onnmhairí go Dubai agus pleananna chun leathnú isteach sa RA.



DÁMHACHTAIN DO RATH AG AN mBAILE CELTIC PURE

Bhí fás ar dhíolacháin bhliantúla de bhreis ar 15% ag cuideachta teaghlaigh le hocht mbliana anuas, cuideachta a bhunaigh muintir McEaney in 2000, agus tá breis agus 40 milliún buidéal fíoruisce Éireannach á ndíol acu anois. Mhéadaigh infheistíocht a rinneadh le deireanaí an acmhainn táirgthe go 100 milliún buidéal in aghaidh na bliana. Agus "scéal mór ratha Éireannach" á thabhairt air, bhí an fhoireann láidir bainistíochta rithabhachtach do rath na cuideachta.



DÁMHACHTAIN BRANDÁLA GLANBIA'S AVONMORE SUPERMILK

In earnáil a bhfuil an díolachán ag dul i léig inti, tá príomhbhranda bainne na hÉireann tar éis déanamh níos fearr ná na díolacháin bainne iomlána de suas le 6.3% ó thaobh méide, feasacht ar bhranda agus dílseacht an tomhaltóra ag dul i méid i ngach cás. Trí fheachtas, ar a tugtar "Playground of Life", tugadh le fios gurb é Super Milk an réiteach ar an léargas go bhfuil imní níos mó agus níos mó ar thomhaltóirí faoi easpa vitimín D san aiste bia.



DÁMHACHTAIN DON MHARGAÍOCHT DHIGITEACH BRITVIC IRELAND'S CLUB ORANGE "#FECHTAS THEBESTBITS"

Shroich an feachtas, trí theacht i dtír ar théamaí an Éireannachais, an tsaoil atá caite agus an ghrinn logánta, breis agus 5.3 milliún lucht tionchair trí thagairtí PR agus ar líne le thart ar 350,000 tomhaltóir ag breathnú ar an ábhar físe ar Facebook agus YouTube. Méadaigh díolacháin Club Orange de bheagnach 10% i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Baineadh na torthaí amach trí úsáid nuálaíoch sluafoinsithe chun coincheapa a fhorbairt ó lucht tacaíochta dílis Club Orange ar bhuiséad íseal.



DÁMHACHTAIN LÉARGAS TOMHALTÓRA GLENISK

Agus léargas tomhaltóra á úsáid chun a raon nua ardphróitéin a fhorbairt, Greek Yogurt scagtha go dílis, tá Glenisk tar éis méadú 10% ar a theacht isteach a sheachadadh cheana féin óna sheoladh in Aibreán. Tugadh aitheantas don "mhórdhua" a chuir Glenisk orthu chun tuiscint dhomhain a fháil ar a dtomhaltóir, trí dhiantréimhse taighde a choimisiúnú thar 12 mí agus dul i ngleic le tomhaltóirí chun an raon nua a 'chomhchruithú' go nuálaíoch i gcatagóir deacair iógairt.

INBHUANAITHEACTH AG OBAIR LEIS AN NÁDÚR

“PRÓISEAS TOMHAIS, AISEOLAIS AGUS FEABHAIS LEANÚNAIGH”

Is é Origin Green céad ghluaiseacht náisiúnta inbhuanaitheachta an domhain. Trí Origin Green, ar fud a fheirmeacha agus a ghnólaíochtaí, tá an náisiún ar fad á ghríosú chun seachadadh ar an uaillmhian a táirgeoirí bia agus dí go léir a bheith ar an turas chun na hinbhuanaitheachta

Tá buntáistí soiléire ag Éirinn mar rogha tír do bhia agus deochanna a táirgíodh go hinbhuanaithe. Fágann aeráid mheasartha i gcomhar lena báisteach bhliantúil go sáraíonn táirgeadh féir na hÉireann an meán Eorpach de níos mó ná aon trian, rud a chinntíonn infhaighteacht leanúnach féarach buan sa tír. Rangaigh taighde de chuid Choimisiún an AE Éire i measc na chéad chúig bhallstát is fearr a fheidhmíonn maidir lena lorg carbóin don earnáil beostoic. Léirigh taighde ó Ollscoil Cranfield, an RA, i ndomhan a bhfuil ganntanas uisce úir, go bhfuil ceann de na tomhais is ísle struis ar domhain ag Éirinn maidir le huisce.

**IS É UAILLMHIAN
FHORIOMLÁN ORIGIN
GREEN GO nDÉANANN GACH
FEIRM AGUS GACH GNÓ
DÉANTÚSAÍOCHTA BIA AR FUD
NA hÉIREANN TIOMANTAIS
INTOMHAISTE CHUN
TÁIRGEADH AR BHEALACH
INBHUANAITHE AGUS GO
nDÉANFAR DUL CHUN CINN A
MHEAS GO BLIANTÚIL.**

Ag obair ag leibhéal na feirme agus na déantúsaíochta araon, leagann Origin Green amach go soiléir uaillmhian na hÉireann chun teacht chun a bheith ina ceannaire domhanda i seachadadh táirgí ardchaighdeán bia agus dí inbhuanaithe. Agus é á fhíorú go neamhspleách fágann an clár deonach seo go bhforbraíonn déantúsóirí bia plean inbhuanaitheachta a leagann spriocanna soiléire amach i bpríomhréimsí inbhuanaitheachta mar fhoinsí amhábhair, astaíochtaí, fuinneamh, dramhaíl, uisce, bithéagsúlacht agus gníomhaíochtaí CSR. Tógann Origin Green ar scéimeanna dearbhaithe cáilíochta atá ann cheana a dhéanann iniúchadh ar fheirmeoirí in aghaidh raon caighdeán lena n-áirítear sláinte ainmhithe, leas agus inrianaitheacht, uisce agus beathú, bainistiú féaraigh, bainistiú comhshaoil, sábháilteacht ar an bhfeirm agus bithéagsúlacht.

Déantar gach staid den phróiseas a sheiceáil agus a fhíorú go neamhspleách. Ag deireadh na bliana bhí 128 ball fíoraíthe agus a n-ainmneacha curtha síos ag 485 cuideachta bia agus dí na hÉireann do chlár inbhuanaitheachta Origin Green. Ar leibhéal na feirme tá líon na measúnuithe carbóin atá á ndéanamh ag Bord Bia ag tarraingt ar 90,000, an líon is mó ar domhan. Níl aon tír eile in áit ar bith a bhfuil lorg carbóin a bhfeirmeacha á mheas i ndáiríre ar scála náisiúnta, agus ní uair amháin ach go rialta thar thréimhse 18 mí, agus é seo á dhéanamh i bpróiseas tomhais, aiseolais agus feabhais leanúnaigh. Tá cainníochtú lorg carbóin thart ar 700 feirm á dhéanamh ag Bord Bia in aghaidh na seachtaine.






**“DUL I bPÁIRT LEIS AN TURAS
CHUN CÁIL NA hÉIREANN MAR
CHEANNAIRE DOMHANDA
I dTÁIRGEADH BIA AGUS
TALMHAÍOCHTA SLÁN AGUS
INBHUANAITHE A NEARTÚ”**

ONNMHAIRÍ BIA AGUS DÍ NA hÉIREANN (€M)

Thaifead earnáil bia agus dí na hÉireann méadú ar fhás onnmhairí don séú bliain as a chéile i 2015 de réir mar a chuidigh aschur méadaithe sna príomhearnálacha, forbairtí rátaí malartaithe fabhracha agus torthaí níos fearr don mhairteoil, bia farraige agus deochanna chun lagú nach beag i bpraghsanna déiríochta a fhritháireamh.

Áirítear don bhliain gur mhéadaigh luach onnmhairí bia agus dí na hÉireann de 3% go **€10.8 billiún**. Léiríonn sé seo buaicphointe nua d'onnmhairí agus fás de bhreis agus 50% nó €3.6 billiún ó 2009.



ONNMHAIRÍ BIA AGUS DÍ NA hÉIREANN (€M)

	2014	2015 (p)	2015/2014
	€m	€m	% +/-
Táirgí Déiríochta agus Comhábhair*	3,105	3,240	+4
Mairteoil*	2,280	2,410	+6
Bianna Ullmhaithe	1,810	1,800	-1
Deochanna	1,150	1,260	+10
Muiceoil	580	570	-2
Bia Farraige	540	560	+4
Gairneoireacht agus Gránaigh Inite	230	240	+4
Éanlaith Chlóis	310	320	+3
Caoireoil	220	230	+5
Ainmhithe Beo	245	195	-20
Iomlán Bia agus Dí	10,470	10,825	+3

*scairteach inite san áireamh

(p) = tá figiúirí 2015 sealadach

Foinse: meastacháin Bhord Bia

IS IN ÉIRINN A DHÉANTAR CUID DE NA BRANDAÍ IS ÍOCÓNAÍ AR DOMHAN MAR BAILEY'S, IM KERRYGOLD, JAMESON AGUS GUINNESS.

IS É UISCE BEATHA NA hÉIREANN AN CATAGÓIR BIOTÁILLE IS TAPÚLA FÁIS AR DOMHAN.

IS Í ÉIRE AN tONNMHAIREOIR GLAN MAIRTEOLA IS MÓ SA LEATHSFÉAR THUaidh AGUS BREIS AGUS LEATHMHILLIÚN TONNA Á CHUR THAR TÍR AMACH IN AGHAIDH NA BLIANA.



CÉ GO BHFUIL CÁIL AR ÉIRINN AS A MAIRTEOIL, A CUID IME AGUS GUINNESS, DÉANANN SÍ BREIS AGUS 10% D'FHOIRMLE BAINNE DO NAÍÓNÁIN AGUS 50% DE LICÉIR UACHTAR AN DOMHAIN FREISIN.

DÁILEADH MARGAIDH ONNMHAIRÍ BIA AGUS DÍ NA hÉIREANN (%)

D'fhág fás 7% ar luach onnmhairí go dtí an **Ríocht Aontaithe** gurb ionann an margadh agus 41% den iomlán. Sheas luach na trádála ag €4.4 billiún measta. Chuidigh luachanna onnmhairí níos láidre don mhairteoil, do bhianna ullmhaithe, do mhuisiriúin agus d'éanlaith chlóis chun luachanna déiríochta agus dí níos ísle a fhritháireamh.

Is beag athrú a taifeadadh ar luach onnmhairí go dtí **margaí Eorpacha eile** i 2015 agus luach measta ar thrádáil ag €3.4 billiún nó 31% den iomlán. Léiríonn sé seo éileamh níos láidre lasmuigh den AE mar aon le rátaí malartaithe fabhracha agus timpeallacht tomhaltóra níos trialaí thar phríomh-mhargáí AE. Taifeadadh méaduithe i ndéiríocht, i mbia farraige agus i mbianna ullmhaithe.


Léirigh lastais táirgí bia agus dí na hÉireann go dtí **margaí Idirnáisiúnta** ardú measartha ag thart ar €3 billiún nó 28% d'onnmhairí. Threoraigh onnmhairí déiríochta, dí agus mairteola níos láidre an trádáil i 2015 rud a rinne fritháireamh ar mheath ar mhucéoil, ar bhianna ullmhaithe agus ar bhia farraige. Is ionann an déiríocht agus breis agus 45% d'onnmhairí go dtí margaí Idirnáisiúnta. Thaifead Meiriceá Thuaidh fás 19% in onnmhairí agus thaifead an tSín agus an Meánoirthear onnmhairí níos airde freisin. Rinne sé seo titim 71% in onnmhairí go dtí an Rúis a fhritháireamh, rud a léirigh fionraíochtaí leanúnacha trádála agus trádáil laghdaithe go dtí an Afraic.




(p) = tá figiúirí 2015 sealadach

Foinse: meastacháin

DÁILEADH ONNMHAIRÍ BIA AGUS DÍ – 2015 VS. 2014 (€M)



FÁS ONNMHAIRÍ BIA AGUS DÍ GO DTÍ MARGAÍ IDIRNÁISIÚNTA 2015 VS. 2014 (%)





RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

In 2015, don séú bliain as a chéile d'fhás agus d'fhorbairt, chonacthas fás de 3% ar fhigiúr na bliana roimhe ar onnmhairí bia agus dí na hÉireann chun €10.8 billiún a shárú don chéad uair. Teist a bhí ann ar uailmhianta méadaithe laistigh den tionscal dúchasach is mó in Éirinn, is gnóthachtáil a éascaíodh ag aschuir mhéadaithe i roinnt príomhearnálacha, rátaí malartaithe fabhracha le príomhairgeadraí trádála, agus torthaí feabhsaithe i gcatagóirí ar mhairteoil, bia farraige agus deochanna. Níorbh fás aonfhoirmeach ar fad a bhí ann, ar ndóigh, agus thug praghsanna tráchtearraí domhanda a bhí ag dul i léig dúshláin ar leith don chatagóir aonair is mó ag Éirinn, an déiríocht, agus do tháirgeoirí muiceola chomh maith. Ina dhiaidh sin agus cúlra seintimint chustaiméirí spadánta ann ar mhór-roinn na hEorpa agus titim i bpraghsanna tráchtearraí domhanda de 19% ar an meán, ní féidir breathnú ar fheidhmíocht 2015 ach mar ghnóthachtáil shuntasach. Agus buaicphointe nua á leagan síos d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann, tá an tionscal tar éis tógáil ar fhás onnmhairithe carnach atá gan fasach den chuid is mó i ngeilleagar dúchasach na hÉireann. Tá onnmhairí bia agus dí na hÉireann 51% nó €3.6 billiún níos mó anois ná 2009 nuair a cuireadh tús leis an treocht reatha fáis. I gcodarsnacht, áirítear an fás onnmhairí tráchtearraí iomlán i measc cuideachtaí Éireannacha thar an tréimhse chéanna ag 4%.

Cuireann iniúchadh géar ar cén áit agus conas ar baineadh fás amach i 2015 béim ar an ról suntasach a bhí ag rátaí malartaithe

fabhracha in iomaíochas na hearnála a neartú. Leag lagú an euro in aghaidh steirling agus an dollair an comhthéacs amach d'fhás sa RA agus i roinnt margaí idirnáisiúnta, go háirithe na SA féin. I rith 2015, bhí 41% ar a laghad d'onnmhairí bia agus dí ceaptha dár gcomharsa is gaire, agus rinne 28% eile soláthar do mhargaí áit arbh é dollar na SA an mórairgeadra trádála. Ar an iomlán d'fhéadfadh gur chuir an euro níos laige le feidhmíocht 2015 de suas le €950 milliún. Is breithniú tábhachtach a bheidh anseo sa bhliain atá romhainn, ag cur san áireamh nach dóigh go mbeidh roinnt de ghaoithe cinn fabhracha 2015 ann i gcónaí, agus go bhfuil brú ar phraghsanna tráchtearraí i bpríomhearnálacha réidh le dul i réim.

COMHTEACS IDIRNÁISIÚNTA

Mar ar tugadh ar aird thuas, ní mór d'aon mheasúnú ar fheidhmíocht onnmhairithe an tionscail roinnt fachtóirí macra-eacnamaíocha lasmuigh de rialú an tionscail a chur san áireamh, ó rátaí malartaithe agus praghsanna tráchtearraí, go boisciú agus seintimint chustaiméara. Cé nach raibh siad ar fad ailínithe i bhfabhar an tionscail i rith 2015, bhí a gcomhthionchar fabhrach dó sa deireadh.

Ní raibh scéal an euro a bhí ag dul i léig teoranta do steirling agus don dollar, agus chuaigh sé i léig de 15% in aghaidh yuan na

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Síne. Ina choinne sin neartaigh sé de 37% i gcomparáid le rúbal na Rúise agus de 17% in aghaidh real na Brasaíle. Sa Rúis, rinne an méadú seo saincheist fiontraíochtaí trádála a bhí suntasach cheana, chun onnmhairí ó Éirinn a chiorrú go mór, níos measa fós. Ar mhíbhuntáiste an euro lagaithe tá costais amhábhair níos airde, cé go ndearna titim ghéar agus fadtréimhseach ar phraghsanna ola maolú air seo.

Bhí fás spadánta agus seintimint lag tomhaltóra ina ghné de chrios an Euro ó thús na deich mbliana seo. I 2015, bhí an scéal mórán mar a chéile agus ní raibh aon torthaí deifnídeacha ar iarrachtaí díograiseacha chun an boilsciú a ghiniúint. Go deimhin ba léir díbhóilsciú leanúnach i roinnt mhaith geilleagair i rith an chéad leath den bhliain agus téarnamh measartha ina dhiaidh. Tá an t-ionchas don Eoraip i 2016 ceangailte i gcónaí le hionchais atá ag éirí níos neamhchinnte leis an mbaol go mbeidh moilliú domhanda ann, muinín tomhaltóra maolaithe agus fóirbheagán boilscithe i bpraghsanna, más ann dó féin.

Is í an earnáil déiríochta is mó a bhraith tionchar praghsanna tráchtearraí talmhaíochta a bhí ag dul i léig i rith 2015, agus thaifead Innéacs Praghas Déiríochta an FAO meath gear de 29%. Agus é ag teacht i mbliain ina bhfacthas méadú de 11% ar aschur déiríochta in Éirinn, tar éis gur cuireadh deireadh le córas Cuóta Baine an AE, ba mheabhrúchán tráthúil é ar luaineacht bhunúsach san earnáil seo. Ar ndóigh ní ghnéithe seachtracha nó gnéithe lasmuigh de rialú an tionscal iad na fachtóirí a théann i gciann ar fheidhmíocht. Is gné de théarnamh na tíre le cúpla bliain anuas iad feabhsúcháin in iomaíochas eacnamaíoch, agus, i 2015 bhain déantúsaíocht na hÉireann, agus é á thomhas ag Scórchárta Iomaíochais na hÉireann, feabhsúcháin amach thar roinnt méadrachtaí, lena n-áirítear neartú an mhargaidh saothair, cinnteacht poist níos mó agus figiúirí difhostaíochta a bhí ag dul i léig.

D'fhág na forbairtí seo, i gcomhar le staid airgeadais feabhsaithe na hÉireann, gur lean an tír uirthi agus feidhmíochtaí láidre á seachadadh ó thaobh ranguithe iomaíochais idirnáisiúnta a d'fheabhsaigh muinín tomhaltóra baile a chuidigh chun an t-éileamh ar bhia agus ar dheochanna ag baile a chobhsú. Léirigh figiúirí 2015 ó Bhliainiris Iomaíochais Dhomhanda an IMD Éire ag dul isteach sa 10ú háit go domhanda, feabhas suntasach 14 áit óna seasamh i 2011. Agus ionchas go mbeidh roinnt costas ionchuir méadaithe agus éileamh ar arduithe pá sna blianta atá romhainn, beidh ar an tionscal súil ghéar a choinneáil ar chostais iomaíochais i gcónaí. Beidh toradh ar shruthlíniú leanúnach ar n-acmhainn próiseála agus déantúsaíochta, ag tógáil ar obair na mblianta beaga seo, ó thaobh próifíle iomaíche fadtéarmaí na tíre.

CREAT STRAITÉISEACH

In Iúil 2015, d'fhoilsigh an Coiste Straitéise Agraibhia, á chomhordú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, **Food Wise 2025**, leasú straitéiseach ar an bhfás laistigh d'earnáil agraibhia na hÉireann do na deich mbliana atá romhainn. Ag cur le obair inmholta **Food Harvest 2020**, déanann **Food Wise 2025** tiomantas na hearnála chun fás uailmhianach agus inbhuanaithe a sheachadadh a athnuachan, agus leagann sprioc €19 billiún d'onnmhairí bia agus dí faoi 2025, agus 23,000 post nua cruthaithe san earnáil.

Is é téama 'Local Roots, Global Reach' a fhrithgheallann **Food Wise 2025**, a chuireann béim ar shuíomh uathúil earnála agraibhia na hÉireann ó thaobh a próifíle comhshaoil, tionchar pobail agus rochtain domhanda. Breithníonn **Food Wise 2025** an gaol idir fás agus inbhuanaitheacht, á rá go soláthraíonn se seo bonn thar a bheith fóna don tionscal ar ar féidir fairsingiú a dhéanamh. Ardaíonn **Food Wise 2025** freisin tábhacht taighde margaidh agus léargais tomhaltóra i mbaint amach a spriocanna uailmhianacha. Aithníonn sé go mbeidh cumas na hÉireann réitigh bia sofaisticiúla a sheachadadh a fhreastalóidh ar riachtanais grúpaí tomhaltóra ar leith, lánach dá rathúlacht fhoriomlán.

Agus **Food Wise 2025** á sheoladh, bhí Bord Bia i mbun oibre agus a chreat straitéiseach féin á leasú agus á athnuachan, próiseas a raibh Dífear an **Domhain a Dhéanamh, Ráiteas Straitéise 2016-2018** mar bhailchríoch air. D'aithin Bord Bia le fada go n-éilíonn a éifeachtacht chun cuidiú le cuideachtaí Éireannacha fíis shoiléir thart ar na prionsabail a threoraíonn a chuid oibre agus leagann an Ráiteas Straitéise amach cén chaoi leis na prionsabail seo a athnuachan agus ar an mbealach seo ról Bhord Bia i dtimpeallacht mhargaidh atá ag athrú, a uasmhéadú. Ag cur le ráiteas misin Bhord Bia, is é seo chun 'rathúlacht tráchtála ardchaighdeán thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a thiomáint i gcomhar leis an tionscal agus trí léargas ar an margadh,' leagann **Dífear an Domhain a Dhéanamh, Ráiteas Straitéise 2016-2018** amach sé sprioc don eagraíocht:

1. Cur go gníomhach le rathúlacht agus le forbairt thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann.
2. Cur le cáil bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann, bunaithe ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe, i measc tomhaltóirí agus ceannaitheoirí trádála in áit an mhargaidh.
3. Bheith ina fhoinsé údarásach léargais straitéisigh a nascann deiseanna margaidh leis an tionscal.
4. Cur chuige comhoibríoch leis na príomhghníomhaireachtaí bainteach le fónamh do bhia, deoch agus gairneoireacht na hÉireann, a threorú.
5. Freagairt go gníomhach do shaincheisteanna suntasacha margaidh a mbíonn éifeacht acu ar an tionscal.
6. Luach ar airgead le caiteachas a sheachadadh.

In éineacht le Food Wise 2025, tiomnaíonn an Ráiteas Straitéise nua Bord Bia chun cláir agus gníomhaíochtaí den luach is mó agus is féidir don tionscal a sheachadadh sna blianta amach romhainn. I gcomhar leis an tionscal déanfaidh sé iarracht freisin a chinntiú go gcuireann an chaoi ina fhreagraíonn cuideachtaí Éireannacha do dheiseanna atá ag teacht chun cinn, le cáil an tionscal ina iomlán.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

ORIGIN GREEN

Ó seoladh é i 2012, tá clár Origin Green tar éis teacht chun a bheith níos láraí do ghníomhartha oibríochtúla agus straitéiseacha Bhord Bia, suntasacht idirnáisiúnta á thabhairt do thionscal dí agus bia na hÉireann ó thaobh a thiomantais don inbhuanaitheacht agus d'fheabhsúcháin leanúnacha infhioraithe ina fheidhmíocht timpeallachta.

Tá formhór mór feirmeoirí mairteola agus déiríochta agus breis agus 85% d'onmháireoirí bia agus di i measc ball Origin Green, agus leanann sé air ag leathnú a scoipe, ag tabhairt aghaidh ar fhoinsí, astaíochtaí, úsáid fuinnimh, bainistiú dramhaíola agus uisce, bithéagsúlacht agus CSR. I 2015, léirigh lógó Origin Green i ngníomhaíochtaí cumarsáide agus margaíocht trádála ball fíoraithe, céim eile chun cinn ó thaobh a sheasamh a ghalbhanú i measc páirtithe leasmhara. Chuir roinnt tionscnamh nua tuilleadh béime ar Origin Green sa bplé faoi inbhuanaitheacht domhanda i rith na bliana lena n-áirítear óstáil Chomhdháil Inbhuanaitheachta Origin Green; agus seoladh Tuarascáil Inbhuanaitheachta Origin Green. Thug an chéad cheann ceannairí ó ar fud an domhain le chéile, agus d'éirigh go seoigh lena fócas ar smaointeoireacht ar thiomantas nua don ghníomh. Chuir an chéad Tuarascáil Inbhuanaitheachta Origin Green béim ar scála an dul chun cinn go dtí seo, agus tharraing aird ar chomhinfeistíocht an tionscail i dtodhchaí inbhuanaithe.

Léireofar áit lárnach Origin Green sa Ráiteas Straitéise nua i leathnú eile ar ghníomhaíochtaí inbhuanaitheachta, lena n-áirítear sláinte ithir, bainistiú cothaithe, bithéagsúlacht agus leas ainmhithe. Cuirfidh comhoibriú le gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí comhairlitheacha eile tuilleadh le heolas agus aistriú sonraí ag leibhéal na feirme, agus, ag leibhéal na próiseala, cuirfidh Bord Bia acmhainní méadaithe ar fáil chun cuidiú le baill fíoraithe a ngníomhartha inbhuanaitheachta a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chur in iúl.

CONCLÚID

I 2015, lean tionscal bia agus dí na hÉireann ar aghaidh ar thuras a d'fhág gur sháraigh sé na réamh-mheastacháin is dearfaí fiú a leagadh amach ag tús na deich mbliana. Cuireann foilsíú **Food Wise 2025** agus **Difear an Domhain a Dhéanamh**, an creat straitéiseach ar fáil dona thuilleadh fáis inbhuanaithe, á aithint go gcuireann comhcheangal de dhaonraí atá ag dul i méid, uirbiú agus teacht chun cinn bonn láidre meánaicmeacha i ngeilleagair atá i mbéal forbartha, bonn fónta ar fáil d'fhás dá leithéid.

Tá roinnt athruithe tábhachtacha i ndinimicí soláthair na hÉireann, mar deireadh a chur le córas Cuóta Baine an AE, bunúsach freisin do chosán iomlán an tionscail, agus tacaíonn rochtain fheabhsaithe ar mhargaí idirnáisiúnta nua le treocht fhoriomlán ina bhfuil bacainní fadseasmhacha ar leathnú á mbaint anuas go cinnte.

Ag leibhéal AE, leanann an tionscadal fadtréimhseach chun leasú a dhéanamh ar an gComhbheartas Talmhaíochta agus ar an gComhbheartas lascaigh i dtreo fócais ar sholáthar inbhuanaithe, agus tá ionchais níos láidre ann go dtabharfar Comhpháirtíocht Infheistíochta agus Trádála Trasatlantach chun críche, go háirithe i gcomhthéacs neamhchinnteachta eacnamaíche i ngeilleagair BRIC.

Is ceist mhór í a mhéid agus ar féidir leis an bhfás a chonacthas le blianta beaga anuas leanúint ar aghaidh i 2016. Agus thart ar 70% d'ár n-onnmhairí ag dul chuig margaí neamheuro, is é is dóigh go mbeidh luaineachtaí airgeadra i gceist go rialta. Níl aon toradh cinnte ar an reifreann ar bhallraíocht AE sa RA a bhfuil coinne mór leis, rud a chiallaíonn, déarfadh daoine, go gcruthaíonn sé neamhchinnteacht ar a laghad go dtí go socrófar é. Idir an dá linn leanann muinín tomhaltóra íseal i gcíos an Euro ag cruthú dúshlán sna margaí sin áit nach saincheist í baol airgeadra.

In aghaidh seo go léir tá réadúlacht fhadtéarmach tomhaltóirí atá saibhir agus géarchúiseach mórtimpeall an domhain atá ar lorg táirgí a thagann lena bhfócas ar shláinte agus ar fholláine, seachadta ag tionscal le fiorthiomantas fíoraithe don inbhuanaitheacht. Is féidir linn a rá go muiníneach go bhfuil an creat ag Éirinn, na hacmhainní agus an díongbháilteacht seachadadh air seo, agus tá Bord Bia ag súil lena ról a imirt trína chuid acmhainní a dhíriú ar na bealaí is fearr a fhreastalaíonn ar an bhfís seo sa mbaile agus thar lear.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Mar Chathaoirleach Bhord Bia, bhí sé d'onóir agam ionadaíocht a dhéanamh ar an eagraíocht agus tacú leis i mbliain a bhí gnóthach agus rathúil. Is gníomhaireacht beag go leor í Bord Bia ó thaobh acmhainní, ach bréagnaíonn a lorg carbóin agus a thionchar, sa bhaile agus thar lear, é seo. Maidir leis seo, rangaigh an pobal i gcoitinne Bord Bia, mar chuid de 'Thuarascáil Reprak' bhliantúil 2015 a dhéanann monatóireacht agus luacháil ar cháil an 100 branda corparáideach is infheicthe de chuid na hÉireann, sa chéad áit i measc cuideachtaí Éireannacha dúchasacha agus sa cheathrú háit tríd is tríd.

Ní bheadh aon rud den méid a dhéanaim mar Chathaoirleach, indéanta gan tacaíocht an Bhoird agus na chúig fhobhord. Tá a gcion thar ceann an tionscail seo ar fheabhas agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo go háirithe as a gcuid ama agus tiomantais i seachadadh an Ráiteas Straitéise nua. Mar a tharla blianta eile bhí athruithe pearsanra ann agus gabhaim buíochas leo siúd a d'imigh i 2015 as ucht a mórshheirbhíse; agus cuirim fáilte ó chroí rompu siúd a tháinig i bpáirt linn i rith na bliana.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Aire Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Simon Coveney, TD atá tar éis éirigh as agus don Aire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Tom Hayes, TD, atá tar éis éirigh as, as a ndearna siad don tionscal bia agus dí agus do Bhord Bia. Fáiltím roimh an deis oibriú leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus na Mara nuathofa, Michael Creed, TD, agus leis an Aire Bia, Foraoiseachta agus Gairneoireachta nuathofa, Andrew Doyle, TD. Glacaim buíochas ó chroí leis an Ard-Rúnaí, Aidan O'Driscoll, chomh maith leis an bhfoireann ar fad ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara as ucht spiorad na rannpháirtíochta agus sibh ag plé le Bord Bia agus as ucht an bpaisean a léiríonn sibh d'fhorbairt an tionscail seo. I ndoimhneacht a scóipe agus a uailmhian, is doiciméad cinniúnach é **Food Wise 2025** agus is teist é ar fhís an Choiste Straitéise Agraibhia. Molaim sibh agus déanaim comhghairdeas libh go léir a bhí bainteach lena sheoladh rathúil.

Tá Bord Bia an-bhuíoch freisin as ucht tacaíochta agus dlúth-chomhoibriú na Ranna Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, nár cheart a dtiomantas leanúnach do leathnú rochtain onnmhairí bia agus dí na hÉireann a ligean i ndearmad. Tá buíochas ó chroí ag dul freisin dá Shoilse, Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, ar patrún díograiseach de chuid Bloom é agus tacadóir deisbhéalach Origin Green, é paiseanta ina thacaíocht do thionscal bia a thugann cúiteamh cóir agus inbhuanaithe do chách.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár gcomheagraíochtaí, Fiontraíocht Éireann, Teagasc agus Bord lascaigh Mhara as ucht a gcomhpháirtíochta le Bord Bia i rith na bliana agus, ar ndóigh, an OPW, a raibh a dtacaíocht lárnach do chinntiú go raibh bliain rathúil eile ag Bloom. Gabhaim buíochas croíúil freisin le pearsanra Bhord Bia, sa mbaile agus thar lear, ar dheimhnigh a gcomhfheidhmíocht i 2015 gur eagraíocht den scoth a bhí ann ó thaobh gníomhartha agus aschuir. Tá an t-ádh liom oibriú go dlúth le Príomhfheidhmeannach de mhianach Aidan Cotter agus gabhaim buíochas leis as ucht a cheanaireachta, a chomhairle agus a thacaíochta i rith na bliana.

Fágann feidhmíocht thionscal bia agus dí na hÉireann i 2015 nach féidir aon amhras a bheith ann faoina uailmhianta domhanda agus a chumas seachadadh orthu sin. I 2016, tá Bord Bia ag súil lena ról chun na léargais, an t-eolas agus an tacaíocht a chur ar fáil don tionscal lena thuras chun cinn a éascú.

Michael Carey
Cathaoirleach

Eolas breis agus nuashonruithe ar ghníomhaíochtaí Bhord Bia ar fáil ó www.bordbia.ie nó trí sinn a leanúint ar líne ag www.facebook.com/bordbia nó ar [Twitter@bordbia](https://twitter.com/bordbia)

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

**6ú
BLIAIN AS A
CHÉILE D'FHÁS
ONNMHAIRÍ**

I mbliain ina raibh feidhmíochtaí láidre thug onnmhaiseoirí bia agus dí na hÉireann táirgí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann chuig tomhaltóirí thar raon suntasach margaí. Thug fás de 3% an tionscal go buaic stairiúil ó thaobh luachanna onnmhairí, le trádáil de €10.8 billiún a sheachaid an séú bliain fáis as a chéile d'ár dtionscadal.

**MÉADÚ 7% AR
ONNMHAIRÍ GO DTÍ
AN RA**

Mar a tharla go minic le blianta beaga anuas, baineadh feidhmíocht 2015 amach ainneoin roinnt dúshlán nach beag. Roinntear onnmhairí bia agus dí na hÉireann go traidisiúnta i dtí réigiún príomh-mhargai agus bhí a scéal sainiúil féin ag gach ceann acu i rith na bliana. Sheadaid ár margadh is mó agus is aibí, an RA, ceann de na feidhmíochtaí ba láidre le fás 7% a thug go dtí luach gan fasach de €4.4 billiún é; chuidigh ardú beagnach 20% ar luach trádála go Meiriceá Thuaidh mar aon le feidhmíochtaí láidre sa tSín agus sa Mheánoirthear titim ghéar de 70% in onnmhairí go dtí an Rúis agus dúshlán onnmhairí go dtí margaí na hAfraice ag dul i léig a mhaolú; agus bhí cúrsaí cobhsaí go maith laistigh de chrios an Euro, bíodh go raibh éagsúlachtaí ó mhargadh go margadh. Ar mhórfhigiúirí trádála na bliana áirítear ardú de 40% in onnmhairí go dtí na SA, arbh é an dara margadh onnmhair aonair is mó againn; ardú de 16% ar onnmhairí go dtí an tSín, á threorú ag fás ar bhia farraige, ar mhucóil agus ar dhéiríocht; agus fás de 14% in onnmhairí go dtí an tSáir, ceann de mhargai miondíola is iomaíche san Eoraip.

**MÉADÚ 40% AR
ONNMHAIRÍ GO
DTÍ NA SA**

**ONNMHAIRÍ
50% NÍOS MÓ
NA 2009**

Maidir le fás catagóire, chonacthas na feidhmíochtaí ba mhó i ndeochasna, mairteoil agu bia farraige. Ní raibh aon chomhartha go raibh aon mhaolú ar an teacht aniar idirnáisiúnta láidir in uisce beatha na hÉireann, agus is é a threoraigh méadú foriomlán de 10% in onnmhairí deochanna. Ainneoin titim de 4% ar mhéideanna in infhaighteacht mairteola, d'fhág ardú de 11%

gur bhain onnmhairí €2.41 billiún suntasach amach. Praghsanna méadaithe agus méideanna níos ísle i gcomhar a sheachaid fás de 4% in earnáil an bhia farraige ar fiú €560 milliún anois é. Bhí a mhalairt de scéal sa déiríocht áit ar chuidigh ardú ar thoirteanna bainne chun praghsanna níos ísle a fhritháireamh, a d'fhág onnmhairí déiríochta 4% níos airde ag €3.2 billiún. Bhí tionchar ag praghsanna níos laige ar luach onnmhairí mairteola a thit go €570 milliún, agus mhéadaigh onnmhairí caoireola go €230 milliún. Rinne feidhmíocht thar a bheith láidir sa RA i mbianna tomhaltóra ullmhaithe cúinsí margaidh idirnáisiúnta níos dúshlanaí a fhritháireamh. Tháinig méadú de 4% ar onnmhairí gránaigh agus gairneoireachta inite, á threorú ag éileamh leanúnach ón RA ar mhuisiriúin.

Más aschur níos mó seachas torthaí feabhsaithe ba chúis le feidhmíocht láidir 2014, rátaí malartaithe fabhracha ba chúis le cuid mhór den fhás i 2015, mar a ndearna an Cathaoirleach cur síos air ina ráiteas. Ina dhiaidh sin, léiríonn feidhmíocht onnmhairí atá 50% níos mó ná sé bliana ó shin, tionscal a bhfuil cumas cruthaithe aige freagairt go héifeachtach agus le scála chun leas a bhaint as deiseanna de réir mar a thagann siad chun cinn. Cé go bhfuil rochtain domhanda ag onnmhairí bia agus dí na hÉireann le fada, caithfear an chreidiúint don mhéadú 50% seo maidir le fás luacha le deireanaí a thabhairt don cheannaireacht reatha laistigh den tionscal.

Ag breathnú ar 2016, ní dóigh go gcoinneofar rátaí malartaithe fabhracha 2015, go háirithe agus an timpeallacht eacnamaíoch níos neamhchinnte a mba léir ag tús na bliana. Ina dhiaidh sin is fiú i gcónaí a rá arís, go bhfanann bundinimic an éilimh dhomhanda, faoi na méadrachtaí uile, láidir i gcónaí agus go bhfuil na hionchais fhoriomlána do bhonn soláthair na hÉireann an-dearfach.



ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

RÁITEAS STRAITÉISE

“DIFEAR AN DOMHAIN A DHÉANAMH”

Mar aon le fás láidir, bhí 2015 suntasach ó thaobh an leasaithe straitéisigh a bhí ar siúl laistigh den tionscal. Sheol **Food Wise 2025** obair an choiste 35 duine Straitéiseach Agribhia, faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus na Mara, isteach i straitéis dhinimiciúil 10 mbliana don tionscal. Agus éileamh domhanda do bhia ardchaighdeán ag fás i gcónaí, leagann **Food Wise 2025** amach sprioc ard-uailmhianach ach indéanta na hÉireann chun luach onnmhairí agraibhia a mheadú go €19 billiún as seo go ceann deich mbliana.

Tá Bord Bia tar éis a chion tairbhe féin don turas fáis seo a chur os comhair an phobail: tá **Difear an Domhain a Dhéanamh, Ráiteas Straitéise 2016-2018** ceaptha an soiléireacht is mó agus is féidir a chur ar fáil faoin gcaoi a chuideoidh an eagraíocht le cuideachtaí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann sna blianta atá le teacht, seachadadh clár agus seirbhísí a mheaitseálann tosaíochtaí an tionscail á chinntiú. Mar a thugann an t-ainm le fios, nascann **‘Difear an Domhain a Dhéanamh’** ár ngníomhartha sa mbaile lenár bhfeidhmíocht ar an stáitse domhanda. Cuireann sé roimhe suíomh bia agus dí na hÉireann mar thairiscint ardchaighdeán a fheabhsú, agus tacú leis an tionscal leis na hacmhainní chun a phróifíl uathúil agus a láidreacht a neartú.

Chuir Bord Bia roimhe i gcónaí seachadadh ar a thiomantais ar bhealaí ar féidir lenár bpáirtithe leasmhara breathnú orthu mar dhea-chleachtas, agus déanann **Difear an Domhain a Dhéanamh** athnuachan ar an gcinneadh sin. Táimid ag súil le bheith ag obair le tionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann thar ár gclár agus ár margaí go léir agus an straitéis nua ag dul i bhfeidhm.

Cuireann **Difear an Domhain a Dhéanamh** go nádúrtha le ráiteas straitéise Bhord Bia roimhe sin ar a bhfuil an t-athbhreithniú seo a leanas bunaithe.

Chuir an **Ráiteas Straitéise** roimhe seo creat structúrtha ar fáil do chúnamh Bhord Bia do chuideachtaí bia agus dí trí cheithre thosaíocht straitéiseacha a leagan amach a mbíonn gníomhaíochtaí uile Bhord Bia bainteach leo:

1. Cáil na hÉireann a Neartú
2. Iomaíochas a Fheabhsú
3. Onnmhairí a Neartú
4. Margadh Baile Beoga

Ina ngníomhaíochtaí go léir déanann Bord Bia iarracht an toradh do chuideachtaí bia agus dí na hÉireann agus don tionscal in iomlán a uasmhéadú. Mar eagraíocht atá maoinithe ag an Státchiste mar aon le maoiniú mór ón tionscal tá sé feasach go maith ar an ngá atá ann muinín an phobail agus an tionscail a bheith aici. Aithníonn Bord Bia go bhfuil méadrachtaí agus tréimhsí difriúla ann trínar féidir luach ar airgead a thomhas agus a luacháil. I rith an athbhreithnithe agus na Tuarascála Bliantúla seo, tá an toradh ar infheistíocht ó ghníomhaíochtaí Bhord Bia léirithe nuair is indéanta agus is cuí.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 1: CÁIL NA hÉIREANN A NEARTÚ

Cuireann cáil taca faoi rathúlacht tionscail ar bith agus cuireann Bord Bia béim, ina ghníomhaíochtaí go léir, ar dhintíúir sábháilteachta bia ardchaighdeán táirgeoirí bia agus dí na hÉireann. Tá cur chuige comhtháite agus iomlánaíoch ceaptha tacú le caidreamh agus staid sármhatha domhanda na hÉireann a choinneáil. Tá aistear thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann ó thús na ndéich mbliana seo iontach go maith, ach tá sé leochaileach i gcónaí do dhúshláin atá lasmuigh de rialú an tionscail. Is príomhspríoc straitéiseach de chuid Bord Bia tacú le rathúlacht agus le forbairt an tionscail seo atá dírithe ar cháilíocht, ag cur lena chuntas teiste ar an rathúlacht ar fud an domhain.

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Cuireann scéimeanna dearbhaithe cáilíochta Bhord Bia (QAS) dearbhuithe ar fáil do thomhaltóirí go dtí caighdeán chreidiúnaithe ISO thar raon bia-ábhar agus chuidigh le príomhearnálacha táirgthe an tionscail caidreamh seasmhach muiníne a bhaint amach le páirtithe leasmhara sa mbaile agus thar lear. É nasccha go dlúth anois le hobair Origin Green sna hearnálacha mairteola agus déiríochta, rinneadh roinnt den bhunobair i 2015 leis an gcaidreamh seo a leathnú tuilleadh go dtí na hearnálacha caoireola, muiceola, éalaithe clóis agus gráin. Tugann Bord Bia aird dhlúth ar bhraistint tomhaltóra ar QAS agus i nDeireadh Fómhair 2015 chinn suirbhé a reáchtáladh in Éirinn ag Red C, nuair a spreagadh iad, go bhfuil 93% de lucht siopadóireachta feasach ar Mharc Cáilíochta Bhord Bia, agus mheas 65% gurb é an lipéad is mó a chur ar a suaimhneas iad ó thaobh cáilíochta bia agus sábháilteachta bia.

FEASACHT 93% AR AN MARC CÁILÍOCHTA

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

ORIGIN GREEN

**485
CUIDEACHTA
CLÁRAITHE
AGUS 128 BALL
FÍORAITHE**

Is clár inbhuanaitheachta deonach é Origin Green faoina gheallann táirgeoirí bia agus dí na hÉireann go bhfeidhmeoidh siad ar bhealach inbhuanaithe fíoraithe. Faoi dheireadh 2015, bhí breis agus 485 déantúsóir bia agus dí na hÉireann tar éis a n-ainmneacha a chur síos, agus 128 cuideachta, a ionadaíonn do bhreis agus 85% d'onnhairí, ina mbaill iomlána fíoraithe. Ag leibhéal na feirme, bhí breis agus 45,000 feirm mhairteola, ar ionann iad agus 90% de tháirgeadh mairteola na hÉireann ina mbaill iomlána. I rith na bliana cuireadh tús i ndáiríre leis an gcéad timthriall de mheasúnuithe inbhuanaitheachta thar thart ar 18,000 feirm déiríochta, ar ionann iad agus an táirgeadh déiríochta iomlán sa tír nach mór. Faoi dheireadh na bliana bhí 7,517 iniúchadh faoin Scéim Dearbhaithe Déiríochta Inbhuanaithe tugtha chun críche.

In 2015, rinne Bord Bia iarracht freisin tuiscint agus nasc éisteachta le Origin Green a mhéadú trí roinnt gníomhartha agus tionscnamh. D'óstáil Bord Bia an chéad Fhóram Inbhuanaitheachta Domhanda i gcomhpháirtíocht leis an gCiste Domhanda Fiadhúlra agus Ardán SAI agus bhí sé ar siúl thar dhá lá ag an Ionad Comhdhála i mBaile Átha Cliath i Samhain. D'fháiltigh an t-imeacht roimh breis agus 360 toscaire lena n-áirítear gairmithe inbhuanaitheachta, déantúsóirí bia agus dí domhanda, miondioltóirí, NGOanna, rialtóirí agus ceannairí smaointeoireachta. Seoladh chéad Tuarascáil Inbhuanaitheachta Origin Green le linn an fhóraithe, é ceaptha scála an dul chun cinn atá bainte amach ó seoladh Origin Green in 2012, a léiriú.

EXPO MILAN

Bhí an téama uilíoch 'Feeding the Planet, Energy for Life' ag Expo Milano 2015 agus roghnaigh rialtas na hÉireann Origin Green mar phríomhfhócas do Phailliún na hÉireann. D'oibrigh Bord Bia in éineacht leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Turasóireacht Éireann i ndearadh, i dtógáil agus i bhfeidhmiú Phailliún na hÉireann a dhírigh ar sheachadadh eolais faoi Origin Green agus faoi Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tháinig deireadh le tréimhse sé mhí Expo 2015 i nDeireadh Fómhair agus áiríodh gur thug 2.5 milliún cuairteoir in iomlán cuairt ar Phailliún na hÉireann. Bronnadh bonn cré-umha foriomlán ar Phailliún na hÉireann ag Dámhachtainí Expo dá 'fhorbairt théama' do Phailliún faoi bhun 2,000 méadar. Measadh gurbh

fhiú €1 milliún luach meán an PR a fuair Bord Bia d'Origin Green trína rannpháirtíocht. Tharraing ócáidí speisialta i gclár na ngníomhaíochtaí, mar chuairteanna an Uachtaráin Higgins, an Taoisigh agus an Aire Coveney TD, mar aon le freastal ó Phríomhaire na hIodáile, Matteo Renzi agus Bono ó U2, aire forleathan ar rannpháirtíocht na hÉireann agus ar Phailliún Origin Green.

IMEACHTAÍ TRÁDÁLA AGUS TAISPEÁNTAIS

Cuireann Bord Bia lorg tábhachtach ar fáil do chuideachtaí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann ag príomhimeachtaí trádála agus taispeántais idirnáisiúnta. I rith 2015, áiríodh láithreachtaí chuimsitheach Éireannach ag 18 aonach trádála agus taispeántas idirnáisiúnta i bhféilire dian imeachtaí. Bhí seastáin le Origin Green Ireland agus bia agus deochanna na hÉireann á gcur chun cinn ag ANUGA débhliantúil i Kín, mar aon le taispeántas láidir Éireannach ag ISM Kín, Fruit Logistica, BioFach agus Prowein, iad ar fad sa Ghearmáin. Bhí láithreachtaí Éireannacha ag SIRHA, aonach trádála seirbhíse bia na Fraince; Vinexpo, Bordeaux; FIE i bPáras; PLMA, Amsterdam; Conxemar, Vigo, an Spáinn; Tuttofood, Milan, Gulfood Dubai; agus WSWA, imeacht tionscal dí na SA, agus bhí 19 cuideachta bia farraige Éireannacha rannpháirteach i Seafood Expo Global, an t-imeacht trádála bia farraige is mó ar domhan. Chuir SIAL na Síne, CIME in Qingdao, agus Seó Iascaigh na Síne deiseanna sármhaithe taispeántais ar fáil do chuideachtaí Éireannacha. Níos gaire do bhaile bhí 16 cuideachta rannpháirteach san Speciality & Fine Food Fair i Londain, agus threoraigh Bord Bia rannpháirtíocht na hÉireann don chéad uair i seó trádála cáise Mondial du Fromage sa Fhrainc.

CLUB MAIRTEOLA ÉIREANNACH NA CHEFANNA

Tugann Club Mairteola Éireannach na Chefanna cuid de phríomhchefanna na hEorpa le chéile chun mairteoil na hÉireann a mholadh i gcomhar. Seoladh Caibidlí nua sa tSualainn i Márta, rud a thugann líon iomlán na gCaibidlí go dtí ocht agus an bhallraíocht go ochtó is a trí. D'óstáil Bord Bia cruinniú de Chlub Mairteola Éireannach na Chefanna i mBerlin i rith Meán Fómhair, agus thaistil baill de Chlub Mairteola Éireannach na Chefanna na Fraince agus na Beilge go hÉirinn le príomhmhéain trádála agus tomhaltóra i Meitheamh. D'éirigh le Club Mairteola Éireannach na Chefanna cur le cáil mairteoil na hÉireann thar réimse níos leithne i measc irisoirí, miondioltóirí agus tomhaltóirí agus baill an chlub páirteach i gcuid mhaith dár bpromóisín mhargaidh.

**OS CIONN 360
TOSCAIRE I LÁTHAIR
AG FÓRAM
INBHUANAITHEACHTA
DOMHANDA**

**ORIGIN GREEN MAR
PHRÍOMHFHÓCAS
AG EXPO**

**18 AONACH
TRÁDÁLA AGUS
TAISPEÁNTAS
IDIRNÁISIÚNTA**

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 2: IOMAÍOCHAS A FHEABHSÚ

OIDEACHAS

**600
TIONSCADAL I
13 TÍR**

Tá clár oideachais ilshraitheach Bhord Bia ag mealladh glúin nua de thallann gnó isteach sa tionscal bia agus dí. Tugadh séú Comhaltacht Margaíochta Bhord Bia i gcomhar le UCD chun críche i Meitheamh 2015 agus go dtí seo tá 150 rannpháirtí tar éis an clár a chríochnú, breis agus 600 tionscadal forbartha gnó á seachadadh i 13 tír mórtimpeall an domhain. Cuireadh tús leis an earcaíocht do chlár 2015/16 in Eanáir agus earcú don dara Clár Ambasadóra Origin Green á dhéanamh in Aibreán. Cuireann an dara clár Origin Green agus dintiúir inbhuanaitheachta an tionscail bia Éireannaigh chun chinn i measc príomhchuideachtaí bia domhanda. Lean an Clár Céime Onnmhairí Bia, a reáchtáiltear i gcomhar le IBEC, mar aon le clár Fás Straitéiseach Thionscal an Bhia (Alumni) ag tairiscint deiseanna fáis agus foghlama do rannpháirtithe ag leibhéil shóisearacha agus shinsearacha tionscail faoi seach.

OIBREACHA BIA

**BHÍ 60% DE NA
RANNPÁIRTITHE
AG TRÁDÁIL**

Tá sé d'aidhm ag an gclár fiontraíochta bia Food Works cuidiú le gnólaigh óga bia agus dí a lánacmhainneacht a bhaint amach, scála suntasach a bhaint amach agus teacht chun a bheith ina mórghnólaigh idirnáisiúnta i margaí ar fud an domhain. Rollaigh Food Works, dírithe ar ghnólaigh nua-thionscanta ardpóitinsil a thrí chlár amach in Eanáir 2015 le 17 tionscadal tosaithe. In Iúil, roghnaíodh naoi gcinn acu seo le dul ar aghaidh chuig an t-infheisteoir dheiridh agus an chéim réidh-le-seoladh, lena n-áiríodh deiseanna rannpháirtíochta ceannaitheora le Musgraves agus Tesco. Tar éis chéim phíolótach rathúil 3 bliana, rinneadh athbhreithniú foirmiúil ar Food Works thar ceann Bord Bia, EI agus Teagasc. De na 60 rannpháirtí sa chlár go dtí seo tá 60% i mbun trádála agus 32% bainteach cheana féin leis an onnmhairiú. Chinn an t-athbhreithniú freisin go bhfuil meas mór ag rannpháirtithe agus saineolaithe tionscail ar Food Works.

GRADAIM BIA AGUS DÍ BHORD BIA

Aithníodh gnóthachtálacha cuideachtaí bia Éireannacha ag Dámhachtainí débhlantúla Bia agus dí Bhord Bia go deireanach i 2015. Aithníonn na dámhachtainí sármhaitheas thar ocht gcatagóir – Brandáil, Léargas Tomhaltóra, Margaíocht Dhigiteach, Fiontraíocht, Onnmhairiú, Rathúlacht sa mBaile agus Inbhuanaitheacht. Fuair Bord Bia breis agus 160 iontráil dámhachtaine, na dámhachtainí á mbreithniú ag painéal

neamhspleách. Bhain BÁCÚS Gallagher na dámhachtainí Fiontraíochta agus Onnmhairithe; Nobó a bhain an dámhachtain Nuálaíochta; Celtic Pure a bhain an Rathúlacht sa mBaile; bhain Supermilk Avonmore Glanbia an duais Bhrandála; bhain Club Orange Britvic Ireland an dámhachtain don Mhargaíocht Dhigiteach; agus bhain Glenisk an dámhachtain Léargas Tomhaltóra. Fuair dhá chuideachta dámhachtainí Inbhuanaitheachta: Comhábhair Glanbia agus Island Seafoods.

FÓRAM BRANDA

Tacaíonn Fóram Branda le déantúsóirí bia agus dí na hÉireann i neartú agus i gcoinneáil a gcothromas branda. I 2015, lean an Fóram ag cur deiseanna do líonrú agus do roinnt comhairle margaíochta na ndaoine is fearr sa rang ar fáil. Anuas ar na Dámhachtainí Tionscail Bia & Dí a óstáil, áiríodh ar bhuaiçphointí i rith na bliana sraith ceardlann a fhiosraigh deiseanna margaíochta digiteacha, sraith athbhreithnithe branda agus comhairle ar bhrandaí a neartú i dtimpeallacht féinlipéid.

LÉARGAS AGUS NUÁLAÍOCHT TOMHALTÓRA

Díríonn Bord Bia acmhainní nach beag ar léargas agus ar fhaisnéis mhargaidh a chur ar fáil, maraon le cúnamh le forbairt táirge nua (NPD), do chuideachtaí bia agus dí na hÉireann agus sruthanna margaí nua á lorg acu. Trína fhoireann Léargais agus Nuálaíocht Tomhaltóra agus a líonra fairsing méadaitheach oifige mórtimpeall an domhain, déanann Bord Bia iarracht faisnéis agus léargas margaidh ardchaighdeán a sheachadadh chuig cuideachtaí bia agus dí na hÉireann.

Cothaíonn foireann Nuálaíochta agus Léargais Bhord Bia nuálaíocht treoraithe ag an tomhaltóir trí thairiscintí éagsúla lena n-áirítear foresight4food, a dhíríonn ar léargas agus ar nuálaíocht tomhaltóra, agus Treochtaí Stilmhaireachtála Tomhaltóra, a bhreithníonn na deiseanna a thagann chun cinn agus tosaíochtaí tomhaltóra ag athrú.

I 2015, rinneadh an obair bhunaidh do sheoladh 2016 den *'The Thinking House'*, ionad nuálaíochta agus léargais ardchaighdeán a lonnófar lámh le hoifigí Bhord Bia i mBaile Átha Cliath. Beidh *'The Thinking House'* ina mhol nuálaíochta láraithe áit ar féidir le cuideachtaí bia agus dí na hÉireann rochtain saor in aisce a bheith acu ar thaighde domhanda ceannródaíochta, áit ar féidir le grúpaí fócais agus imeachtaí eile lánbhuntáiste a bhaint as acmhainní nuálaíochta agus taighde Bhord Bia. Léiríodh a sheoladh mórchéim chun cinn maidir leis an gcaoi a thacaíonn Bord Bia le nuálaíocht agus le straitéisí NPD a gcliantchuideachtaí sna bhlianta romhainn.

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

MOL BIA DIGITEACH

Ní féidir an iomarca béime a chur ar thionchar na teicneolaíochta digití agus seachadann Bord Bia i gcomhar le Google Ireland, tríd an Mol Bia Digiteach, sé mháistir-rang atá ceaptha na huirilí, teicnící agus cáilíochta a thabhairt do chuideachtaí chun scileanna digiteacha a fheabhsú laistigh dá ngnó, mar aon le múineadh do chuideachtaí conas a láithreacht branda a neartú ar líne.

TACAÍOCHTAÍ DO CHUIDEACHTAÍ NÍOS LÚ

Tá an Clár Cúnaimh Margaíochta (MAP) oscailte do tháirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann le láimhdeachas sa raon €100,000 go €3.5m, agus cuireann an Step Change Programme (SCP) deontais do suas le €50,000 ar fáil do ghníomhaíochtaí nó do thionscadail nua shuntasacha. I 2015, ceadáíodh €797,500 in iomlán do 180 cuideachta faoi MAP, agus ceadáíodh €320,000 d'ocht gcuideachta faoi SCP.

**TACAÍOCHT DO 188
CUIDEACHTA**

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 3: ONNMHAIRÍ A NEARTÚ

Cuireann áit an mhargaidh deiseanna agus dúshlán nua i láthair de shíor, cuid acu ar féidir a thuair, cuid eile, de réir a nádúir, nach féidir. Thug líonra domhanda Bhord Bia agus a thaithí ollmhór i mbainistiú caidreamh páirtithe leasmhara, chun cinn é ó thaobh deiseanna a sheoladh ar aghaidh chuig cuideachtaí dí agus bia na hÉireann, agus saincheisteanna leochaileacha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar thionscal a bhainistiú.

OIFIGÍ THAR LEAR

Tá líonra idirnáisiúnta oifigí Bhord Bia, 11 a líon in iomlán, réidh le leathnú amach tuilleadh in 2016 le hoscailt oifigí i Singapore agus Warsaw. Tá obair na n-oifigí seo i gcur chun cinn an tionscail agus i léargais mhargaidh luachmhara a chur ar ais fairsing agus leanúnach, rud a léiríonn tionscnaimh mar FoodAlert, nuachtlitir sheachtainiúil a sheolann léargais agus eolas chuig soláthraithe Éireannacha.

Áirítear ar shampla de na gníomhaíochtaí promóisin agus forbartha trádála a rinne oifigí thar lear in 2015: feachtas raidió náisiúnta do mhairteoil na hÉireann sa Bheilg ag tarraingt ar Lá Fhéile Pádraig; tástálacha díolphointe i bpríomhshlabhra ollmhargaidh sa Spáinn agus sa Phortaingéil sa tréimhse chéanna; comhpháirtíocht le Mórcheffanna na Breataine (GBC), branda préimhe a d'fheidhmigh thar roinnt ardán digiteach na meán; cuairteanna staidéir isteach chuig feirmeacha agus monarchana do shlabhra miondíola préimhe na Danmhairge;

cuairt ó Uachtarán na Gearmáine, Joachim Gauck ar fheirm Éireannach; cur i láthair ar an bpeirspictíocht Éireannach ar dheiseanna domhanda don AE ag Institut de L'élevage sa Fhrainc; scannánaíocht ar chlár de chuid Masterchef na hIodáile in Éirinn; agus urraíocht ar chlár de Masterchef na hÍsiltíre.

Is é an RA ár margadh is mó i gcónaí do mhairteoil na hÉireann. Coinníonn agus neartaíonn comhoibriú le ardán ar líne Mórcheffanna na Breataine agus leis an láithreán gréasáin nua Irishbeef.co.uk, cáil agus feachtas ar mhairteoil na hÉireann i measc tomhaltóirí na Breataine. Tháinig fás láidir ar onnmhairí mhairteoil na hÉireann go dtí an Ghearmáin le blianta beaga anuas, an t-éileamh is mó ar stéigeacha ardleibhéil agus gearrthacha cruinne. Is margadh préimhe rithábachtach do mhairteoil na hÉireann i agus díríonn promóisin Bhord Bia ar bhlas barmheasa mhairteoil na hÉireann agus ar ár gcóras táirgthe inbhuanaithe. Thug baill de Chlub Mhairteoil Éireannach na Cheffanna sa Ghearmáin tacaíocht freisin do Mhairteoil na hÉireann, é i gceist go forleathan ag imeachtaí, in ailt nuachtán agus i bpromóisin mhiondíola. Tá áit phréimhe á saothrú ag mairteoil na hÉireann i gcónaí le cuid de phríomh-mhiondíoltóirí na hIodáile. Cuireann promóisin Mhairteoil na hÉireann béim ar ghlaire agus ar cháilíocht nádúrtha mhairteoil na hÉireann. San earrach seo, d'éirigh le Bord Bia clúdach ar Mhairteoil na hÉireann ar an gclár cócaireachta Masterchef a fháil a raibh laoch rugbaí na hÉireann, John 'The Bull' Hayes páirteach ann. Cuireann promóisin san Ísiltír béim ar shláine táirgeadh mhairteoil na hÉireann, ag díriú ar an gcáilíocht ithe, ar inbhuanaitheacht, leas ainmhithe agus ár gcóras táirgthe féarbhuanaithe.

Léiríonn onnmhairí beo foinse tábhachtach iomaíochais agus asraon margaidh luachmhara do na catagóirí éagsúla stoic. Tacaíonn Bord Bia go gníomhach le forbairt trádála onnmhairí beo mhargaidh agus gníomhaíochtaí promóisin trí sholáthar eolais spriocdhírithe.

MARKETPLACE 2015

I Márta 2015, bhailigh thart ar 400 ceannaitheoir bia idirnáisiúnta, in éineacht le 150 as Éirinn, in Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath do Marketplace 2015 agus le linn 5,000 cruinniú réamhsceidealaithe cuireadh daoine in aithne agus cuireadh feabhas ar chaidreamh trádála le 185 cuideachta bia agus dí na hÉireann. Faoi Nollaig 2015, bhí Bord Bia tar éis luach na n-orduithe a cuireadh go díreach de thoradh Marketplace 2015 a ríomh ag €2m, agus coinne go mbeadh an figiúr fadtéarmach in iolraí de seo. Ar na ceannaitheoirí a fhreastal air áiríodh 106 ón Áis; 38 ón Meánoirthear; 24 ó Mheiriceá Thuaidh; agus 15 ón Afraic.

**5,000
CRUINNÍÚ
RÉAMH-
SCEIDEALAITHE**

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

MISIN CHUIG AN AFRAIC, AN TSÍN, AN EORAIP AGUS SAM

MISIN TRÁDÁLA AGUS CUAIRTEANNA STAIDÉAR MARGAIDH

Tharla roinnt misean trádála suntasacha i rith na bliana, dírithe ar dheiseanna margaidh nua agus atá ag teacht chun cinn. I bhFeabhra, rinne Bord Bia comhordú ar mhisean trádála, á threorú ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Simon Coveney TD, chun mairteoil na hÉireann a sheoladh sna SA. I mBealtaine, ghlac Bord Bia i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, páirt i Misean Trádála go dtí an Pholainn agus Poblacht na Seice, agus i Samhain, thug misean trádála chun na Síne, á threorú ag an Aire Simon Coveney TD, cuairt ar Beijing, Shanghai agus Qingdao. Threoraigh an tAire misean trádála 12 cuideachta freisin go dtí larthar na hAfraice i Samhain-Nollaig, a thug cuairt ar Lagos, sa Nigéir agus Accra, i nGána. Agus bhí tóir ar chuairteanna le staidéar a dhéanamh ar an margadh i measc cuideachtaí bia a dí agus iad dírithe ar fhorbairtí miondíola móra i gcathracha mar Amstardam, Londain, Páras agus Warsaw.

SEOLADH MHAIRTEOIL NA hÉIREANN SNA SA

Tar éis neamhláithreacht 17 bliana, cuireadh tús leis na chéad lastais tráchtála de mhairteoil na hÉireann chun na SA i 2015. Dhírigh straitéis suite Bhord Bia ar an teachtaireacht 'mairteoil Éireannach cothaithe go hinbhuanaithe ar fhéar'. Ghin an mhairteoil a bheith curtha ar bhíochlár ag phríomhchefeanna próifiliú agus tacaíocht, agus tugadh tacaíocht freisin d'fheachtas an cheannaitheora dírighe trí chlúdach in irisí trádála. Úsáideadh cúrsaí taistil iriseoirí ó na SA isteach agus feachtas digiteach a raibh seoladh www.irishbeefusa.com thar thréimhse an tseolta.

CLÁIR MHIONDÍOLA AGUS SEIRBHÍSE BIA

Tá cláir Mhiondiola agus Seirbhíse Bia Bhord Bia ceaptha cuidiú le cuideachtaí an saineolas a fhorbairt a theastaíonn chun deileáil go rathúil le margáil na RA agus na hÉireann. Tríd an gclár Acadamh Bia, oibríonn SuperValu agus Oifigí Fiontraíochta Áitiúla le chéile chun eolas margaióchta bia a chur ar fáil chun tacú le gnóachtaí bia na hÉireann agus iad a chothú chun a dtrádáil le SuperValu a mhéadú go hinbhuanaithe. Agus é ina cheathrú bliain anois, cuireann an Clár Taste Bud, comhpháirtíocht idir Tesco agus Bord Bia, na scileanna riachtanacha ar fáil do rannpháirtithe chun liostáil le Tesco a bhaint amach, a fhás agus a choinneáil. Ina theannta, leanann dhá chlár seirbhíse bia, Market Entry agus Market Development, orthu ag seachadadh torthaí rathúla dá rannpháirtithe.

FEACHTAS UAINEOLA

Sheol Bord Bia in éineacht lenár gcomhpháirtíochtaí sa bhFrainc (Interbev) agus sa RA (AHDB) promóisean uaineola cineálach AE thar sé mhargadh Eorpacha. Tá sé d'aidhm ag an bhfeachtas trí bliana seo, a bhfuil maoiniú 50% aige ón AE feachtas ar uaineoil i measc tomhaltóirí níos óige a neartú mar fheoil

laethúil mar aon le béim a chur ar thábhacht táirge uaineola Eorpach. Faoi théama an fheachtais "Lamb- Tasty, Easy, Fun" tá sraith gníomhaíochtaí margaióchta agus promóisin á cur i bhfeidhm ar fud na Beilge, na Danmhairge, na Fraince, na Gearmáine, na hÉireann agus na RA. Beidh infheistíocht iomlán de €7.7 milliún thar 2015 – 2017 ag an bhfeachtas uaineola cineálach AE seo.

Tá an feachtas lárnaithe ar na príomhtheachtairteachtaí go bhfuil uaineoil nua-aimseartha, áisiúil agus ilúsáideach, agus go ndéantar é a tháirgeadh go hinbhuanaithe ar fud na hEorpa. Seoladh an feachtas in Éirinn i Meitheamh 2015 ag an chef Éireannach Stuart O'Keeffe atá lonnaithe sna SA.

FEACHTAS MUISIRIÚIN

Is feachtas promóisin trí bliana €2.7 milliún é 'Just Add Mushrooms' go 2016 atá comhaoinithe 50:50 ag an AE agus ag táirgeoirí in Éirinn agus sa RA. É dírithe ar an aoisghrúpa 25 – 45 bliain d'aois, tá d'aidhm ag an bhfeachtas ceannach agus caitheamh muisiriúin a mhéadú.

CÁIS TÍ FEIRME

Is feachtas trí bliana, trí thír é Feachtas Margaióchta Cáise Tí Feirme a bhfuil Éire, an Ísiltír agus an Ghearmáin páirteach ann. Tá sé maoinithe le cúnamh ón Aontas Eorpach, ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara; CÁIS, Comhlachas Lucht Déanta Cáise Tí Feirme na hÉireann; agus an Chomhairle Náisiúnta Déiríochta. Léirigh aiseolas ó na páirtithe leasmhara go léir i 2015 go raibh sárdhul chun cinn déanta go dtí seo maidir le cuspóir an fheachtais agus b'shin feachtas ar cháis tí feirme a mhéadú i measc tomhaltóirí Éireannacha. Ar ghníomhaíochtaí an fheachtais áirítear tástálacha inmheánacha, Mí Dheireadh Fómhair na Cáise, cuairteanna ar fheirmeacha cáise, agus feachtais PR.

Chuir Cashel Blue agus an Little Milk Company lena gcáil idirnáisiúnta nuair a dámhadh boinn Super Gold agus Gold orthu faoi seach ag comórtas Cáise Idirnáisiúnta seó trádála cáise Mondial du Fromage in Tours, sa bhFrainc ón 7 go 9 Meitheamh.

CLÁR ASCENT

I 2015, nocht Bord Bia a Chlár Ascent, comhthionscnamh le PwC ceaptha chun tacaíochtaí diana agus fócasaithe a thabhairt do ghrúpa beag cuideachtaí agus iad ag dul isteach i gcéim fáis níos ionsaithí. Agus meascán de chóitseáil duine ar dhuine, athbhreithnithe ar chatagóirí agus ar ghnó straitéiseach, mar aon le hionchuir airgeadais agus tomhaltóra, d'fháiltigh Clár Ascent roimh 10 gcuideachta sa chéad iontógail, in earnálacha ina raibh comhábhair bia, bianna ullmhaithe, iasc agus báicéireacht san áireamh iontu. Tugadh an seisiún meantóireachta deiridh, le deich gcuideachta rannpháirtíochta i gclár 2015 chun críche i mí na Nollag le seisiún líonraithe tionscail á éascú ag an Ollamh Damien McLoughlin ó UCD.

FEACHTAS
€7.7M
THAR 3
BLIANA

CÁISEANNA
NA
hÉIREANN
A BHFUIL
GRADAIM
BUAITE ACU

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

SEIMINEÁR NA SÍNE

I Meitheamh, reáchtáil Bord Bia agus Ionad SME an AE (Beijing) seimineár leathlae dírithe ar na deiseanna do chuideachtaí bia agus dí SME na hÉireann i margadh na Síne. Ghlac thart ar 30 cuideachta páirt ann le comhairliúcháin duine ar dhuine le saineolaithe ar rochtain mhargaidh ó Ionad SME an AE tar éis an imeachta. Tá clár bliana á fhorbairt ag Bord Bia faoi láthair a chuideoidh le cuideachtaí deiseanna chun dul isteach i margadh na Síne a fhiosrú.

AN COMÓRTAS NÁISIÚNTA TREABHDÓIREACHTA

Ghlac Bord Bia páirt sa Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta a reáchtáladh i Ratheniska, Co Laoise i rith Meán Fómhair, le láthair taispeántais a leag béim ar shonraíochtaí margaidh. Chuir seomra comhairliúcháin ar chumas feirmeoirí freisin na Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta a phlé agus ainm a chur síos lena n-aghaidh agus cuireadh béim freisin ar luach an Treoraí Carbóin do Origin Green. Chuir taispeántais bheo i gcomhar leis an *Irish Farmers Journal* agus Cónaidhm Phóru Eallaigh na hÉireann béim ar théama beostoic inbhuanaithe.

CAOIRIGH 2015, BAILE ÁTHA AN RI

Mheall an t-imeacht náisiúnta caorach breis agus 12,000 cuairteoir. Léirigh Bord Bia mionsonraí d'fheachtais phromóisin don mhargadh baile agus do mhargaí onnmhairí mar aon le taispeántas feola a léirigh na sonraíochtaí margaidh is fearr. Pléadh sraith de thaispeántais búistéara agus cócaireachta ar ghearrthacha éagsúla a fhaightear ó chonablaigh idéalacha, róthroma agus tearc-chríochnaithe lena n-áirítear a n-oiriúnacht don bhúistéir áitiúil, do mhiondíol agus d'earnálacha seirbhíse bia.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 4: MARGADH BAILE BEOGA

Tá áit ar leith ag tionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann laistigh de shaol cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann. Comhoibríonn Bord Bia agus téann i bpáirt cuid mhór le gníomhaireachtaí stáit agus le comhlachtaí ábhartha eile, chun a chinntiú go bhfuil forbairt an tionscail comhordaithe agus soiléir agus go n-uasmhéadaíonn sé na hacmhainní agus an saineolas atá ar fáil.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN MHARGAIDH BAILE

Áiríodh ar ghníomhaíochtaí suntasacha an mhargaidh baile i 2015 feachtas margaidh uibheacha dírithe ar an gcaitheamh a mhéadú ag ócáidí lóin agus dinnéir i measc lucht siopadóireachta baineann ó aois 25-44 bliain; feachtas muiceola chun minicíocht

ceannach muiceola i measc lucht siopadóireachta baineann idir 45-65 a mhéadú; feachtas liamháis agus bagúin dírithe ar lucht siopadóireachta baineann 30-60 bliain d'aois; feachtas TV ina mhíniú Lochlann Ó Mearáin, cén fáth go bhfuil blas chomh maith ar uaineoil; agus feachtas éisc atá ceaptha feachtas a mhúscailt ar chholmóir agus ar fhaoitín mar roghanna atá éasca le n-ullmhú dírithe ar lucht siopadóireachta baineann idir 25-44. Rinne Bord Bia urraíocht ar Chlár Teilifíse RTÉ 'Home Chef' agus 'How to Cook Well le Rory O'Connell', dhá chlár a thug deiseanna an tuiscint ar an Marc Cáilíochta agus dílseacht dó a mhéadú.

BLOOM

Thug breis agus 96,000 duine dúshlán na haimsire doineanta ar uairibh chun freastal ar an naoú féile Bloom de chuid Bord Bia i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath thar dheireadh seachtaine saoire bainc an Mheithimh. Tá an t-imeacht chúig lá tar éis íompú ina thaispeántas gan sárú d'earnálacha ardchaighdeán bia agus gairneoireachta na hÉireann agus ba iad na gairdíní taispeántais lár ionad seó na bliana seo, agus bhí 64 táirgeoir i gceist sa Mhargadh Bia Ceirde, arbh é an chéad uair do 24 acu ag Bloom 2015. In iomlán, bronnadh 123 bonn agus duais Bloom do dhearthóirí gairdíní, plandlanna, ealaíontóirí blátha, taispeántóirí agus ealaíontóirí luibheolaíocha, agus díoladh breis agus 92,000 planda ag an imeacht. Chraol RTE 14 clár ó Bloom agus d'fhreastail breis agus 150 ceannaitheoir bia ar an mBricfeasta Gnó ag Bloom a raibh cruinnithe le cuideachta bia agus dí ceirde a bhí i mbun taispeána ina dhiaidh.

96,000
CUAIRTEOIR

GAIRNEOIREACHT TAITNEAMHACHTA

Bronnadh Dámhachtainí Cáilíochta Gairneoireachta Bhord Bia i mí Márta. Bronnadh a nduaiseanna ar 38 ionad garraíodóireachta agus 18 soláthraí seirbhíse tírdhreacha in iomlán ar an lá sin. Tar éis athbhreithnithe ar an gclár cáilíochta Ionad Garraíodóireachta i 2014 agus 2015, seolfar clár leasaithe Dámhachtainí Cáilíochta Ionad Garraíodóireachta go luath i 2016, le searmanas dámhachtainí sa dara leath den bhliain. Rinneadh athbhreithniú freisin ar an gClár Cáilíochta Tírdhreacha i 2015 freisin agus déanfar cinntí i 2016 faoina threocht todhcháil.

BOSCA NOLLAG BHORD BIA

Osclaíodh an chéad siopa Nollag de chuid Bord Bia, ar a tugadh Bosca Nollag Bhord Bia, mar chuid den Mhargadh Nollag 'I believe' sa bhfoirgneamh CHQ i mBaile Átha Cliath i Samhain. Thaispeáin an preabsiopa aschur breis agus 100 cuideachta Éireannacha le breis agus 500 táirge ar díol.

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

150,000
PÁISTE SCOILE
RANNPÁIRTEACH
I FOOD DUDES
BOOST

FOOD DUDES

Rith Clár Food Dudes ó 2007 go 2014, agus ghlac 3,100 scoil náisiúnta agus 475,000 páiste scoile páirt ann. Faoi dheireadh 2015 bhí 820 scoil in iomlán agus breis agus 150,000 páiste tar éis páirt a ghlacadh sa chlár leantach Food Dudes Boost a tugadh isteach i rith 2014.

FEACHTAS PRÁTAÍ

Tá díolacháin mhiondiola prátaí úra in Éirinn tar éis dul i léig de 25% i rith na ndéich mbliana atá caite agus seoladh feachtas margaíochta nua trí bliana comhaoinithe €1 milliún AE chun caitheamh prátaí i measc tomhaltóirí Éireannacha a threisiú i rith Meán Fómhair. Déanfaidh Bord Bia comhordú agus bainistiú ar an bhfeachtas atá ceaptha fáil réidh le miotais ramhráithe timpeall ar phrátaí, iad á gcur i láthair mar shaor ó shaill, blasta agus ilúsáideach.

CLÁR INSITIÚID CÁISE

Is tionscnamh trí shraith é an Institiúid Cáise a rolladh amach i 2015, ceaptha ag Bord Bia i gcomhar le Teagasc. Is clár micreafhiontair é Cheese Institute Start dírithe ar ghnólachtaí nua-thionscanta agus oibreoirí tionscail reatha araon; Is clár forbartha gnó agus táirgthe cáise tí feirme idirmheánach é Cheese Institute Fundamentals; agus díríonn Cheese Institute Advance ar chur le cumas oibríochtúil, léargas margaidh agus saineolas bainistíochta.

SEAFEST 2015

D'oibrigh Bord Bia i gcomhar le BIM ag Seafest 2015 i gCorcaigh i mí Iúil. D'eagraigh agus reáchtáil Bord Bia léiriú ar chócaireacht bia farraige agus ar cheannach éisc i rith lá oscailte don phobal ar fhreastail an Taoiseach agus an tAire Talmhaíochta araon air.

CUMARSÁIDÍ CORPARÁIDEACHA

Tacaíonn foireann Chumarsáidí Corparáideacha Bhord Bia le gníomhaíochtaí na heagraíochta trí chlúdach na meán idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnach agus ar líne a fháil do phríomhimeachtaí. Is tomhas caighdeánach an choibhéis luach fógraíochta (AVE), a léiríonn luach chlúdach eagarthóireachta i gcostais fógraíochta, ar rathúlacht tionscnamh cumarsáide agus PR, agus úsáidtear é chun aird a tharraingt ar an rath a bhí ar thionscnaimh Bhord Bia i rith na bliana:

- Ghin clúdach thart ar Bloom, Expo Milan, Marketplace 2015, gníomhaíochtaí PR thart ar fheachtais phromóisin, etc, AVE de bhreis ar €5 milliún.
- Tharraing seoladh Thuarascáil Origin Green ag an bhFóram Inbhuanaitheacha Domhanda aird na meán náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear The Financial Times. Bhí #GSF15 ar na ceithre scéal ar líne is mó a ndearnadh trácht orthu ar an lá a bhí i gceist in Éirinn. Shroich ábhar bunúsach ar líne 167,000 duine ar Facebook agus 27,000 i Twitter.
- Fuair comhpháirtíocht na meán do na Dámhachtainí Bia agus Dí leis an The Irish Times trí leathanach iomlán de chlúdach, agus tuairisciú leathan trádála agus náisiúnta tar éis an imeachta. Ba é #Dámhachtainí Bord Bia an treocht ab airde in Éirinn don imeacht.
- Díríodh go forleathan ar thaighde PERIscope sna meáin trádála chomh maith leis na nuachtáin náisiúnta. Úsáideadh an aip nua Periscope, uirlis shruthaithe físe beo, chun an mioncheistiú ar an taighde a chraoladh a raibh aird ag beagnach 300 duine air.
- Fuarthas clúdach ar na meáin trádála agus na nuachtáin náisiúnta don Seimineár Seirbhíse Bia, agus haischlib #Foodservice15 i measc na 10 treocht ab airde ar Twitter in Éirinn do thréimhse an imeachta.



ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

CONCLUÍD

I mbliain ina raibh feidhmíochtaí láidre thar na hearnálacha bia, dí agus gairneoireachta, leagadh spriocanna nua uailmhianacha amach, a d'fhág braistint againn gur réamhtheachtaí a bhí sa turas a thugamar le sé bliana anuas ar an turas iontach atá romhainn.

Leanfaidh ról Bhord Bia air in éascú fás cuideachtaí bia agus dí na hÉireann trína chlár agus a ghníomhaíochtaí ag forbairt de réir mar a thagann na deiseanna seo chun cinn.

Ba ghné eile de 2015 an téarnamh marthanach ar fud an gheilleagair agus, sa chomhthéacs seo, leagadh béim ar an ról a bheidh ag an tionscal agraibhia i dtacú le fostaíocht agus le folláine i ngeilleagar tuaithe na hÉireann i **Food Wise 2025**. Is ábhar spreagtha agus an-tairbheach é a bheith eolach gur féidir dul chun cinn laistigh den tionscal seo a thuiscint freisin i dtéarmaí athnuachana agus fáis do phobail ar fud na tíre.

Mar a rinne an Cathaoirleach romham ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Simon Coveney TD; leis an Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Tom Hayes, TD; agus leis an Ard-Rúnaí Aidan O'Driscoll, mar aon le gach duine a chur le **Food Wise 2025**.

Chuir Cathaoirleach Bhord Bia, Michael Carey, agus comhaltaí an Bhoird agus na gcúig fhobhoird creat eisceachtúil tacaíochta ar fáil do Bhord Bia i rith na bliana. Is sóchmainne luachmhar don eagraíocht a léargas agus a saineolas agus ba rí-léir é le linn forbairt an doiciméid straitéise nua **'Dífean an Domhain a Dhéanamh'**. Thar ceann Bhord Bia agus an tionscail in iomlán, glacaim buíochas dílis ó chroí leo.

Is onóir dom aitheantas a thabhairt do ghrúpa daoine laistigh de Bhord Bia a thugann sármhaitheas agus saineolas ardchaighdeán do gach ról a bhíonn acu. Tá mé ag súil le bheith ag obair libh go léir sa bhliain atá romhainn, fuinneamh ionam arís ó dhíograis agus ó mhisneach an tionscail thart timpeall orainn, agus athspreagadh ionainn ónár n-athdhíriú straitéiseach féin.

Tá tionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann ar an tionscal dúchasach is sine agus is idirnáisiúnta, mar a chuirtear i gcuimhne dúinn go minic. I 2015, ní raibh comharthaí aoise nó bogáis le haireachtáil air. Bhí an tiomantas d'iomáiochas, do cháilíocht agus do nuálaíocht i gcroílár a rathúlachta agus cé gur cinnte gur éascaigh timpeallacht thrádála chineálta an fás féadfaidh an tionscal breathnú ar a fheidhmíocht ó thús na ndéich mbliana seo mar fhianaise ar a dhearbhthiomantas agus a dhiongbháilteacht don fhás. Ag breathnú romhainn ar 2016, leanfaidh Bord Bia ag tabhairt tacaíochta don tionscal trí raon tionscnamh, cuid acu nua, cuid eile a n-aithnímid. Cuma cé na dúshláin nó na deiseanna a bheidh romhainn, beidh dáimh ag teachtaireacht Bhord Bia gurb í Éire foinse cuid de na bia-ábhair is ardchaighdeán agus is inbhuanaithe a táirgeadh ar domhan, le margaí timpeall an domhain.

Aidan Cotter

Príomhfheidhmeannach

ATHBHREITHNIÚ EARNÁLACH: FEOIL AGUS BEOSTOC



MAIRTEOIL

Airítear gur laghdaigh soláthairtí eallaigh in Éirinn de bhreis ar 5% i 2015 go dtí thart ar 1.56 milliún cloigeann. Ach rinne méadú de bhreis agus 2% i meánmheáchan conablaigh an tréchur níos ísle a fhritháireamh, rud a d'fhág táirgeadh glan ag 560,000 tonna, ar ionann é agus laghdú de 3% ar an mbliain roimhe. Agus gan aon athrú ar leibhéil tomhaltais baile, bhí méid na mairteola a bhí ar fáil don onnmhairiú ag beagán os cionn 500,000 tonna, thart ar 4% faoi bhun leibhéil 2014. Rinneadh an meath sin ar mhéideanna a fhritháireamh le hardú sa bhreis ar 11% ar mheánphraghsanna eallaigh. D'fhág sé seo gur léiríodh ardú 6% ar luach onnmhairí mairteola na hÉireann, a sheas ag €2.41 billiún.

ONNMHAIRÍ MAIRTEOLA (€m)

2014	€2,280 milliún
2015	€2,410 milliún
2015 v 2014	+6%
Táirgeadh	560,000 tonna
Onnmhairí	503,000 tonna
%Onnmhairí	90%

Margaí do mhairteoil na hÉireann

Tá an margadh miondíola ar fud na hEorpa á thiomáint i gcónaí ag cuardach luacha i measc tomhaltóirí agus iomaíocht ghéar ag mairteoil ó fhoinsí níos saoire próitéine mar mhúiceoil agus éanlaith chlóis. Is léir treochtaí mar a chéile ag leibhéal na seirbhíse bia. Is tosaíocht thábhachtach do roinnt mhaith tomhaltóirí i gcónaí é tionscnamh na feola agus tá miondíoltóirí feola ag díriú ar fhoinsí áitiúil chun muinín a neartú sa chatagóir.

Bhí méideanna mairteola na hÉireann a bhí beartaithe don RA gan athrú mórán i 2015 ag 272,000 tonna measta. Is ionann é seo agus beagán thar 54% d'onnmhairí iomlána. D'éascaigh caitheamh mairteola na RA beagán i 2015 agus bhí mairteoil allmhairithe pragháilte go hiomaíoch i gcónaí. I dtéarmaí luacha b'ionann onnmhairí agus beagnach €1.1 billiún.

Tar éis ardú suntasach i 2014, tháinig meath de 8% measta ar onnmhairí go dtí margaí AE eile go dtí 214,000 tonna, ar ionann é agus luach €1 billiún trádála. Taifeadadh onnmhairí níos ísle go dtí formhór na margaí, go háirithe an Fhrainc, an Iodáil agus Críoch Lochlann. Ach rinne trádáil seasta go dtí an Ghearmáin agus ardú ar onnmhairí go dtí an Bheilg é seo a fhritháireamh.

Rinneadh thart ar 17,000 tonna de mhairteoil na hÉireann a onnmhairiú go dtí margaí Idirnáisiúnta i 2015 ag luach €60 milliún. Ach ar an iomlán bhí onnmhairí siar de 6% ó thaobh méide, go príomha de bharr cosc onnmhairí leanúnach na Rúise

FEOIL AGUS BEOSTOC

ar tháirgí talmhaíochta a tugadh isteach siar i 2014. Forbairt ar fáiltíodh roimhe dár dtrádáil idirnáisiúnta ab ea rochtain mhargaidh do mhairteoil na hÉireann a chinntiú ar mhargadh na SA. Fuair líon méadaitheach de mhonarchana feola onnmhairithe cead soláthar do na Stáit Aontaithe agus faoi dheireadh 2015 bhí 2,000 tonna mairteola in iomlán onnmhairithe. Ar an gcaoi chéanna bhí teacht aniar i lastais go dtí margaí na hÁise, ar nós na nOileán Filipíneacha, de réir mar a chuaigh an bhliain chun cinn agus taifeadadh arduithe don bhliain ina iomlán.

Tá an timpeallacht mhargaidh do mhairteoil na hÉireann dúshlánach i gcónaí. Leanann ár seasamh margaidh coibhneasta ag dul chun cinn agus mairteoil na hÉireann ar na seilfeanna ag breis agus 100 miondíoltóir agus soláthraí seirbhíse bia i mbreis agus dhá mhargadh déag. D'fhág tairiscint difreálte mhairteoil na hÉireann go raibh sé ar ár gcumas caidreamh custaiméara a neartú le raon leathan miondíoltóirí agus bialanna préimhe sa RA, ar Mhór-roinn na hEorpa agus, níos mó na riamh, i margaí nideoige idirnáisiúnta. Chuidigh suíomh mhairteoil na hÉireann mar tháirge cáilíochta préimhe, a d'eascair as, é difreálte ar bhonn ár gcóras feirmeoireachta inbhuanaithe agus traidisiúnta, féarbhunaithe, chun cáil a bhunú ag ceann uachtair an mhargaidh.

CAOIREOIL

Ba bhliain rathúil eile é 2015 d'onnmhairí caoireola na hÉireann de réir mar a d'ardaigh luachanna de 5% go €230 milliún. Onnmhairíodh thart ar 47,000 tonna caoireola, ardú 3% ar an mbliain roimhe, go breis agus 24 margadh aonair ar fud an domhain i 2015. Threisigh lagú an euro in aghaidh steirling iomaíochas coibhneasta uaineoil na hÉireann i bpríomh-mhargáí onnmhairithe.

D'fhág ardú de 6% ar líon na n-uan earraigh, a rinne fritháireamh agus níos mó ar sholáthairtí ganna uascán go luath sa séasúr agus onnmhairí laghdaithe uan ó Thuaisceart Éireann gur fhan diúscairtí caoireola iomlána cobhsaí ag 2.5 milliún cloigeann. D'fheidhmigh luachanna caorach na hÉireann go maith go seasta i rith 2015 ainneoin margaidh dúshlánaigh áit a raibh díolacháin mhiondíola i roinnt dá bpríomh-mhargáí onnmhairithe maolaithe. Ag €4.83/kg, tá meánphraghsanna caorach don bhliain go dtí seo thart ar 9c/kg chun cinn ar an mbliain seo caite, agus 3% níos airde ná an meán 5 bliana. Baineadh amach cuid shuntasach den ghnóthachan seo ar phraghas le linn séasúr na n-uascán nuair a sroicheadh meánphraghsanna €5.26/kg, ardú 35c/kg ar an mbliain roimhe.

Onnmhairí:

Leanann tionscail caoireola na hÉireann air ag leathnú a phunainne táirge trí aistriú ó thrádáil i gconablaigh i dtreo táirgí níos breisluacha/príomhúla a fhorbairt. Ag an am céanna chuir deiseanna atá ag teacht chun cinn sna margaí ardluacha ar fud Mór-roinn na hEorpa ar chumas an tionscail a tháirge agus a

mheascán margaidh a uasmhéadú agus margaí préimhe a lorg.

Is iad an RA agus an Fhrainc ár bpríomh-mhargáí onnmhairí i gcónaí ar ionann iad agus thart ar 63% de mhéid ár n-onnmhairí. Chuaigh onnmhairí chun na Fraince i léig de 12% go dtí díreach os cionn 16,000 tonna agus chuidigh ráta malartaithe fabhrach le lastais chun na RA agus léirigh siad ardú géar chun beagnach 13,000 tonna a bhaint amach.

Is margaí ardluachais iad an Bheilg, an Ghearmáin, an tSualainn agus an Eilbhéis áit a sháraíonn luach fás méideanna i gcónaí. Sa Bheilg, léirigh lastais d'uaineoil na hÉireann méadú dédhigiteach 3,600 tonna agus cuireadh luach €25milliún orthu agus sa tSualainn mhéadaigh onnmhairí de 8% chun 4,000 tonna a bhaint amach. Cuireann Éire beagnach 30% d'allmhairí caoireola na Sualainne ar fáil agus is é agus an Nua Shéalainn an príomhsholáthraí allmhairí.

Promóisin:

Mar fhreagra ar imní méadaitheach faoi thitim ar tháirgeadh agus ar chaitheamh caoireola ar fud an AE, sheol Bord Bia, AHDB (RA) agus Interbev (an Fhrainc) feachtas trí bliana chun uaineoil a chur chun cinn. Tá an feachtas "Lamb - tasty, easy, fun" ag diriú ar thomhaltóirí laistigh den aoisghrúpa 25-45 agus tá sé mar sprioc aige béim a chur ar thábhacht táirgeadh uaineola na hÉireann agus a ilúsáideacht mar bhéile laethúil. Tá an feachtas uaineola panEorpach seo (2015 - 2017) a fhaigheann infheistíocht bhliantúil €1.6 milliún ó Bhord Bia, Interbev, AHDB agus an AE ag diriú ar ghníomhaíochtaí promóisin agus margaíochta ar fud na hÉireann, na Beilge, na Danmhairge, Shasana, na Fraince agus na Gearmáine.

ONNMHAIRÍ MUICEOLA NA hÉIREANN

Airítear gur thit allmhairí muiceola na hÉireann de 10% i 2015 go dtí thart ar 97,000 tonna. Nuair a cheanglaítear é le táirgeadh baile níos airde agus caitheamh beagán níos ísle, d'ardaigh méid na muiceola a bhí ar fáil le haghaidh onnmhairithe de 6% go beagán thar 220,000 tonna. Ach d'fhág titim 10% ar mheánphraghsanna muiceola go raibh luach onnmhairí muiceola na hÉireann 4% níos ísle i 2015 ag €535 milliún. Mhaolaigh rátaí malartaithe fabhracha tionchar praghsanna níos ísle i dtrádáil leis an RA áit a raibh titim bheag ar luach iomlán onnmhairí, ag €325 milliún measta ar mhéideanna a mhéadaigh de 4% go 89,000 tonna.

Bhí ardú eile ar onnmhairí go dtí margaí Mhór-Roinn na hEorpa i 2015 á dtiomáint go príomha ag lastais láidre go dtí an Ghearmáin, an tSualainn, an Iodáil agus an Fhrainc. Ach rinneadh é seo a fhritháireamh roinnt ag trádáil laghdaithe go dtí an Danmhairg agus an Bheilg. Don bhliain, shroich onnmhairí go dtí an Mór-roinn breis agus 55,000 tonna le luach trádála ag titim de 8% go dtí beagnach €90 milliún.

FEOIL AGUS BEOSTOC

D'fheidhmigh onnmhairí mhuiceoil na hÉireann go dtí margaí idirnáisiúnta go láidir ainneoin asláithreachta na trádála go dtí margadh na Rúise. Is í an tSín an dara margadh is tábhachtaí do mhuiceoil na hÉireann i gcónaí agus beagnach 40,000 tonna i gceist a léiríonn an méadú leanúnach ar éileamh baile.

De thoradh margadh na Rúise a bheith dúnta le fírinne d'onnmhairí na hÉireann ó Eanáir 2014, tá an táirge a bheadh ag dul de ghnáth chuig an margadh sin ag dul go dtí ionaid éagsúla mar Vítneam. Ar an gcaoi chéanna rinneadh éileamh níos moille ón tSeapáin a fhritháireamh ag gníomhaíocht mhéadaithe onnmhairí go dtí an Astráil. Don bhliain iomlán meastar gur tháinig fás 1% ar onnmhairí mhuiceoil na hÉireann go margaí idirnáisiúnta go 78,000 tonna, le luach measta de €120 milliún.

ÉANLAITH CHLÓIS

Chuidigh éileamh tomhaltóra cobhsaí mar aon le éascú breise i bpraghsanna beathaithe, leis an earnáil éanlaith chlóis i 2015. Airítear gur mhéadaigh táirgeadh éanlaith chlóis ar fud an AE de 3% i 2015 agus an chuid is mó den méadú seo le feiceáil in aschur turcaí agus sicín gríse. Rinneadh lastais laghdaithe ón mBrasáil a fhritháireamh le ardú ar allmhairí ón Téalainn a d'fhág allmhairí isteach san AE beagán níos airde. Bhí onnmhairí AE beagán níos ísle de thoradh trádála laghdaithe go dtí an Áis. D'éascaigh praghsanna sicíní gríse ar fud na hEorpa beagán, ag titim de thart ar 1% go €1.84/kg.

Do 2015, mhéadaigh líon na n-éanlaith chlóis a próiseáladh in Éirinn de bhreis ar 5% ar an mbliain roimhe go 80.3 milliún cloigeann. Mhéadaigh díolacháin mhiondíola d'éanlaith chlóis úra agus fuairíthe de 5% go 44,000 tonna i rith 2015 i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Cuirtear an chuid is mó den mhéadú seo síos do thomhaltóirí a cheannaíonn níos mó táirgí éanlaith chlóis in aghaidh an turais, é sin agus díriú ar an gcatagóir seo níos rialta. D'fhan onnmhairí éanlaith chlóis na hÉireann réasúnta cobhsaí agus meastar gur sheas siad ag 124,000 tonna do bhliain iomlán 2015.

Onnmhairí Éanlaith Clóis

Don bhliain meastar gur mhéadaigh luach onnmhairí éanlaith chlóis na hÉireann de 3% go €320 milliún, cúnamh acu ó onnmhairí próiseáilte níos láidre d'éanlaith chlóis agus scairteach. Airítear gur mhéadaigh onnmhairí na hÉireann de 3% go 109,000 tonna don bhliain iomlán 2015. D'ardaigh luach trádála go dtí an Ríocht Aontaithe de 4% i 2015, á thiomáint ag lastais mhéadaithe éanlaith chlóis próiseáilte, scairteach éanlaith chlóis agus éanlaith chlóis reoite. Don bhliain cuireadh luach de €265m measta nó thart ar 83% den iomlán ar onnmhairí na hÉireann agus cuid ard de na hollmhairí seo á gcur ar mhalairt treo go margaí idirnáisiúnta trí ghníomhairí.

Mhoilligh onnmhairí go margaí Eorpacha eile i rith na bliana á thiomáint ag onnmhairí laghdaithe go dtí an Fhrainc agus an Ísiltír. Cuireadh luach €35 milliún ar thrádáil. I gcodarsnacht leis seo mhéadaigh lastais chuig margaí idirnáisiúnta faoi dhó i 2015 go €20 milliún agus an chuid is mó de na táirgí ceaptha don Afraic agus oscailtí eile i Vítneam, cé gur ó bhonn cuid mhór níos ísle é. Tá céadchodán ard den táirge próiseáilte agus conablaigh atá ag dul chuig an RA agus chuig an chuid eile den Eoraip beartaithe freisin do mhargaí idirnáisiúnta.

BEOSTOC

DI rith 2015, tháinig meath ar onnmhairí eallaigh beo de 25% nó 59,000 cloigeann go beagán de bhreis ar 178,000 cloigeann i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Thairfeadh gach catagóir aoise stoic níos lú onnmhairí i gcomparáid le blianta beaga anuas, de thoradh i bpáirt ar an méadú ar na praghsanna a íodadh in Éirinn ar eallaigh stóir, laonna coiscthe agus laonna. Cé go raibh onnmhairí laonna 16% níos ísle, mhéadaigh leibhéil trádála go dtí an Ísiltír agus an Fhrainc, agus éileamh maith ar laonna fireann Freaslannacha do tháirge laofheola. Ar an taobh eile laghdaíodh onnmhairí laonna go dtí an Bheilg cuid mhór.

Idir an dá linn tháinig meath suntasach ar líon na laonna coiscthe (in aois a 3 go 12 mí) agus eallach stóir (in aois a 12 go 21 mí) a onnmhairíodh beo, de 43% i gcomparáid le leibhéil 2014. Léiríonn an ghníomhaíocht onnmhairithe níos ísle éileamh laghdaithe ó cheannaitheoirí lota beathaithe san Iodáil agus sa Spáinn, mar aon leis an drochstaoid pholaitiúil i dTuaisceart na hAfraice. Tháinig titim ghéar ar lastais go dtí an Libia, tar éis onnmhairí de 18,000 cloigeann ansin an bhliain roimhe sin.

Thit líon na n-eallach lánfhásta (in aois >21 mí) a onnmhairíodh ó Éirinn de 18%, go 48,735 cloigeann. Ba eallaigh críochnaithe a bhformhór díobh seo a cuireadh lena marú i monarchana feola Thuaisceart Éireann, agus go deimhin mhéadaigh onnmhairí go dtí an Tuaisceart beagán i 2015 go 55,000 cloigeann. Ach bhí meath suntasach ar onnmhairí eallach pórúcháin, toisc go raibh tionchar ag an margadh déiríochta lagbhíoch ar an éileamh ar bhudóga ionlao. Dá bharr thit onnmhairí isteach sa Bhreatain de 49% go dtí beagán sa bhreis ar 9,000 cloigeann.



ATHBHREITHNIÚ EARNÁLACH BIA AGUS DEOCHANNA



TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA & COMHABHAIR

Is catagóir leathan é an catagóir déiríochta a chuimsíonn táirgí déiríochta príomhúla, mar im, cáis agus púdair bhainne agus táirgí déiríochta agus comhábhair bheirsluacha mar bhainne foirmle do naíonáin, cáisín agus grabhróga seacláide.

Chuir cúinsí margaidh déiríochta domhanda tús leis an mbliain le titim i bpragsanna táirgí a ghéaraigh ar a luas i rith tréimhsí an earraigh agus an tsamhraidh. D'fhág fás láidir ar tháirgeadh bainne i roinnt de na príomhréigiúin onnmhairithe, nasctha le moilliú ar éileamh allmhairí na Síne agus srianta na Rúise, brú anuas sa mhargadh domhanda do chuid mhór den bhliain.

Le deireadh na gcuótaí bainne in Aibreán, ardú 6% sa tread póraithe déiríochta agus cúinsí sármhaidh fáis féarach, bhí ardú de bhreis ar 11% ar sholáthairtí bainne na hÉireann don bhliain.

Is príomh-mhargadh d'onnmhairí déiríochta na hÉireann i gcónaí é an RA ar ionann é agus beagnach aon trian den iomlán. Taifeadh meath de 4% ar luach onnmhairí i 2015 ag €960 milliún measta. Rinneadh meath in onnmhairí cáise, SMP agus WMP a fhritháireamh roinnt trí mhéadú ar onnmhairí ime agus púdair déiríochta cothaithe speisialaithe. Chuidigh ráta malartaithe fabhrach euro/stirling le luach na trádála.

Léirigh onnmhairí go dtí margaí AE eile ardú de bheagnach 8% le thart ar €920 milliún a bhaint amach ar ionann é agus 28%

de thrádáil iomlán. Taifeadh fás i gcónaí ar onnmhairí go dtí an Ísiltír, an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Iodáil. Threoraigh púdair déiríochta cothaithe speisialaithe an slí maidir le fás le méideanna cuid mhór níos mó.

D'fhás luach onnmhairí go dtí margaí Idirnáisiúnta de 9% measta chun €1.36 billiún a bhaint amach, ar ionann é agus 42% d'onnmhairí iomlána. Bhí an Áis ag ceann an tslua le fás 13% ar ionann é agus breis agus 18% d'onnmhairí déiríochta iomlána. Taifeadh trádáil níos airde freisin go dtí an Meánoirthear, an Afraic agus Meiriceá Thuaidh.

Ba iad púdair déiríochta cothaithe speisialaithe agus im na catagóirí ba láidir feidhmíochta agus thaifead leatháin, meadhg, grabhógra seacláide agus iógart fás, cé gur ó bhonn níos lú é.

BIANNA TOMHALTÓRA ULLMHAITHE

Is catagóir táirge nua é Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe a bhí san áireamh i Food Wise 2025 a chuimsigh onnmhairí breisluacha ó gach earnáil bia agus dí. Tháinig fás láidir de 7% ar onnmhairí i 2015 go €2.5 billiún agus an fás á threorú ag báicéireacht, milseogra seacláide, feolta agus bia farraige breisluacha. Laistigh den chatagóir seo is ionann an RA agus thart ar 70% d'onnmhairí áit a raibh an trádáil 11% níos airde ag €1.75 billiún. Bhí onnmhairí go dtí margaí AE eile 9% níos airde ag €20 milliún agus tháinig meath de bhreis agus 10% ar thrádáil go margaí Idirnáisiúnta.

BIA AGUS DEOCHANNA

Báicéireacht

I rith na bliana lean báicéireacht de bheith ar cheann de na catagóirí onnmhairithe laistigh de bhianna ullmhaithe is láidre feidhmíochta, le méadú 30% ar onnmhairí taifeadta agus feidhmíocht thar a bheith maith ó aráin. Leanann an deighleog saor ó ghlútan ag fás agus tá líon méadaitheach soláthraithe ag dul isteach sa mhargadh seo agus ag díriú ar dheiseanna onnmhairithe.

Is é an RA an margadh onnmhairí is tábhachtaí i gcónaí d'earraí bácáilte, agus leanann díolacháin idirnáisiúnta ag fás, cé gur ag luas níos measartha é. Tá treoshuíomh fáis ag soláthraithe agus bíonn siad gníomhach ag cuardach deiseanna nua i margaí nua agus tá méideanna méadaitheacha táirgí á soláthar do raon margaí san Eoraip agus níos faide ar shiúl sa Mheánoirthear, i Meiriceá Thuaidh agus san Astráil.

Tugadh faoi thaighde nua sa chatagóir cácaí agus cistí i rith 2015 a d'aithin roinnt príomhthreochtaí a bhfuil suim an tomhaltóra sa chatagóir cácaí pacáistithe á dtiomáint acu, lena n-áirítear: Greann i mBia, Ionchais níos Airde, Scéalaíocht, Traidisiúin Nua, Pearsanú, Braistint Eachtraíochta agus Good on the Go. Chinn an taighde go bhfuil deiseanna suntasacha laistigh den chatagóir a fhreagraíonn do threochtaí tomhaltóra nua mar "on the go" agus "no compromise" trí fhormáidí nua a fhorbairt agus nuálaíocht i bpacáistíú. D'aithin an taighde freisin riachtanas ar leith do roghanna níos sómasaí don ócáid speisialta laethúil.

Reoite

Ainneoin roinnt blianta d'fhás domhanda leamh bhí feidhmíocht dhearfach ag earnáil reoite na hÉireann i rith 2015 á dtiomáint ag fás nua go dtí margaí mar an UAE agus roinnt margaí Eorpacha. Feidhmíonn an chatagóir bia reoite i margadh ardiomaíoch le líon beag imreoirí móra agus mar sin bíonn an claonadh ag rathúlacht i margaí nua teacht ó tháirgí nua nuálaíocha. Is é gnó miondíola na lipéad príobháideacha atá in uachtar sa chatagóir reoite agus is é an RA i gcónaí an margadh príomhúil do dhéantúsóirí Éireannacha.

Grósaeireacht

D'fheidhmigh an earnáil ghrósaeireachta go maith i 2015 le fás de luach measartha 4% agus défhócas ar mhargaí onnmhairí agus baile. Cé gur ionann an RA agus 40% d'onnmhairí agus go raibh an ráta fáis is airde ann i 2015, tá margaí atá ag teacht chun cinn san UAE, san Astráil, sa Chóiré Theas agus i SAM ag cur deiseanna nua ar fáil freisin do dhéantúsóirí Éireannacha. Is é NPD na príomhthiománaithe fáis i gcónaí agus leanann athróa nua, go háirithe iad siúd le fócas ar shláinte agus ar fholláine agus roghanna 'saor ó' ag tairiscint poitéinsil do dheiseanna gnó nua. Méadaigh luach leathán milse de 5%. Tháinig meath ar luach onnmhairí anraithí, anlann agus úisc le fás measartha méide de 1% mar gheall ar luaineachtaí airgeadra agus brú breise ar phraghsanna agus ar chorrílaigh.

Milseogra

Tháinig fás de bhreis ar 18% ar onnmhairí seacláide ó Éirinn anuraidh á dtiomáint ag fás go dtí margaí nua san Áis, san Astráil agus sa Mheánoirthear agus ag onnmhairí seacláide préimhe. Bhí barraí seacláid bhainne agus boscaí agus barraí seacláid phréimhe san áireamh in onnmhairí.

Tháinig fás de 28% ar onnmhairí milseogra siúcra de bharr gnó méadaithe go margaí mar an RA agus an Ísiltír.

DEOCHANNA

Chruthaigh éileamh leanúnach ar dheochanna alcólacha préimhe, go háirithe fuisce a raibh fás dédhigit aige chun €10m a bhaint amach, tuilleadh fáis ar leith d'onnmhairí san earnáil deochanna i rith 2015. Bhain onnmhairí iomlána méadú de 10% amach ag €1.26 billiún. Rinneadh moilliú ar mhéideanna sa RA a fhritháireamh trí rátaí malartaithe fabhracha, a d'fhág gur fhan luach seasta ag €365 milliún agus léirigh margaí AE eile méadú beag le €250 milliún a bhaint amach. Chuir fuisce, beoir, uisce buidéalaithe agus súanna leis an méadú seo.

Ba iad margaí tríú tíre na réimsí geografacha fáis ba láidre do chatagóir na ndeochanna. Ba mar seo a bhí go háirithe do SAM áit ar bhain onnmhairí fuisce fás dédhigiteach amach arís. Tuairiscíodh trádáil mhéadaithe freisin go dtí an Afraic, an Áis agus an Meánoirthear. Léirigh margaí san Áis agus na hAigéine fás iontach, cé gur ó bhonn beag é. Chuir onnmhairí beorach méadaithe leis an trádáil do roinnt príomh-mhargáí cé gur bliain dúshlánach a bhí ann do Cheirtlis na hÉireann de bharr margadh RA a bhí an-íomaíoch.

BIA FARRAIGE

Thaifead onnmhairí bia farraige tuilleadh fáis i 2015, ag ardú de 4% measta go dtí €560 milliún. Thit méideanna iomlána de thart ar 5% ar an tréimhse chéanna i 2014. Ach d'ardaigh luachanna onnmhairí de 12% a rinne fritháireamh agus níos mó ar an titim ó thaobh méide agus tiomáineadh an méadú ar luachanna ag láidreacht leanúnach éilimh i bhformhór na bpríomh-mhargáí.

Leanann príomh-mhargáí an AE, is iad sin an Fhrainc, an Spáinn, an RA, an Iodáil agus an Ghearmáin ag glacadh ceannais ar onnmhairí bia farraige, ar ionann iad agus thart ar 55% den iomlán. Ach is sciar 60% a bhí ann i 2012 agus léiríonn sé an t-aistriú ar fhócas leanúnach príomhonnmháireoirí bia farraige na hÉireann chun margaí atá ag teacht chun cinn a fhorbairt. Bhain onnmhairí bia farraige go margaí Idirnáisiúnta thart ar €60m amach, ar ionann é agus thart ar 31% de na honnmhairí iomlána i 2015. B'ionann onnmhairí go dtí na ceithre phríomh-mhargáí san Afraic – an Nigéir, Camarún, an Éigipt agus Gána agus thart ar 20% de luachanna onnmhairí bia farraige iomlána. Méadaigh onnmhairí go dtí ceithre phríomh-mhargadh na hÁise, an tSín, Hong Kong, an Chóiré Theas agus an tSeapáin, de 20% ó thaobh luacha i 2015.

ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA

EARNÁIL NA nGNÓLACHTAÍ
BEAGA & AN EARNÁIL ORGÁNACH

Oibríonn Bord Bia le breis agus 200 gnólacht beaga bia agus dí, líon atá tar éis méadú go mór thar na cúig bliana atá caite. Áirítear go bhfuil thart ar 3,000 duine fostaithe go díreach in earnáil na ngnólachtaí beaga.

LÁ OSCAILTE NA nGNÓLACHTAÍ BEAGA

Mheall Lá Oscailte na nGnólachtaí Beaga de chuid Bord Bia breis agus 140 toscaire. Bhí comhdháil ann ar maidin, seimineáir tráthnóna agus taispeántas de sheirbhísí tacaíochta do ghnólachtaí beaga ó Bhord Bia agus gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear Oifigí Fiontraíochta Áitiúla, Teagasc agus Love Irish Food. Is é an tAire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Tom Hayes, TD, a d'oscail an lá agus chuala na toscairí faoin gcaoi a leanann an earnáil bia ceardaí uirthi ag léiriú fás láidir agus go bhfuil na hionchais dearfach i gcónaí don bhliain atá romhainn.

Thug Bord Bia nuashonrú do thoscairí ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe don bhliain atá romhainn agus chuir eolas ar fáil faoin raon clár agus tacaíochtaí atá ar fáil do chuideachtaí lena n-áirítear an láithreán gréasáin nua Vantage a chuireann acmhainn tiomanta ar fáil do tháirgeoirí bia agus dí beaga maidir le heolas margaidh, léargas agus nuálaíocht, forbairt ghnó, onnmhairí agus imeachtaí. Chuir an t-imeacht deis ar fáil freisin chun aird a tharraingt ar Chlár Margaíochta Athrú Céime Bhord Bia atá dírithe ar chuideachtaí bia a bhfuil láimhdeachas idir €100,000 agus €5 milliún acu. Bronnfaidh an clár deontais de suas le €50,000 chun cuidiú le gníomhaíocht nó le tionscadal nua suntasach a mbeidh céim mhór athraithe i gceist leis don chuideachta.

Áiríodh Kantar Worldpanel ar chainteoirí ag an imeacht ag caint

ar thírdhreach miondíola agus treochtaí catagóire na hÉireann agus na RA; Lidl, a thug léargas ar oibríochtaí an mhiondíoltóra in Éirinn; agus, Google agus Elivar, a rinne cur i láthair ar 'Mhol Bia Digiteach' tionscnaimh Bhord Bia a seoladh i 2014 i gcomhar le Google Ireland. Sheachaid an tOllamh Damien McLoughlin, ó Scoil Ghnó Michael Smurfit, UCD seisiún idirghníomhach ag déanamh anailíse ar shaincheisteanna straitéiseacha gnó a bhraith cuideachtaí bia a bhí ag fás. Ar deireadh leag Padraig Brennan, Anailísí Gnó Sinsearach, Bord Bia, agus Patrick Rooney ó Fheirm Dhoire Camach, béim ar bhuntáistí gnó Origin Green, clár forbartha inbhuanaitheachta thionscal bia agus dí na hÉireann.

VANTAGE BHORD BIA

I 2007, sheol Bord Bia Vantage Bhord Bia, a thugann seirbhísí do rachtanaí SMEanna le láimhdeachas de níos lú ná €3.5 milliún. Ó seoladh é tá an Clár Vantage tar éis cur ar chumas úinéirí/bainisteoirí rochtain a fháil ar shaineolas agus ar phróisis dea-chleachtais chun cuidiú leo a margáil faoi seach a neartú. Is iad seo príomhardáin seirbhíse Vantage Bhord Bia i 2015:

Vantage Point Bhord Bia –

Is treoir acmhainne ar líne do ghnólachtaí beaga é Vantage Point Bhord Bia. Is spás idirlín fócasaithe é seo do ghnólachtaí beaga bia agus dí ag www.bordbiavantage.ie. Rinneadh athchóiriú ar an láithreán gréasáin i 2015 le so-úsáidteacht a fheabhsú chun ábhar gnólachtaí beaga níos míne a chur ar fáil bunaithe ar aiseolas ó anailíochtaí agus roghanna úsáideora. Is iad eolas margaidh, forbairt gnó, imeachtaí, acadaimh bia agus airgeadas margaíochta na ranna is minice a dtugtar cuairt orthu.

EARNÁIL NA nGNÓLACHTAÍ BEAGA AGUS AN EARNÁIL ORGÁNACH

Vantage Plus Bhord Bia –

Is Clár é Vantage Plus atá ceaptha cumais agus inniúlachtaí cuideachtaí beaga gnó a fhorbairt i bpríomhréimsí forbartha gnó agus margaidh.

Ailínithe le Vantage Plus tá an tAcadamh Bia, ar chlár oiliúna é a thacaíonn agus a chlothaíonn gnólachtaí bia nuathionscanta trína n-oibríonn Bord Bia, SuperValu agus Oifige Fiontair Áitiúla le chéile chun eolas faoi mhargaíocht bia a chur ar fáil d'úinéirí gnólachtaí bia nua nó luathchéime. Faoi dheireadh 2015 bhí breis agus 500 rannpháirtí thar líonra iomlán na hOifige Fiontair Áitiúla (LEO) tar éis páirt a ghlacadh in Acadamh Bia. Chuaigh a bhformhór díobh seo ar aghaidh chuig trialacha i siopa SuperValu. D'oibrigh Ardacadamh Bia, a tugadh chun críche i Samhain 2015, le 24 de rannpháirtithe 'céimí' an chláir Tús an Acadaimh Bia a thóg na rannpháirtithe ar thuras forbartha soláthraí le SuperValu a ó stádas soláthraí áitiúil go stádas soláthraí réigiúnach agus náisiúnta.

Vantage Promote Bhord Bia –

Forálann Vantage Promote do ghníomhaíochtaí forbartha gnó agus caidrimh phoiblí; d'urraíocht dámhachtainí agus d'fhorbairt bealaí turais do chur chun cinn na hearnála gnólachtaí gnó agus speisialtacha. Áirítear ann freisin Scoil Shamhraidh na Comhairle Taste.

SCOIL SHAMHRAIDH NA COMHAIRLE TASTE

Reáchtáladh Scoil Shamhraidh Bhliantúil na Comhairle Taste ag óstán Brooklodge, Sráidbhaile Macreddin i gContae Chill Mhantáin ar an 24 Lúnasa. Is imeacht tábhachtach é a fhreastalaíonn an pobal bia ceardaí air, a chheadaíonn díospóireacht agus plé ar na saincheisteanna a théann i gceist ar an earnáil. Ba phríomhthéama é Turasóireacht Bia agus bhí mar bhonn ag plé painéal eolasach. Dhírigh an tráthnóna ar smaointe agus ar chruthaitheacht na dtoscairí ag próiseas domhanda ar stíl caifé. Tá aschuir an lae á n-úsáid chun an fócas straitéiseach don earnáil a fhorbairt.

AONTAÍ TRÁDÁLA

Leanann aontáí trádála orthu ina bhfoinse thábhachtach do ghnó nua (trádáil agus tomhaltóir) do chuideachtaí gnó beaga. Chuaigh gnólachtaí beaga i bpáirt le Bord Bia ag ISM i Köln, Biofach Nuremberg agus ag an Seó Speciality & Fine Food i Londain i 2015.

BLOOM 2015

Is gné seanbhunaithe ag Bloom an Margadh Bia a thugann taispeántas ar cháiliúcht agus ar raon táirgeoirí ceardaí & bia níos lú in Éirinn. Is iad na táirgeoirí féin a ritheann na stáiníní margaidh a thugann deis uathúil do chuirteoirí foghlaim ar an láthair faoi

na táirgí atá á dtairiscint agus faoin gcaoi le iad a ullmhú. Bhí 62 táirgeoir sa mhargadh i 2015, a raibh 24 díobh ag Bloom den chéad uair. Ina theannta bhí líon níos leithne catagóirí táirge ann agus láithreacht níos mó ag táirgeoirí orgánacha agus slánbhia.

Bhí an Bloom Inn lonnaithe lámh leis an margadh bia inar chuir 14 táirgeoir fuisce ceardaí, beorach agus leanna úll a dtáirgí ar taispeánt i rith féile Bloom. Lámh leo siúd léirigh táirgeoirí cáise tí feirme na hÉireann láidreacht agus leithead an tionscail seo in Éirinn.

BIA ORGÁNACH

Ag cur le feidhmíocht fáis dhearfach de 2% i 2014, chonaic an margadh Orgánach Éireannach tuilleadh fáis de 9% i 2015. Seasann luach iomlán an mhargaidh mhiondíola orgánaigh anois ag €109.5 milliún, líon méadaitheacht lucht siopadóireachta, minicíocht mhéadaithe siopadóireachta agus caiteachas ag cur leis an rath ar an earnáil.

Cuireann taighde Kantar WorldPanel an margadh Orgánach Éireannach síos don timpeallacht eacnamaíoch atá ag feabhsú mar aon le fócas ar shláinte atá ag dul i méid mar na príomhchúiseanna atá le suim tomhaltóra mhéadaitheach sa chatagóir orgánach. Is iad glasaí, torthaí agus iógart na catagóirí is mó laistigh den earnáil orgánach agus is ionann iad agus breis agus 60% den margadh orgánach.

Reáchtáil Bord Bia raon gníomhaíochtaí i rith na bliana mar chuid de phlean margaíochta orgánach 2015. Ag an imeacht garraíodóireachta ag Bloom chuir an Gairdín Scoile Orgánach, an Ghné Feirme agus Bia Orgánach cuairteoirí ar an eolas faoi bhuntáistí na feirmeoireachta orgánaí agus chuir 9 dtáirgeoir orgánacha taispeántas ar bun sa Mhargadh Bia, an líon ba mhó riamh. Thug trí fhógra leathanaigh iomlána in iris deireadh Seachtaine an Irish Times infheictheacht ard don earnáil i rith Fómhair agus Geimhridh 2015.

Tionóladh Lá Tionscail Orgánach in Áth Luain i nDeireadh Fómhair 2015. Thug sé seo forléargas ar an margadh miondíola orgánach mar aon le fócas ar leith ar mhargadh na Fraince do bhia orgánach. Áiríodh sa seimineár freisin ceardlanna ar dhíol le cainéil seirbhíse bia agus miondíola, úsáid éifeachtach na meán digiteach agus seisiún bainteach leis an earnáil ar bhia farraige orgánach. Tar éis taighde léargais tomhaltóra agus margaidh ar mhargadh na Fraince, comhordaíodh cuairt staidéir dhá lá, do chúig rannpháirtí déag, chun deiseanna onnmhairí a iniúchadh. Aithníodh na príomhchustaiméirí sprice agus thug rannpháirtithe cuairt ar sheo orgánach Natexpo lasmuigh de Pháras.

D'fhág fócas breise ar onnmhairí a fhorbairt go raibh trí chuideachta bia farraige, ceann amháin feola, trí chuideachta bia ullmhaithe agus cuideachta déiríochta amháin ag taispeánt ar sheastán na hÉireann a d'oscail an tAire Stáit, Tom Hayes TD, ag Biofach i Nuremberg na Gearmáine i rith Feabhra.

ATHBHREITHNIÚ EARNÁLACH: GAIRNEOIREACHT



AN MARGADH TÁIRGE ÚIR MIONDÍOLA:

Bhí luach €1.2 billiún ar an margadh táirge úir i 2015, agus torthaí faoi ndear €585 milliún, glasraí €512 milliún agus prátaí €151 milliún. D'fhág méaduithe ar an meánphraghas agus ar mhiniúocht cheannaigh torthaí gur tháinig fás ar an deighleog seo den mhargadh. Bhí glasraí á gceannach ag lucht siopadóireachta níos minice i 2015 agus níos mó glasraí á gceannach in aghaidh an turais. D'fhág meánphraghas laghdaithe prátaí i 2015 gur ceannaíodh méid níos mó prátaí i rith na bliana. Bhí luach ag geata na feirme de aschur ón earnáil barraí inite ag €3.59 m i 2015.

Séasúr Fáis Glasraí Páirce:

Tar éis tús mall bhí séasúr measctha go maith ag saothróirí. Mar gheall ar an earrach a bhí fuar agus fliuch bhí barraí fréimhe mall ag bunú agus bhí laghdú ar an toradh ag roinnt de na barraí a cuireadh go luath, ach bhí an cháilíocht ar fheabhas agus tháinig na torthaí chucu féin de réir mar a chuaigh an séasúr chun cinn agus fás maith méide ag cairéid agus meacain bhána le bliain anuas. Bhí cobhsaíocht ann ó thaobh éilimh agus praghsanna i rith na bliana do chabáiste, agus méadú éigean ar chaitheamh. Bhí séasúr de thoradh measctha ag cóilis idir fharasbarr agus ghanntanais. Chruthaigh aimsir shéimh sa bhfómhar fadhanna le barraí brasacha ag teacht chun foirfe go luath agus chruthaigh sé seo farasbarr margaidh ar uairibh. Bhí brocaillí na hÉireann deireanach ag teacht ar an margadh i 2015 mar gheall ar chúinsí aimsire cé gur lean díolacháin orthu le fás láidir sna hollmhargaí. Bhí tús deacair sa bhliain ag saothróirí scailliún agus leitíse oigheargheal de bharr drochaimsire in Aibreán agus i mBealtaine a chur le torthaí laghdaithe ar an iomlán. Ba é €67 milliún luach na hearnála glasraí páirce ag geata na feirme i 2015.

PRÁTAÍ:

Ainneoin tús deacair cuir agus fáis do séasúr 2015, 'leathanaigh' barraí prátaí amach sa dea-aimsir i Meán Fómhair agus i nDeireadh Fómhair rud a d'fhág gur baineadh torthaí níos airde ná riamh amach ó réimse laghdaithe curtha. Bhí táirgeadh breis agus 335,000 tonna ann i 2015 le luach de €76 milliún ag geata na feirme.

Muisiriúin:

D'fhan luach onnmhairí muisiriún seasta i 2015 ag €137 milliún, de bharr rátaí malartaithe fabhracha ainneoin méideanna laghdaithe go dtí an Ríocht Aontaithe. Lean feachtas Just Add Mushrooms le tacaíocht an AE i rith 2015 agus chuidigh chun fás a chur faoin margadh. Ar an margadh baile d'fhág laghduithe ar phraghsanna go raibh roinnt méadaithe ar dhíolacháin ach ba é an éifeacht fhoriomlán gur laghdáíodh luach na catagóire.

BARRAÍ GLASRAÍ COSANTA:

Léirigh an t-áireamh a rinneadh le gairid ar ghlasraí/sailéid chosanta go raibh 190 heicteár tugtha don réimse curaíochta agus luach aschuir measta de €30 milliún air i 2015. Is iad trátaí, piobair agus leitís na mórbarraí san earnáil seo agus tá a bhformhór ceaptha dul chuig margadh miondíola na hÉireann. Tá táirgeadh trátaí na hÉireann daingnithe le blianta beaga anuas agus bhí roinnt méaduithe i réimse na dtithe gloine. Bhí cúinsí maithe fáis ann i rith 2015 agus éileamh seasta ar chomhábhair sailéid i rith an tsamhraidh. Bhí méaduithe ar mhéideanna i ndíolacháin miondíola cúcamair agus piobar agus d'fhan trátaí agus leitíse cobhsaí. Bhí luach aschuir €30 milliún ón earnáil seo i 2015.

GAIRNEOIREACHT

Barraí Torthaí:

Is iad úlla agus sútha talún an dá phríomhthoradh a tháirgtear in Éirinn. Tá éileamh ar úlla milse na hÉireann láidir i gcónaí ach tá margadh úlla na hÉireann ag dul i léig ar an iomlán bliain ar bhliain, lucht siopadóireachta ag ceannach méid níos lú in aghaidh an turais agus cuireann pacáí níos lú leis an laghdú méide. Tháinig laghdú freisin ar luach díolachán miondíola úlla milse agus cócaireachta agus tá méid níos lú á cheannach. Ach b'fhorbairt dhearfach i 2015 bunú úllord nuachurtha i lártíre chun críocha úlla milse a fhás lena bpróiseáil.

I margadh na dtorthaí boga is iad sútha talún an barra is tábhachtaí agus d'fhág infheistíocht san earnáil gur cuireadh le séasúr fáis sútha talún ó luath san Aibreán go dtí mí na Nollag, an chuid is mó de thorthaí boga á dtáirgeadh anois faoi chosaint (gloine nó polaitéin). Mhéadaigh luach miondíola sútha talún i 2015 go mór de bharr méadú beag ar mhéideanna agus soláthar agus éileamh mórán mar a chéile ar feadh an ama do shaothróirí na hÉireann. Lean torthaí boga mar shútha craobh, fraocháin ghorma, spíonáin agus cuiríní dearga ag fás i gcónaí cé gur laghdaigh a méideanna díolacháin, a léirigh go bhfuil moilliú ag teacht ar an tóir atá ar na caortha seo b'fhéidir. Áiríodh go raibh luach €49 milliún ar bharraí torthaí ag geata na feirme i 2015.

Barraí Taitneamhachta:

Tar éis tréimhse meatha tá an margadh garraíodóireachta ag tosú ag fás arís agus chuir taighde le deireanaí luach de €31 milliún air. Is fiú €126 milliún an chatagóir plandaí amuigh agus plandaí bláthanna arbh i an chatagóir is tábhachtaí i don earnáil stoic plandlainne ar ionann i agus 35% de na hócáidí ceannaigh agus 20% de chaiteachas. Chuir an téarnamh mall ar éileamh de bharr gníomhaíochta teoranta san earnáil foirgníochta béim ar thábhacht an onnmhairithe do phlandlanna Éireannacha idir bheag agus mhór. Bhí luach €6.0 milliún ar onnmhairí go dtí an RA, an margadh is tábhachtaí do dhíolacháin stoic plandlainne. Mar ar tharla blianta eile díoladh roinnt plandaí gairdín óga (dallán agus líneálacha) níos faide i gcéin áit ar thacaigh an cóimheas níos airde de luach le méid, leis na costais iompair. Cuireadh luach €6.0 milliún ar onnmhairí go dtí an RA, an margadh is tábhachtaí do dhíolacháin stoc plandlainne. Leanann forbairt cineálacha nua plandaí trí mhicr-iomadú ag giniúint ioncaim onnmhairithe bhreise trí mhaoín intleachtúil a cheadú do shaothróirí iasachtacha agus éileamh ar thabhairt isteach plandaí nua ceannaithe mar phlandaí óga agus críochnaithe araon.

Tá luach crainn Nollag a onnmhairítear gar do €5 milliún agus leanann Bord Bia air ag obair go dlúth le Comhlachas Saothróirí Crann Nollaig na hÉireann (ICTGA) chun onnmhairí a leathnú agus an sciar margaidh baile a choinneáil. Méadaigh luach onnmhairí duilleoga gearrtha go €3.8 milliún i 2015 leis an gcuid is mó den méadú nasctha leis an Nollaig, deis sheasúrach, atá ag dul i méid gach bliain. Tá éileamh ar dhuiliúir na hÉireann dá ardcháilíocht agus tá plandáil úr ag neartú bliain ar bhliain a chruthaíonn dea-ionchas don todhchaí. Leanann Bord Bia air ag comhoibriú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Teagasc agus Fiontraíocht Éireann ar fhorbairt na hearnála seo. Dar le ICTGA, bhain 80 saothróir crann Nollag ar fud na tíre 550,000 crann i 2015 agus

onnmhairíodh aon trian de na crainn go dtí margaí na hEorpa mar an RA, an Ghearmáin agus an Fhrainc, agus is teaghlaigh in Éirinn a cheannaigh na crainn a bhí fanta. De chineálacha an Nordmann agus an Giúis Mhaorga go príomha iad áirítear gurb é €15 milliún luach iomlán an tionscail do gheilleagar na hÉireann. Cé go bhfuil córas athchurtha bliantúil láidir ann tá soláthar ag teannadh agus praghsanna ag neartú dá bharr.

Bhí luach de €65 milliún ar bharraí Taitneamhachta Gairneoireachta ag geataí na feirme i 2015.

PROMÓISIN GHAIRNEOIREACHTA

Just Add Mushrooms:

Cuireadh tús leis an bhfeachtas 'Just Add Mushrooms', a bhfuil luach de €2.7 milliún air thar trí bliana, i 2014 agus rachaidh sé ar aghaidh go dtí 2016. Is í straitéis an fheachtais treá agus minicíocht an cheannaigh i measc teaghlaigh níos óige in Éirinn agus sa RA a mhéadú agus díriú an feachtas ar mhná in aois a 25-45, ar ghairmithe sláinte, oll-lónadóirí agus ar pháistí i mbunáíochtaí oideachasúla. Sa chéad dá bhliain den fheachtas mhéadaigh méid an díolacháin, i margaidh nasctha na hÉireann agus na RA, de 4,900. Bhí breis agus 100,00 'is maith liom' ar leathanach Facebook don fheachtas. Shroich an t-ábhar ar Facebook cúig mhilliún duine, le breis agus 65,000 idirghníomh agus 7,000 roinnt oidis.

Promóisin Prátaí

Seoladh an feachtas promóisin prátaí trí bliana dar teideal "Potatoes – More Than A Bit On The Side" sa bhFómhar. Tá an feachtas €1 milliún á mhaoiniú ag tionscal na bprátaí, saothróirí agus pacálaithe prátaí le maoiniú comhfheargach ón Aontas Eorpach. É á bhainistiú ag Bord Bia, déanfar feachtas comhtháite suntasach a sheachadadh trí phríomhchainéil chumarsáide go háirithe ar líne, sna meáin shóisialta, agus trí fhoinsí eolais ábhartha eile don sprioc-lucht tomhaltóirí.

Promóisean garraíodóireachta:

Seoladh feachtas promóisin tomhaltóra garraíodóireachta dar teideal GróMór chun spreagadh a thabhairt don aoisghrúpa 35 go 45 dul i mbun garraíodóireachta. Is tionscnamh den ghrúpa lárionad garraíodóireachta an feachtas faoi scáth Feabhas Miondíola Éireann agus tacaíocht aige ó thionscal an stoic plandlainne agus ó Bhord Bia. Cuireadh sraith d'ábhar spreagtha agus Díolphointe i bhfeidhm mar aon le feachtas taobh thuas agus faoi bhun an líne le fócas ar na meáin shóisialta agus nua a úsáid chun tabhairt ar an gcóhort seo dul amach, éirí sláintiúil agus dul ag saothrú.

Seachtain Náisiúnta Sútha Talún:

Tá sé d'aidhm ag an tseachtain díolacháin a mhéadú i measc ban san aoisghrúpa 25-45. Bhí an fócas i 2015 ar ghreamán ar an bpacáiste i siopaí miondíola, leis an ábhar díolphointe ar 130 siopa ar fud na tíre agus rannpháirtíocht óna príomh-mhiondíoltóirí uile. Áirítear ar ghníomhaíochtaí eile urraíocht raidió, fógraí preasa agus fógraíocht dhigiteach. Táirgeadh fiseán ar shútha talún le táirgeoirí agus cuairteoirí go Bloom agus lódáilleadh é ar chainéal YouTube Bhord Bia, agus ar Facebook áit ar bhreathnaigh 50,000 duine air.

GAIRNEOIREACHT

Clár Food Dudes

Cuirtear Scéim Ghlasraí agus Thorthaí Scoile an AE i bhfeidhm in Éirinn tríd an gClár Food Dudes. Is tionscnamh athrú iompair dreasaithe fianaisebhunaithe é Clár Food Dudes a d'fhorbair Aonad Taighde Gníomhaíochta agus Bia de chuid Ollscoil Bangor sa Bhreatain Bheag. Tá sé bainistithe ag Bord Bia agus maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara agus ag an Aontas Eorpach. Tá sé d'aidhm ag an gClár Food Dudes caitheamh inbhuanaithe torthaí agus glasraí a mhéadú i measc páistí bunscoile trí sholáthar agus tástáil torthaí agus glasraí arís agus arís eile thar thréimhse idirghabhála 16 lá le tacú ó bhearta ag dul leis i bhfoirm eiseamláir (Laocha Food Dudes) agus duaiseanna beaga (céim bhaile ina dhiaidh sin áit a gcuirtear na torthaí agus na glasraí ar fáil ón mbaile).

Tugadh an Clár Food Dudes bunaidh chun críche i 2014 tar éis 477,423 páiste scoile agus 3,127 scoil a bheith páirteach ann (95% de gach bunscoil in Éirinn). Tugadh an Clár Food Dudes Boost isteach ag tús 2015. Coinníonn sé buntáistí uile an chlár bhunaidh ach tá fócas níos láidre ar an Sraith Shóisearach (4 go 8+ mbliana d'aois) a dhéanann tréimhse idirghabhála tástála 16 lá agus glacann an tSraith Shóisearach (9 go 13 bliana d'aois) páirt i dtréimhse idirghabhála laethanta tástála. Ghlac 820 scoil in iomlán agus breis agus 155,000 páiste scoile páirt sa chlár treisiúcháin i 2015.

Incredible Edibles:

Is clár scoilbhunaithe é Incredible Edibles leis an aidhm tabhairt ar pháistí torthaí agus glasraí a fhás agus feacht a mhéadú ar a ról in aiste bia sláintiúil agus cothromaithe. Á gcómhaoiniú ag an tionscal gairneoireachta agus Bord Bia déantar an clár a bhainistiú ag leibhéal na scoile ag an gcomhlacht promóisin feirmeoireachta Agri Aware. Ghlac sé chéad scoile náisiúnta páirt sa chlár i rith 2015.

CLÁIR GHAIRNEOIREACHTA

Bloom:

Tionóladh seó Bloom 2015 i bPáirc an Fhionnuisce ar feadh chúig lá ar an deireadh seachtaine saoire bainc sa Mheitheamh agus ainneoin na haimsire dúshlánaí mheall an t-imeacht freastal de 96,000 cuairteoir ar an imeacht agus chaith thart ar €7 milliún ar phlandaí, ar bhia agus ar gharraíodóireacht. I staidéar a choimisiúnaigh Bord Bia thuirisc Behaviour & Attitudes i dtaighde margaidh gur caitheadh €30 milliún measta breise san earnáil gharraíodóireachta i rith na seachtainí tar éis an seó. Bhí páirt mhór ag an gclúdach TV breise a fuarthas i 2015 i bhfeacht tomhaltóra a leathnú agus i suim mhéadaitheach a mhúscait sa gharraíodóireacht agus chuir láithreán gréasáin Bloom a bhain duaiseanna, le tionchar dearfach Bloom ar an earnáil taitneamhachta freisin. Anuas ar chlúdach TV príomh-ama breise tháinig RTÉ chun a bheith ina lán-chomhphairt de chuid Bloom,

láithreacht láidir fhisiciúil á infheistiú acu sa seó a thug ábhar agus siamsaíocht bhreise do chuireoirí agus cinntíodh go raibh Bloom san áireamh i leagan amach na gclár ar theilifis agus ar an raidió thar an deireadh seachtaine. Is dea-thuar iad rátaí ard cuairteoirí agus sástachta do 2016 nuair a bheid deichiú bliain an imeachta á ceiliúradh ag Bloom.

MARGAÍOCHT, NUÁLÁOCHT:

Faoi Chlár Cúnamh Margaiochta Bhord Bia agus an Clár Step Change fuair 41 gnólacht gairneoireachta cúnamh arbh fhiú €181,000 in iomlán é do raon gníomhaíochtaí lena n-áirítear seónna trádála, taighde margaidh, díolphointe, giniúint lipéadaithe agus forbairt láithreáin ghréasáin.

Chuidigh clár foresight4food Bhord Bia freisin le cuideachtaí gairneoireachta le forbairt branda agus obair dírithe ar an tomhaltóir.

Clár Cháilíochta Taitneamhachta:

Tar éis athbhreithnithe ar Chlár Cáilíochta Taitneamhachta Bhord Bia i rith 2015, seolfar clár feabhsaithe le linn 2016 do Chonraitheoirí Tírdhreacha agus d'Ionaid Gharraíodóireachta araon. Cuireann an clár treoirleáir ar fáil d'fhiontair ghairneoireachta maidir le 'dea-chleachtas' i mbainistiú a ngnólachtaí. Feidhmíonn an Clár Cáilíochta Plandlainne go dtí caighdeán EN45011 / ISO17065 agus tá iniúchadh neamhspleách agus deimhniúchán tugtha chun críche do 20 ball. Féadfaidh baill deimhniú leas a bhaint as an deis chun Marc Cáilíochta Bhord Bia a úsáid ar lipéid plandaí.

Tionscnamh Práta Sailéide:

Rinne Bord Bia urraíocht ar chomhairleoir speisialaithe san earnáil prátaí ó SRUC Albain chun teacht le clár leathnaithe thart ar agramaíocht agus fás prátaí óga/sailéid in Éirinn. Áirítear gur ionann na prátaí seo agus idir 10-12% den mhargadh miondíola ó thaobh méide a fhreastalaíonn idir 15-20 saothróir Éireannach orthu. Leagann an tionscadal trí bliana amach, á reáchtáil i gcomhar le Teagasc agus leis an IFA, agramaíocht agus eolas níos fearr a chur ar fáil do shaothróirí na hÉireann san earnáil seo.

Áireamh Glasraí Páirce:

I 2015 chuir Bord Bia agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara tús le háireamh iomlán ar gach Tairgeoir Glasraí Páirce Tráchtála, chun eolas staitisticíúil atá ar an earnáil a nuashonrú. Beidh an tuarascáil ar an áireamh ar fáil i 2016.

GLAS:

Tionóladh an cúigiú seó trádála, GLAS, urraithe ag Bord bia agus tiomanta d'earnáil tírdhreach taitneamhachta agus

GAIRNEOIREACHT

gairneoireachta na hÉireann, ag deireadh lúil. Tá an t-imeacht ag fás agus ag teacht chun cinn i gcónaí agus bhí seó trádála GLAS i 2015 ar an gceann ba mhó go dtí seo agus breis agus 140 taispeántóir agus 1,010 cuairteoir ag freastal ar an imeacht aon lae.

Aontaí Planda Náisiúnta:

Reáchtáladh dhá aonach plandaí i 2015 á n-eagrú ag Cumann Stoic Plandlainne Chrua na hÉireann. Is í aidhm na n-aontaí ceannaitheoirí agus saothróirí plandaí a thabhairt le chéile ar aon láthair amháin chun díolacháin plandaí de tháirge áitiúil a éascú agus a spreagadh an tús an tséasúir gharraíodóireachta.

Clár Forbartha Onnmhairí Taitneamhachta:

Lean an tionscnamh seo de chuid Bord Bia i 2015 agus ghlac idir shaothróirí lus an cromchinn agus táirgeoirí stoic plandlainne páirt sa mheantóireacht agus i dtacaíochtaí díolacháin.

Comhdháil Mhuisiriúin Uile Éireann agus na RA:

Reáchtáladh é seo i nDeireadh Fómhair agus Bord Bia ag tabhairt cúnamh le heagrú agus le hurrú an imeachta. Bhí an téama 'Teacht i dTír ar Nuálaíocht' ag an gcomhdháil a raibh freastal maith air agus a raibh seó trádála mar chuid de agus clúdaíodh topaicí lena n-áiríodh príomh-theachtaireachtaí taighde ó MushTV, Biocoal ó Spent Mushroom Substrate, bogearraí bainistíochta táirge, córais fáis thar lear agus athbheithnithe margaidh. Thug

dara lá na comhdhála deis cuairt a thabhairt ar roinnt de na saothróirí ab fhearr agus ar shaoráidí pacáistithe.

Seimineár do na Saothróirí Torthaí is fearr:

Áiríodh sa bpríomhsheimineár bliantúil torthaí nuashonraithe ar an margadh miondíola d'úlla agus forbairtí i dtáirgeadh ceirtlise agus cuairt ina dhiaidh sin ar an úllord is nuai a bunaíodh le gairid chun úlla mílse a chur ar fáil do dhéanamh sú.

Leanann Bord Bia air ag tabhairt tacaíochta do chomórtas Gairneoir óg na Bliana agus eagrú Léacht Chuimhneacháin David Robinson chun suim mac léinn san oideachas gairneoireachta a spreagadh, agus tacú leis.

GIY Spudoff:

I 2015 rinne Bord Bia urraíocht ar GIY Ireland (Grow it yourself) chun comórtas a bhunú do shaothrú prátaí i measc baill GIY. Ba é aidhm an chomórtais príomhtheachtaireachtaí a chur in iúl go bhfuil prátaí saor ó shail agus ó ghlútan go nádúrtha chomh maith le bheith ilúsáideach agus sláintiúil. Bhí an comórtas ar siúl ar feadh an tsamhraidh agus bronnadh duaiseanna ar an ngrúpa is fearr fáis ag teacht le chéile bliantúil GIY i bPort Láirge i rith Meán Fómhair.



SEIRBHÍSÍ

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS COMHSHAOIL

Ba bhliain ghnóthach eile é do na Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta agus breis agus 43,000 iniúchadh déanta ag leibhéal na feirme agus próiseálaí/pacálaí. Tá miondealú ar na hiniúchtaí a rinneadh i 2015 ar fáil de réir scéime sa tábla seo a leanas:

Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Mairteola & Uaineola	34,579
Scéim Dhearbhaithe Déiríochta Inbhuanaithe	7,517
Scéim Tháirgeora Táirgí Éanlaithe Clóis	640
Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Táirgeoirí Muiceola	294
Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Gairneoireachta	289
Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Táirgeoirí Uibheacha	259
Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Próiseálaí Feola	151
Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Pacálaí Uibheacha	11
Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Beathaithe	6
Iomlán	43,746

Léiríonn an méadú de 14% ar líon na n-iniúchtaí a reáchtáladh i 2015 suim leanúnach feirmeoirí mairteola sa Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Mairteola & Uaineola agus méadú suntasach ar rannpháirtíocht sa Scéim Dhearbhaithe Déiríochta Inbhuanaithe. Ba é 45,388 líon na bhfeirmeacha mairteola a bhí deimhnithe ag deireadh 2015 a léirigh méadú de 796 ar 2014. Cinntíonn an leibhéal seo deimhniúcháin mairteola go dtagann breis agus 90% den mhairteoil ar fad a táirgtear in Éirinn ó fheirmeacha Dearbhaithe Cáilíochta. Tá léibheann tagtha ar rannpháirtíocht táirgeoirí uaineola in BLQAS ag thart ar 12,000 feirm.

Leanann ballraíocht sa Scéim Dhearbhaithe Déiríochta Inbhuanaithe ag fás agus rinneadh 86% níos mó iniúchtaí i 2015 i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Sheas ballraíocht na scéime ag 9,582 ag deireadh na bliana, ardú de 6,365 ar 2014. Léiríonn sé seo ionchur suntasach ó chomhairleoí bainne na gceannaitheoirí bainne agus feirmeoirí á n-ullmhú don iniúchadh agus i gcuidiú chun clabhsúr a chur le neamhchomhlíontachtaí tar éis iniúchta. Faoi dheireadh na bliana bhí deimhniúchán soláthraithe do roinnt de na ceannaitheoirí bainne ag breis agus 80% agus iarratas déanta ag 10% eile chun a bheith rannpháirteach sa scéim. Tá súil ag formhór na gceannaitheoirí bainne go mbeadh 100% dá soláthraithe deimhnithe faoi dheireadh 2016.

Sna scéimeanna eile bhí an líon a bhí deimhnithe ag deireadh 2015 mar a leanas: Táirgeoirí muc 412; Táirgeoirí Uibheacha 218; Ionaid Pacála Uibheacha 19; Táirgeoirí Éanlaithe Clóis 721; Táirgeoirí Gairneoireachta 364; Próiseálaithe Feola 105.

Sa ghairneoireacht rinneadh leasú ar an gcaighdeán Táirgeora agus Réamhphacálaí chun critéir inbhuanaithe aillínithe leis

an gClár Origin Green a bheith san áireamh ann. Beidh an caighdeán nua seo mar chuid den Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Gairneoireachta Inbhuanaithe Nua (SHQAS). Rinneadh iniúchtaí píolótacha le seachtar saothróir/réamhphacálaí ar dhréachtleagan den caighdeán nua i dtreo deireadh 2015. Táthar ag súil le rolladh amach na scéime nua sa chéad leath de 2016.

Tháinig an Scéim Dhearbhaithe Cáilíochta Beathaithe i bhfeidhm sa bhFómhar le iarratais ó dhéantúsóirí beathaithe ar dtús agus iarratais ina dhiaidh sin ó Sholáthraithe Beathaithe Eile. Tá lán-rolladh amach lena n-áirítear ar an bhfeirm, beartaithe do 2016.

SEIRBHÍSÍ EOLAIS STRAITÉISEACHA

Foireann Léargais Mhargaidh & Tomhaltóra Bhord Bia

Tá gnólaigh bia agus dí, spreagtha ag athruithe in áit an mhargaidh, brúnna iomaíocha nó an mhian rud éigin níos mó agus níos fearr a chruthú, ag déanamh mionathruithe agus athshainiú de shíor ar an gcaoi a n-oibríonn siad agus ar an rud a dtáirgíonn siad. Tá Foireann Léargais Mhargaidh agus Tomhaltóra Bhord Bia freagrach as a chinntiú go bhfuil an tomhaltóir i gcroí lár straitéisí nuálaíochta agus margaíochta do ghnólaigh bia agus dí na hÉireann. Oibríonn sé le cuideachtaí bia agus dí na hÉireann ag cur rochtain ar fáil ar **eolas domhanda, eolas agus taithí catagóire speisialaithe, agus scileanna taighde gairimiúil agus éascaithe** ó smaointeoirí margaíochta samhlaíocha agus soiléire.

SEIRBHÍSÍ

Go deireanach i 2015, d'fhaomhaigh an Bord cruthú **The Thinking House** – Ionad Léargais nua lámh lenár n-oifigí ar Shráid an Mhóta Íochtarach. Is é ár bhfis don Thinking House Éire a ardú ina náisiún táirgthe bia comhaimseartha den 21ú haois a dhéanann tráchtálú ar tháirgeadh bia ag teacht le fíor-riachtanais an tomhaltóra.

Beidh an Thinking House ina ionad sármhaitheasa – oibreoidh sé agus feidhmeoidh sé mar chumasóir chun a chinntiú go dtosóidh na slabhraí brandála agus nuálaíochta ar fud tionscal dí agus bia na hÉireann, leis an tomhaltóir agus go gcríochnóidh siad leis an tomhaltóir. Is spás a bheidh ann do chomhoibriú, do chomhtháthú agus d'idirghníomh - campas a bhriseann síos stórtha agus a nascanna páirtithe leasmhara - fóram leis an rud a theastaíonn ón tionscal a chur in iúl don phobal taighde agus vice versa – táirgí inscálaithe, inbhuanaithe bunaithe ar riachtanas tomhaltóra.

Obair Sonrach do Chuideachta

Cuireann **Leabhair Oibre Brandála agus Nuálaíochta** cur chuige struchtúrtha fócasaithe ar thomhaltóir ar fáil do nuálaíochta agus brandáil rathúil. Úsáidtear na leabhair oibre chun obair le cuideachtaí bia agus dí a threorú. I rith 2015, tugadh 80 tionscadal aonair chun críche, ar tugadh 20 díobh chun críche i margai thar lear ag iarraidh onnmhairí a leathnú agus tugadh 17 chun críche ar an margadh baile. Tugadh 22 tionscadal brandála eile chun críche agus chuidigh siad seo chun brandaí Éireannacha a chruthú agus a neartú.

Don tríú bliain as a chéile bhain Foireann Léargais Mhargaidh & Tomhaltóra Bhord Bia Dámhachtain an Chumainn Margaíochta don Sármhaitheas i dTaighde Cáilíochtúil don obair a rinneadh le Future Nutrition ar thaighde do "Mind over Muscle", tuiscint ar an domhan trádála agus tomhaltóra maidir le cothú don spórt agus forbhianna.

Feidhmíonn cuideachtaí beaga bia agus dí i dtimpeallacht thapa agus spreagúil agus tá earnáil ghnólaíochtaí beaga ag fás go seasta. Tá Brandáil agus Nuálaíocht Lárnach d'fhás inbhuanaithe agus rathúil do chuid mhaith gnólaíochtaí beaga. Chun dul san iomaíocht go rathúil le brandaí níos nó agus níos seanbhunaithe beidh ar tháirgeoirí bia agus dí na hÉireann Superbrands a chruthú. Is é **SuperBrands do Ghnólaíochtaí níos Lú** clár Fhoireann Léargais Mhargaidh & Tomhaltóra Bhord Bia atá ceaptha brandaí beaga a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile. Trí thaighde margaíochta agus comhairleoireacht shaincheaptha, cuidíonn an clár Superbrands le húinéirí branda beaga a straitéis brandála agus a ndearadh a fhorbairt. Seoladh é i 2015 agus tá an clár tar éis oibriú le 15 cuideachta.

Treochtaí & Réamhfhéachaint

I Meitheamh 2015, seoladh an t-eagrán nua de **Treochtaí Stilmhaireachtála Tomhaltóra**. Aithníonn an clár na treochtaí is mó a mhúnlaíonn saolta daoine thar na chéad trí go cúig bliana. Trí choinneáil suas le treochtaí agus a thuiscint céard é an chéad ní atá ag teacht, cuidíonn an clár le cuideachtaí laistigh den tionscal bia agus dí in Éirinn ullmhú níos fearr do riachtanais agus do mhianta a dtomhaltóirí, in Éirinn agus thar lear. Is iad na sé Treocht: Saolta Gnóthacha; Taithí Roinnte, Iarrthóirí Luach Pearsanta, Maireachtáil Fhreagrach, Sláinte agus Folláine agus Á Choimeád Réadach. Den chéad uair seoladh micrealáithreán do na Treochtaí a ndéantar nuashonrú air ar bhonn míosúil – www.bordbiaconsumerlifestyletrends.ie

Scaoileadh an t-ochtú eagrán de thaighde **PERIscope** i nDeireadh Fómhair. Cuireann an staidéar seo ar mhórsála ar chumas brandaí bia agus dí na hÉireann a rianú conas mar atá dearthaí tomhaltóra i leith bia, siopadóireachta agus cócaireachta ag athrú thar ocht margadh ó 2001. Idir Meitheamh agus Iúil, rinneadh breis agus 8,000 agallamh thar ocht margadh (Éire, an Bhreatain Mhór, an Spáinn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, SAM, agus den chéad uair, an tSín). Clúdaíonn sé topaicí mar: ithe sa mbaile, dearthaí i leith cócaireachta, bia áitiúil, inbhuanaitheacht, an timpeallacht, siopa grósaíreachta agus sláinte & folláine. Is iad na sé théama nua a aithnítear i PERIscope 2015 ná Cumhacht an Bhia, Ar ais ag Obair, Love Local, Maireachtáil Níos Éasca, Joyning agus Gnó Níos Fearr.

Chun smaointe agus cruthaitheacht a spreagadh agus chun cuidiú le cuideachtaí agus le fiontraithe le giniúint nuálaíochta céad céime, eagraíonn foireann Léargais **Inspirations Expeditions**. Bíonn cuairteanna tumtha margaíochta gríosaitheachta i gceist sa tionscnamh seo a bhreathnaíonn ar chultúr bia áitiúil agus treochtaí tomhaltóra infheicthe bunaithe thart ar ár sé Treocht Stilmhaireachtála Tomhaltóra féin. Tugadh faoi dhá Thuras Taiscéalaíochta Inspioráide, an chéad cheann go dtí an India in Eanáir agus 12 rannpháirtí ann, agus an dara ceann i mBealtaine le 10 rannpháirtí chuig Milan agus World Expo Milan.

Staidéar Tomhaltóra agus Catagóire

Is staidéar léargais chultúrtha é **The New Consumer Agenda in Ireland** a tharraing aird ar thrí luach ar leith a bhí ag teacht chun cinn mar chuid den chlár tomhaltóra Éireannach nua – féintuilleamaí, cothroime agus iar-ábharthachta. Tá leibhéil laghdaithe muiníne i leith institiúidí, brandaí agus gnólaíochtaí ag cruthú fonn **féintuilleamaithe**, ag tabhairt ar thomhaltóirí roghanna ceannaigh níos tomhaiste a dhéanamh. Tá saolta atá ag éirí níos casta agus níos mó ama faoi bhrú á gcaitheamh ag daoine. Tá tuiscint ag teacht chucu maidir le tábhacht an

SEIRBHÍSÍ

discoir agus tá an tuiscint mhéadaitheach ar **chothroime** á tiomáint ag fonn a saolta féin a bhainistiú. Tá athmhéasúnú á dhéanamh ag tomhaltóirí ar shealúchas ábhartha agus tá siad ag tosú ar fhilleadh ar bhunchlocha tábhachtachta an tsaoil. Ní dhéanann **lar-ábharaithe** ach pléisiúir ábharacha a dhíbhéimniú i gcomparáid le riachtanais ardoird mar shaoirse, féinléiriú, agus cáilíocht na beatha. Ainneoin an athraithe seo go léir tá spiorad an dlúthchaidrimh – comhghaol – láidir in Éirinn i gcónaí.

Brandaí a neartú i dtimpeallacht féinlipéid. Rinneadh iniúchadh ar dhinimici brandaí déantúsóra agus féinlipéid i dtimpeallacht miondíola na hÉireann. Chun braistintí reatha lucht siopadóireachta faoi fhéinlipéid agus brandaí a thuiscint reachtáladh clár cuimsitheach taighde thar thrí mhiondíoltóir chun cuidiú le tuiscint a fháil ar smaointí agus eispéiris siopaera ar bhrandaí déantúsóra agus féinlipéid. Áiríodh ar na hocht gcatagóir a bhí san i gceist sa staidéar bainne, tae, gránaigh te, bianna ullmhaithe fuaraithe, cáis chéadair, anlanna agus anlanna goinbhlasta, liamhás slisnithe cócaireáilte agus raon saor ó ghlútan.

Cuireann **Travel Retail** deis ollmhór ar fáil do bhrandaí Éireannacha, go háirithe brandaí níos lú toisc go mbíonn tomhaltóirí ag faire amach do rud éigin nua. Chinn ár staidéar tomhaltóra gurb é bunbhrí an taistealaí a bheith oscailte agus eispéiris nua a aimsiú. Dar le roinnt imreoirí domhanda gurb é a “Séú Ilchríoch” é — agus luach breis agus \$60 billiún air, agus ní haon ionadh gur mar sin atá. A luaithe agus a théann paisinéirí thar an scanóir slándála cuirtear tús le “uair órga” an tomhaltachais. Tá a bhformhór ag déanamh go maith; níl tada ar bun ag éinne acu ar feadh tamaill. Cuireann an taighde is deireanaí de chuid Bord Bia léargais ar fáil do bhrandaí Éireannach ar mheon tomhaltóirí sa chainéal seo lena chinntiú gur féidir leo díriú isteach ar a dtomhaltóirí le linn na “huair órga” seo.

Ar an taighde atá tugtha chun críche cheana áirítear trí staidéar catagóire ar **iógart** i bPoblacht na hÉireann, **seacláidí i mboscaí** i bPoblacht na hÉireann agus sa Bhreatain Mhór, agus aithníodh deiseanna nua **cácaí agus cistí milse**.

Fóram Branda

Oibríonn **Fóram Branda** Bhord Bia le cuideachtaí bia agus dí na hÉireann chun a mbrandaí féin a fhorbairt agus a fhás. Agus breis agus 200 ball gníomhach ann tá an Fóram Branda tar éis teacht chun a bheith ina mhol foghlama tiomanta agus ina timpeallacht lionraithe ar leithligh don tionscal bia agus dí.

Seachadann an Fóram imeachtaí ráithiúla le sainchainteoirí branda ón tionscal bia & dí ar fud an domhain. Ar na topaicí ar tugadh aghaidh orthu i 2015, áirítear ‘Neartú Branda i dTimpeallacht

Féinlipéid’, An Deis Dhigiteach do Bhrandaí Bia agus Dí’ agus máistir straitéisí Branda. Áiríodh ar na caineoirí Kellogg, United Biscuits, Glenisk, Kepak, Largo Foods, Barry’s Tea, Proctor & Gamble, Keelings, Aldi agus Bord Bia.

Seachadadh sraith d’ocht gceardlann saincheaptha agus áiríodh orthu Instagram do Bhrandaí Bia agus Dí; Ceardlanna Digiteacha - Facebook Leibhéal 1; Twitter do Bhrandaí Bia & Dí; Straitéis Ábhair do Mhargadóir ar na Meáin Shóisialta a Fhorbairt agus a Chur i bhFeidhm; agus, Dearadh Bia & Fótagrafaíocht.

Ghlac caoga is a ceathair úinéir Branda páirt i Scrúdú Sláinte Branda bliantúil sindiceáite Bhord Bia. Is suirbhé cainníochtúil ar luach agus ionchas branda é an Scrúdú Sláinte Branda a chuidíonn le húinéirí branda a sraith iomaíoch a thuiscint agus a dtairiscint branda a uasmhéadú.

Dámhachtainí Bia agus Dí Bhord Bia

Bhailigh 335 ionadaí tionscail, an líon ba mhó riamh, i dTeach an Ardmhéara do Dhámhachtainí Bia agus Dí Bhord Bia 2015 agus Joe Schmidt, Cóitseálaí Náisiúnta Fhoireann Rugbaí na hÉireann mar phríomhchainteoir.

Tugadh aitheantas do ghnóthachtálacha agus do chion ocht gcuideachta bia Éireannacha ag na Dámhachtainí. Tionóltar iad gach dhá bhliain agus tá na dámhachtainí ceaptha sármhaitheas laistigh de thionscal bia agus dí na hÉireann a chúiteamh. Fuair Bord Bia breis agus 160 iontráil thar na hocht gcatagóir ar thug painéal breithiúnais neamhspleách breith orthu – Onnmhairiú, Brandáil, Fiontraíocht, Margaíocht Dhigiteach, Rathúlacht ag an mBaile, Nuálaíocht, Léargas Tomhaltóra agus Inbhuanaitheacht.

Seirbhísí Leabharlainne & Seirbhísí Eolais

Coinníonn Bord Bia seirbhís eolais le leabharlainne ardchaighdeán chun cuidiú le cuideachtaí bia agus dí na hÉireann cinntí straitéiseacha níos eolasaí agus níos fearr a dhéanamh. Féadfaidh an tionscal agraibhia cuardaigh eolais ghairmiúla a lorg ó fhoireann leabharlannaithe cáilithe a chuireann rochtain ar léargais mhargaidh agus tomhaltóra ar fáil a theastaíonn chun dul san iomaíocht go rathúil sna margaí baile agus domhanda. I 2015 bhainistigh ár bhfoireann leabharlannaithe breis agus 2,800 cuardach eolais ar cheann an tionscail, an fhoireann léargais agus fhoireann mhargaidh & earnála laistigh de Bhord Bia.

Bíonn Food Alert á fhoilsiú i gcónaí ar láithreán gréasáin Bhord Bia agus ríomhphoist á gcur chuig 1,500 sintiúsóir gach seachtain ag tarraingt aird ar na príomhathruithe/saincheisteanna a tharlaíonn sa tionscal. Tairgeann sé léargas Bhord Bia ar na forbairtí is deireanaí sa tionscal bia agus dí ar fud an domhain, mar aon le heolas margaidh cothrom le dáta a chur ar fáil. Bíonn an obair seo le feiceáil go rialta ar na meáin idirnáisiúnta agus náisiúnta.

Food & Drink Awards



Bord Bia
Irish Food Board

BRANDFORUM
BE INSPIRED, BE INFORMED, CONNECT

8/12/24



SEIRBHÍSÍ

Is clár é Food Works atá ceaptha fiontraíthe dírithe ar an onnmhairiú a aithint agus a chothú i dtionscal bia agus dí na hÉireann agus chun an phiblíne Bia HPSU a neartú trí fhorbairt ionchais HPSU nua a aimsiú agus a bhrostu. Is comhoibriú an tionscnamh idir Bord Bia, Fiontraíocht Éireann agus Tagasc, a seoladh i 2012. Go dtí seo tá 60 tionscadal tar éis a bheith rannpháirteach i gcéimeanna éagsúla na gclár agus tá infheistíocht cothromais HPSU faofa ag Fiontraíocht Éireann agus tá naoi gcinn faofa d'infheistíocht Competitive Start Fund. Tá tionscadal amháin tar éis infheistíocht a fháil ó Údarás na Gaeltachta agus fuair cúpla ceann tacaíocht prímeála ó Oifigí Fiontair Áitiúla (LEOnna).

I rith 2015, roghnaíodh ocht gcuideachta déag chun a bheith rannpháirteach ar Food Works 3 as breis agus 125 iarratas. Rinne na tionscadail seo ionadaíocht ar raon earnálacha le béim láidir ar shláinte agus ar fholláine agus treochtaí áise. Is tuarascála indéantachta aonair a bhí sna haschuir as an gcéad chéim de chlár 2015 a rith ó Eanáir go Meitheamh. D'fhág na tuarascálacha indéantachta gur roghnaíodh naoi dtionscadal do chéim dheiridh an chlár ar fhorbairt plean gnó réidh d'infheisteoir é. Áiríodh i dhá chéim an chlár a reáchtáladh i rith 2015 meascán de mhodúil oideachais, turas staidéir margaidh thar lear, rannpháirtíocht miondíoltóra, cóitseáil 1:1 agus comhairle gníomhaireachta ar fhorbairt an ghnó ó thaobh peirspictíochta margaidh, teicniúla agus tráchtála lena n-áirítear aiseolas tomhaltóra agus grúpaí fócais. Is féidir tabhairt isteach infheistíochta a dhéanamh do na tionscadail nuair is cuí.

Reáchtáladh athbhreithniú neamhspleách ar Food Works i rith an fhómhair, roimh phleanáil 2016, thar ceann na trí ghníomhaireacht a bhí ag comhoibriú sa tionscnamh. Fuair an t-athbhreithniú amach gur ghlac rannpháirtithe agus páirtithe leasmhara le Food Works go maith agus go bhfuil 60% de na rannpháirtithe ag trádáil faoi láthair agus 32% ag onnmhairiú cheana féin. D'fhág an t-athbhreithniú cuimsitheach go ndearnadh roinnt athruithe ar struchtúr agus ar dhearadh an chéad chéim eile de Food Works (Food Works 4) a seolfar go hoifigiúil i Feabhra 2016.

SEIRBHÍSÍ MARGAÍOCHTA

Aontaí Trádála/Taispeántais/Imeachtaí

Rinne an Fhoireann Imeachtaí Margaíochta 91 imeacht in iomlán thar na hearnálacha tionscail agus na hardáin phromóisín go léir i 2015. De na himeachtaí seo bhí 47 bainteach le gníomhaíocht Origin Green Bhord Bia ag World Expo Milan 2015.

Bhí ról suntasach ag Bord Bia i gcomhar leis an OPW i ndearadh agus i seachadadh Paillíun na hÉireann agus a eispéireas do 25 milliún cuairteoir ar feadh sé mhí ag Expo Milan – **An Plainéad a Chotheú, Fuinneamh ar feadh an tSaoil.**

D'óstáil Bord Bia 47 imeacht in iomlán ag EXPO Milan, lena n-áirítear clár Corparáideach agus gnó le gnó mar aon le Léiriúcháin Chócaireachta a raibh an pobal rannpháirteach ann. Ar na himeachtaí buaicphointe áiríodh:

- Fáiltiú seolta i gcomhar le Tuttofoods – 4 Bealtaine.
- Guardian Sustainable Business CEO Cruinniú Comhchéime – 11 Bealtaine
- Cuairt Bono, Príomh-Aire Renzi na hIodáile agus an Aire Coveney – 6 Meán Fómhair
- Cur i láthair Iomaitheoirí EDEN sa Bhabhta Ceannais 2015 do Mheáin na hIodáile (i gcomhar le Turasóireacht Éireann agus Fáilte Éireann). 29 Meán Fómhair
- Ceardlann ar Inbhuanaitheacht Idirnáisiúnta i gcomhar le UCD – 7 Deireadh Fómhair.
- Comhdháil Bhliantúil Lionra Dlíodóirí Bia AE – 12 Deireadh Fómhair

Dearadh, tógadh agus eagraíodh seastáin Origin Green/na hÉireann ag 18 aonach trádála agus taispeántais idirnáisiúnta i 2015, a raibh lucht éisteachta i gcomhar de 785,000 ceannaitheoir agus cuairteoir acu. Agus é d'aidhm acu aimsiú onnmhairí a leathnú áiríodh orthu seo príomhsheonna móra mar SEG agus Anuga mar aon le aontaí trádála earnáil shainiúla mar ISM (milseogra), Biofach (orgánach), Fruit Logistica (gairneoireacht), PLMA (lipéad príobháideach), Tuttofoods (feoil), VinExpo (deochanna alcólacha), Speciality & Fine Food Fair (táirgí ceardaí), Conxemar & Chinese Fisheries & Seafood Expo (bia farraige), CIMIE (feoil) agus an t-aonach débhlantúil comhábhair, FIE. Ar thaispeántais a dhirigh ar réigiún ar leith áiríodh Prodepo i Moscó, Gulfood i Dubai agus SIAL na Síne i Shanghai.

Léiríodh tábhacht réigiún an Mheánoirthir mar cheann scríbe onnmhairithe d'Éirinn le rannpháirtíocht ar dhá sheo i Dubai lena n-áirítear rannpháirtíocht Gulfood agus Bhord Bia ag Déantúsaíocht Gulf a raibh clár Déiríochta Origin Green i gceist ann.

Ar mhóimeachtaí a bainistíodh in Éirinn áiríodh Marketplace san Ionad Comhdhála Náisiúnta i mBaile Átha Cliath, a raibh taispeántas iomlán san áireamh ann, tástáil sárthaispeántas agus léiriúcháin samplála agus seachtain de chúrsaí taistil do thoscairí agus do cheannaitheoirí idirnáisiúnta.

Rinne an Roinn Imeachtaí Margaíochta suiteáil Shráidbhaile an Bhia agus an Bia foriomlán ag Bloom, mar aon le láithreach Bhord Bia ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

Ar ghníomhaíochtaí mór le rá eile i 2015 áiríodh Dinnéar Fleáchais an Fhóiraim Branda & Dámhachtainí Bia, clár imeachtaí an Fhóiraim Branda, Fóram Eacnamaíoch Domhanda na hÉireann, Comhdháil Inbhuanaitheachta Bhord Bia agus an Chomhdháil Muisiriú.

SEIRBHÍSÍ

Urraíocht

I rith 2015, rinne Bord Bia urraíocht ar an séú sraith de Home Chef le Neven Maguire ar RTE 1 dírithe ar thuiscint tomhaltóra ar an Marc Cáilíochta a mhéadú agus dílseacht dó a mhéadú. Léirigh an tsraith seo de 14 clár Neven Maguire ag taispeáint don lucht féachana cén chaoi le béiltí laethúla a dhéanamh don chlann agus comhábhair Dearbhaithe Cáilíochta, foinsithe go háitiúil in úsáid iontu. Bhí roinnt tuairiscí ó ionaid éagsúla agus aoi-chefanna ar thug Neven cuairt orthu i gceist sa tsraith freisin. Mheall sraith 2015 265,000 lucht féachana in aghaidh an chláir ar an meán. Díobh siúd a bhí feachas ar an urraíocht nó a raibh an clár feicthe acu, d'aontaigh 210,000 duine fásta go mbeadh sé níos dóiche go gceannóidís bia leis an Marc Cáilíochta dá bharr.

Ar urraíochtaí dámhachtaine i 2015 áiríodh catagóirí bia, dí agus bia farraige Chónaidhm na nGnólachtaí beaga agus Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann, mar aon leis an gCatagóir Ardchuraigh agus catagóir an Táirgeoir Ceardaí is Fearr ag dámhachtainí. Blas na hÉireann.

Thug roinn imeachtaí agus comhdhálacha bainteach le himeachtaí agraibhia deiseanna do Bhord Bia an chuid is fearr de tháirgí bia agus dí na hÉireann a thaispeáint agus béim a chur ar Clár Inbhuanaitheachta Origin Green do lucht éisteachta idirnáisiúnta. Áiríodh orthu seo Féile Liteartha Bia Bhaile Uí Mhaoluidh, an Siompóisiam Food on the Edge i nGaillimh, Fóram Bia Chorcaigh/Chiarraí, Seachtain Náisiúnta Áráin agus Comhaltacht Tionscadail Mheiriceá/na Breataine.

Thacaigh Bord Bia, mar urra comhlach ar “I BELIEVE” i Margadh Nollag Bhaile Átha Cliath ag an CHQ preabshíopa taobh istigh a dhíol táirgí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann ar feadh tréimhse cheithre seachtaine roimh an Nollaig. Tugadh an deis do bhreis agus 100 táirgeoir beaga a dtáirgí a chur chun cinn agus a dhíol.

Airgeadas Margaíochta

I 2015 d'fheidhmigh Bord Bia cláir deontas démhargaíochta, le tabhairt isteach an Chláir Athrú Céime (SCP) taobh leis an gClár Cúnaimh Margaíochta (MAP). Bhí MAP oscailte do tháirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann le láimhdeachas sa raon €100k agus €3.5m. Bhí an SCP, faoinar bronnadh 8 deontas suas le €50,000 le cuidiú le “tionscadal/ gníomhaíocht nua” a raibh mórathrú céime nó athrú don chuideachta i gceist leis, oscailte do tháirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a bhfuil láimhdeachas sa raon €100k go €5milliún acu. Cuireann na deontais margaíochta seo cúnamh ar fáil d'fhiontair bheaga agus ar mheánmhéid chun a dteicníochtaí agus a n-acmhainní margaíochta a fheabhsú.

I rith 2015, ceadaíodh deontais do 180 chuideachta sna hearnálacha cáis tí feirme, dí, déiríochta fuaraithe, milseogra, báicéireacht, bianna ullmhaithe, charcuterie, bia farraige agus

gairneoireachta de €797,500 in iomlán faoi MAP agus €320,000 iomlán ceadaithe do 8 gcuideachta eile faoin SCP. Iocadh deontais de €932,548 in iomlán le 156 chuideachta i rith na bliana.

Margadh Baile

Bhí clár margaíochta an Mharc Cáilíochta mar chuid den tosaíocht straitéiseach ‘Margadh baile beoga’, leis an straitéis fhoriomlán dílseacht tomhaltóra agus ceannach bia leis an Marc Cáilíochta a neartú trí chuntas a thabhairt ar na caighdeáin cháilíochta, na próisis iniúchta agus an inrianaitheacht taobh thiar den Mharc. Rinneadh na teachtaireachtaí réasúnacha seo a chomhtháthú ar fud na ngníomhaíochtaí cineálacha go léir ar an Marc Cáilíochta agus ar fud na gclár margaíochta d'uaíneoil, do liamhás agus bagún agus uibheacha.

Ag díriú ar shiopaí grósaeireachta baineann 30-60 bliain d'aois, áiríodh ar ghníomhaíochtaí cineálacha urraíocht ar chlár teilifíse RTÉ ‘Home Chef’ le Neven Maguire, promóisean feola leis an Marc Cáilíochta ag Bloom agus monatóireacht ar chion na dtáirgí leis an Marc ar fud miondíoltóirí.

In iomlán reáchtáladh dhá fheachtas déag d'uaíneoil, do liamhás agus bagún, d'uibheacha agus d'iasc. Áiríodh sna feachtais seo fógraíocht TV, PR agus gníomhaíochtaí digiteacha. Chomh maith leis seo lean an feachtas ‘Just Ask’ ag spreagadh bialanna chun bunús agus soláthraithe feola a chur ar an mbiachlár do chustaiméirí.

Leanann an Marc Cáilíochta de bheith ag baint ardleibhéil athchuirimhe agus tionchair amach ar chinntí tomhaltóirí maidir le bia a cheannach. Breathnaítear air freisin mar fhoinsé ceannasach dearbhaithe ar cháilíocht bia agus ar shábháilteacht bia ar an margadh baile.

Léiríonn suirbhé ionadaíoch go náisiúnta de chuid Red C i nDeireadh Fómhair 2015 go bhfuil 93% de shiopaí feachas ar an Marc Cáilíochta – ardú ó 60% i 2004. Deir 66% gur mó an seans go gceannóidís táirge bia tar éis an Marc Cáilíochta a fheiceáil air – ardú ó 54% i 2006. Chomh maith leis seo deir 65% eile ar an meán go mbeidís sásta 10% níos mo a íoc ar bhagún/liamhás, uaíneoil agus uibheacha dearbhaithe cáilíochta.

D'fhág an t-éileamh tomhaltóra méadaithe ar fheoil leis an Marc Cáilíochta ar a sheal gur mhéadaigh miondíoltóirí an cion spáis ar an seilf d'fheoil dearbhaithe cáilithe. Thar miondíoltóirí, bhí an Marc ar 67% d'aghaidheanna táirgí feola go dtí seo i 2015 (vs 60% i 2010).

Chuir tionchar na gclár comhtháite seo go mór le cáil Bhord Bia ar an margadh baile. As 100 eagraíocht, is é Bord Bia is airde a scóráil in Innéacs CSR 2015 de staidéar Reptrak a bhfuil bearta ar Rialachas, ar Shaoránacht agus ar an Ionad Oibre san áireamh ann. Ar cheann de na príomhchúiseanna a thug an 5,000 duine fásta don scór seo sa staidéar seo den Ghníomhaireacht ar Chlú is ea promóisin Mharc Cáilíochta Bhord Bia ar an margadh baile.

SEIRBHÍSÍ

Comhairle TASTE

Is comhlacht deonach neamhspleách é Comhairle TASTE a dhéanann ionadaíocht thar ceann na hearnála ceardaí agus speisialtacht agus a gcuireann Bord Bia ról rúnaíochta ar fáil di. D'fhreastail breis agus céad táirgeoir ceardaí, chefanna, agus gníomhaireachtaí tacaíochta ar chúigiú Scoil Shamhraidh Bhliantúil na Comhairle Taste ag óstán Brooklodge i gContae Chill Mhantáin. Ar na topaicí áiríodh na Treoirínte Margaíochta nua do Bhia Tí Feirme agus Ceardaí agus fis deich mbliana don earráil.

Go náisiúnta chláraigh 200 scoil le páirt a ghlacadh in Aonad na hIdirbhliana 'The Future is Food' a d'fhorbair an Chomhairle Taste i gcomhar le Bord Bia. Cuideoidh sé leis na daltaí a n-eolas agus a dtuiscint ar thionscal an bhia a leathnú, go háirithe ar na hearnálacha bia ceardaí agus speisialaithe. Rachaidh na scoileanna atá rannpháirteach i bpáirt le táirgeoir ceardaí áitiúil, chef nó curadh bia a chuideoidh leis na hábhair fiontraíthe agus nuálaithe is daltaí a dtáirge uathúil féin a fhorbairt nó a oibreoidh leo ar tháirge atá ann cheana. Áirítear sa chlár fiche plean ceachta ag díriú ar thopaicí mar fhiontraíocht, bunús bia agus clár inbhuanaitheachta Origin Green Bhord Bia mar aon le taighde, forbairt táirge nua agus margaíocht.

D'fhág tionscadal ar thacaigh an Chomhairle TASTE leis le gairid gur fhoilsigh an FSAI nóta treorach dar teideal "The Use of Food Marketing Terms". Leagann an nóta treorach seo amach treoir do dhéantúsóirí bia, miondíoltóirí agus gnólachtaí seirbhísí bia chun cuidiú le húsáid fhreagrach téarmaí margaíochta agus táirgí á gcur ar mhargadh na hÉireann lena chinntiú go gcuireann siad míniú soiléir ar fáil agus nach gcuireann siad tomhaltóirí ar míthreoir. Diríonn an nóta treorach ar cheithre théarma margaíochta: Ceardaí/ó Cheardaí, Teach Feirme, Traidisiúnta agus Nádúrtha.

Chun táirgeoirí bia ceardaí a chur ar an eolas gur ann di agus chun a chinntiú go mbaineann siad leas as a ndíolphointí uathúla chun pointe difreála a chruthú, tá an Chomhairle Taste i gcomhar le Bord Bia tar éis treoir/bunstraitéisí praiticiúla a chruthú faoin gcaoi ar féidir le táirgeoirí beaga agus ar mheánmhéid a gnólachtaí a chur chun cinn agus na téarmaí seo á n-úsáid.

MARGAÍ

Leathnaíonn lorg domhanda Bhord Bia go dtí 11 láthair thar lear. Feidhmíonn seacht n-oifig san Eoraip agus ceithre cinn go hidirnáisiúnta. Tá dhá oifig eile le bheith i mbun feidhme roimh samhradh 2016, lonnaithe i Singapore agus Warsaw. Cuideoidh oifig Singapore le cuideachtaí bia agus dí na hÉireann atá ag iarraidh onnmhairiú go hOirdheisceart na hÁise agus déanfaidh an oifig i Warsaw freastal ar mhargadh Oirthear na hEorpa. Déantar freastal ar fhorbairt ghnó margaí na hÉireann agus ar mhargáí idirnáisiúnta eile go díreach ó Bhaile Átha Cliath. Déantar

athbhreithniú go leanúnach ar dháileadh acmhainní agus ar an struchtúr chun freastal ar riachtanais cuideachtaí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann atá ag teacht chun cinn trí phróiseas tosaíochta margaidh.

Chun freastal ar riachtanais cuideachtaí Éireannacha, ar chur chun cinn táirgí Éireannacha agus ar léiriú a thabhairt ar acmhainneacht soláthair na hÉireann, cuireadh acmhainní ar fáil do na hoifigí agus don phearsanra seo chun:

- Gníomhaíocht theagmhála mhéadaitheach a dhéanamh le ceannaitheoirí.
- Seirbhísí in áit an mhargaidh a sholathar chun cuideachtaí a threalmhú le gnó nua a bhaint amach.
- Eolas margaidh ábhartha a fháil, a thógáil isteach agus a chur in iúl do chliantchuideachtaí.
- Ionadaíocht a dhéanamh do thionscal bia na hÉireann i bhforbairt chaidrimh le múnlaí tuairimí mar aon leis na príomh-mheáin trádála agus tomhaltóra.

Anuas ar fhorfheidhmiú clár agus tionscadal rinne pearsanra margaidh Bhord Bia seo a leanas in 2015:

- 1,063 cruinniú agus cuir i láthair ceannaitheora.
- Thug freagra go díreach ar 973 iarratas ceannaitheora aonair.
- 1,066 cruinniú pleanála gnó le cliantchuideachtaí Éireannacha.
- 1,926 iarratas ar eolas margaidh ó chliantchuideachtaí Éireannacha.
- Sheachaid tionscadail forbartha gnó le suas le 60 cliantchuideachtaí in aghaidh na míosa.
- Rinne ionadaíocht thar ceann an tionscail i 26 cruinniú rochtana margaidh le húdaráis tréidliachta agus rialála san Áis, sa Rúis agus sa Mheánoirthear.
- Bhain clúdach dearfach amach do bhia agus do dheochanna na hÉireann i mbreis agus 5000 iris tomhaltóra agus trádála, mar aon le hiliomad tagairtí ar líne.

CUR CHUIGE COMHOIBRÍOCH

Leanann Bord Bia air ag obair i gcomhar le príomhranna rialtais, gníomhaireachtaí agus cumainn i bhforbairt agus i bhfeidhmiú tacaíochta don tionscal bia agus dí. Áirítear orthu seo an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Teagasc, BIM, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Fiontraíocht Éireann, Fáilte Éireann (agus Tourism Ireland) Údaráis Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus eile.



RÁITEAS CORPARÁIDEACH

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Bunaíodh Bord Bia faoin Acht um an mBord Bia 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha na nAchtanna um an mBord Bia 1994 & 2004 agus faoi choimirce an Aire Talmhaíochta, Bia agus na Mara

RIALACHAS

Tá an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit glactha ag an mBord agus tá forálacha an Chóid á gcur i bhfeidhm. Chun críocha feidhmiú an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit breathnaítear ar Bhord Bia mar Chomhlacht Stáit neamhthráchtála. Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin Rialachais Corparáidigh agus Sárchleachtais a choinneáil, tá sceideal oifigiúil aige ar ábhar atá sainithe chuige chun cinneadh a dhéanamh orthu, cuireann treoir straitéiseach ar fáil, déanann monatóireacht ar ghníomhaíochtaí agus ar éifeachtúlacht na bainistíochta agus déantar monatóireacht ar a gcomhlíonadh ar bhonn leanúnach ag cinntiú go gcomhlíontar reachtaíocht chuí, rialacháin agus treoirlínte.

EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ

Tá forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 curtha i bhfeidhm. Tugann comhaltaí Boird agus foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráitis sainleasa don Rúnaí an tráth a cheaptar iad agus ar bhonn bliantúil.

SAORÁIL FAISNÉISE

Is eagraíocht fhorordaithe í Bord Bia faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Bhunaigh na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise trí cheart reachtúil:

- Ceart rochtana de réir dlí ag gach duine ar aon eolas atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- Ceart de réir dlí ag gach duine eolas oifigiúil a bhíonn i seilbh comhlachta poiblí a bhaineann leis nó léi sa chás go mbíonn sé neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach a leasú;
- Ceart de réir dlí na cúiseanna a fháil do chinntí a dhéanann difear do dhuine féin arna dtógáil ag comhlacht poiblí

I dteannta riachtanas na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, tá feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 le Bord Bia chomh maith. Tugann na hAchtanna um Chosaint Sonraí cosaint do phríobháideachas daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil. Is éard is sonraí pearsanta ann eolas a bhaineann le duine beo ar féidir a aithint ón sonraí iad féin nó i gcomhar le heolas eile atá i seilbh.

COMHIONANNAS

Tá Bord Bia tiomanta do chomhionannas deiseanna a chinntiú agus nach gcaitear le níos lú fabhar le duine den fhoireann nó iarrthóir ar fhostaíocht na aon duine eile ar bhonn inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh, aois, míchumas nó cine. Tá clár forbartha phearsana agus foirne

Bhord Bia leagtha amach dá réir.

Déanann Bord Bia iarracht cuidiú leis an bhfoireann maidir le riachtanais phearsanta agus ghairm bheatha agus feidhmítear polasaithe cuí a chlúdaíonn réimsí ar nós forbartha gairmiúla, saoire staidéir, fleisc-ama agus sosanna gairme. Tá Bord Bia tiomanta freisin polasaí rialtais a fheidhmiú i ndáil le daoine faoi mhíchumas a fhostú san earnáil phoiblí. Rinneadh soláthairt breise sonracha do chuairoteoirí faoi mhíchumas agus Ionad Bia Bhord Bia á thógáil. Tá polasaí maidir le ciapadh gnéis i bhfeidhm le tacaíocht agus cosaint a thabhairt do dhíne gach duine.

SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR

Tá Bord Bia ag feidhmiú forálacha na reachtaíochta Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag an Obair, lena n-áirítear Ráiteas Sábháilteachta a ullmhú agus a oibriú a thabharfaidh aghaidh ar gach ceist a mbíonn tionchar aice ar shábháilteacht, sláinte agus leas fhoireann Bhord Bia agus cuairteoirí a thugann cuairt ar áitreabh Bhord Bia.

CAIRT SEIRBHÍSE

Leagann Cairt Seirbhíse Bhord Bia amach a thiomantais do Phrionsabail Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus do Chliant na hEarnála Poiblí. Tacaíonn Plean Gnímh agus nósanna imeachta inmheánacha iomchuí leis an gCairt le héifeacht phraiticiúil a thabhairt don tiomantas sin.

ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH AGUS CAOMHNÚ

Tá Bord Bia tiomanta gach iarracht a dhéanamh le bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh agus le bearta caomhnaithe agus athchúrsála cuí a fheidhmiú. Is iad solas agus teas, a sholáthraítear ó leictreachas, príomh-réimsí úsáid fuinnimh i mBord Bia. Laghdaíodh úsáid bhliantúil fuinnimh go suntasach ó cuireadh tús le hathbhreithniú ar úsáid fuinnimh. Is í seo a leanas úsáid na príomhoifige i mBord Bia:

2015

mWh leictreachais 221

(Bunbhliain 2009: 379 mWh)

Déantar monatóireacht ar úsáid leictreachais mar aon le haithint diomailte, neamhéifeachtaí agus tionscnaimh costéifeachtacha chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh.

ÍOCAÍOCHTAÍ PRASA

De réir forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (íocaíocht Dheireanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, tá Bord Bia tiomanta a chinntiú go n-íoctar gach soláthraí go pras agus i rith 2015 íocadh breis agus 99.89% d'íocaíochtaí laistigh de 15 lá.

MAIINIÚ ÓN AONTAS EORPACH

Riarann Bord Bia roinnt feachtas margaíochta agus promóisin atá incháilithe do chómhaoiniú ón Aontas Eorpach lena n-áirítear iad siúd do Mhuisiríúin, Prátaí, Uaineoil, Cáis Tí Feirme agus Bia Farraige.

ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Tagann Bord Bia faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 chun creat reachtúil a fhoráil do sheachadadh seirbhísí trí Ghaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

STRUCHTÚIR AN BHOIRD

Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn réimsí seirbhísí chun polasaí agus clár a fheidhmiú. Soláthraíonn an Bord an chothromaíocht chuí scileanna agus taithí chun tacú le straitéis Bhord Bia. Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus de cheithre ghnáthchomhalta déag a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus na Mara. Faigheann gach comhalta boird nua eolas airgeadais agus eile faoi Bhord Bia, agus eolas maidir le ról an bhoird agus coistí an bhoird. Is rólanna ar leithligh iad rólanna an chathaoirligh agus an phríomhfheidhmeannaigh.

Tá cúig Fho-Bhord (Bianna Tomhaltóirí, Déiríocht, Gairneoireacht, Feoil agus Beostoc agus Dearbhú Cáilíochta) comhdhéanta de Chathaoirleach agus de dhá ghnáthchomhalta déag a cheapann an Bord le toiliú an Aire Talmhaíochta, Bia agus na Mara. Bíonn Cathaoirleach gach Fo-Bhord mar chomhalta den Bhord.

Buaileann an bord le chéile go rialta agus tá sé freagrach as bainistiú cuí a dhéanamh ar Bhord Bia. Is é an bord a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus a choinníonn smacht iomlán agus éifeachtach agus dóthain solúbthachta á ceadú don bhainistíocht fheidhmiúcháin chun an gnó a reáchtáil go héifeachtach agus go héifeachtúil laistigh de chreat tuairiscithe lárnaithe.

COMHALTAÍ BOIRD AGUS NEAMHSPLEÁCHAS

Tá rochtain ag gach comhalta boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí/Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach don bhord as a chinntiú go leantar nósanna imeachta boird, agus go gcomhlíontar rialacha agus rialacháin infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla Bhord Bia ar fáil le haghaidh comhairliúcháin ag comhaltaí boird de réir mar a theastaíonn. Féadfaidh comhaltaí boird aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil más gá.

COMHDHÉANAMH AN BHOIRD

Tá mionsonraí faoi chomhaltaí an Bhoird i mBord Bia leagtha amach ar leathanac. 51.

RÓLAINNA AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Is é an Cathaoirleach a threoraíonn an Bord i gcinneadh a straitéise agus i mbaint amach a chuspóirí. Tá an Cathaoirleach freagrach as eagrú gnó an Bhoird, as a éifeachtacht a chinntiú agus a chlár oibre a leagan amach. Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirtíocht éifeachtach gach comhalta den bhord agus caidreamh cuiditheach idir an feidhmeannas agus comhaltaí an bhoird, agus cinntíonn go bhfaigheann comhaltaí an bhoird eolas tráthúil, iomchuí agus cruinn.

Tá an Príomhfheidhmeannach i bhfeighil Bhord Bia go díreach ar bhonn laethúil agus tá sé freagrach don Bhord as feidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais Bhord Bia.

COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS FREASTAL AR CHRUINNITHE

Tionóladh ocht gcrúinniú Boird i rith 2015 agus tá mionsonraí faoi freastal gach comhalta leagtha amach thíos.

Board Member	Board Meetings Attended
M. Byrne	7 as 8
M. Carey	8 as 8
J. Comer	8 as 8
E. Downey	6 as 8
R. Doyle	3 as 4
F. Hayes	7 as 8
R. Holland	3 as 4
J. Horgan	6 as 8
C. Keeling	6 as 8
T. Keohane	2 as 4
T. Moran	3 as 4
F. O'Gara	5 as 8
R. O'Rourke	3 as 4
B. Sweeney	4 as 4
P. Whelan	3 as 4

COISTÍ BOIRD

Bhuail Coiste Iniúchta an Bhoird, atá comhdhéanta de cheathrar comhalta den Bhord agus comhalta seachtrach amháin le cúla airgeadais, le chéile ceithre huairé i rith 2015. Tá Coiste Iniúchta an Bhoird freagrach as caidreamh iomchuí a choinneáil le hiniúcháirí seachtracha a ghrúpa agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní iniúchta inmheánaigh Bhord Bia, srianta airgeadais inmheánacha agus ar an bpróiseas iniúchta.

Cuidíonn sé leis an mbord agus iarracht á dhéanamh a chinntiú go dtugann an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais measúnú cothromaithe ar an seasamh atá againn. Tá rochtain iomlán agus neamhtheoranta ag an Iniúchóir Inmheánach agus ag an Iniúchóir Seachtrach ar Choiste Iniúchta an Bhoird Tionóltar seisiúin faisnéisithe chun comhaltaí Choiste Iniúchta an Bhoird agus an Bord a chur ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha a tharla le deireanaí maidir le saincheisteanna Rialachais Chorporáidigh.

Bhuail an Coiste Luach Saothair agus Pinsin, atá comhdhéanta de thriúr comhaltaí den Bhord, le chéile uair amháin i rith 2015. Is é an Coiste Luach Saothair agus Pinsin a chinneann, thar ceann an Bhoird, ceapachán, luach saothair agus measúnú maidir le feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus pleanáil faoin té a thiocfaidh mar chomharba air; agus leasuithe suntasacha ar shochair scoir an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne.

Tá an Coiste Straitéise comhdhéanta faoi láthair de chúigear comhalta den Bhord. Tá ról tábhachtach ag an gCoiste Straitéise maidir le tuairimí agus moltaí faoi shaincheisteanna straitéiseacha atá roimh Bord Bia amach a chur ar fáil agus cuireann sé lenár bpróiseas pleanála straitéiseach agus le forbairt na straitéise. De bharr roinnt athruithe ar chomhaltaí Boird agus an Choiste Straitéise i rith 2015, ghlac an Bord freagracht dhíreach do thabhairt chun críche Ráiteas Straitéise 2016 go 2018, a foilsíodh in Eanáir 2016.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais Bhord Bia. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus mar sin trí chéimeanna réasúnacha a ghlacadh le calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Michael Carey
Cathaoirleach

Aidan Cotter
Príomhfheidhmeannach

FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um an mBord Bia 1994 ar an mBord a leanas; “*keep in such form and in respect of such accounting periods as may be approved by the Minister, with the consent of the Minister for Public Expenditure and Reform, all proper and usual accounts of monies received or expended by it, including an Income and Expenditure Account, a Cash Flow Statement and a Balance Sheet and, in particular, shall keep in such form as aforesaid all such special accounts as the Minister may, or at the request of the Minister for Public Expenditure and Reform shall, from time to time direct and the Board shall ensure that separate accounts shall be kept and presented to the Board by any Subsidiary Board that may be established by the Board under this Act and these accounts shall be incorporated in the general statement of account of the Board.*”

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ceanglaítear ar an mBord:

1. Polasaithe cuntasafíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta.
2. Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama.
3. Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.
4. Luaigh cibé ar leanadh caighdeáin chuntasafíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtar nó a mhínítear sna ráitis airgeadais.

RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

Thar ceann Bhord Bhord Bia, tugaim aitheantas don fhreagracht atá orainn a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú críochnaitheach a chur ar fáil go ndéantar cosaint ar shócmhainní, go mbíonn idirbhearta údaráithe agus taifeadta i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó ar neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad ar bhealach tráthúil.

Tá céimeanna glactha ag an mBord lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht na heagraíochta agus le sócmhainní a chosaint
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht

Tá próisis bunaithe ag an mBord le rioscaí gnó a aithint agus a luacháil trí:

- Nádúr, méid agus tionchar airgeadais na rioscaí atá os comhair an chomhlachta a aithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar atá inghlactha
- Measúnú ar an seans go dtarlódh rioscaí aitheanta
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann faoi spriocanna Bhord Bia agus tacaíocht do straitéisí an Bhoird chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat d'eolas bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt agus córas tarmiligthe agus cuntasachta. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú agus comhaontú air
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- Spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag Bord Bia, a oibríonn de réir an Chóid Chreata Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach chuig Coiste Iniúchta an Bhoird. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an

riosca a bhaineann leis an gcomhlacht agus bíonn pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís sin. Ceadáíonn Coiste Iniúchta an Bhoird an anailís riosca agus an plean Iniúchta Inmheánaigh agus tuairiscítear iad don Bhord. Déantar athbhreithniú ar an gclár riosca ag gach cruinniú de Choiste Iniúchta an Bhoird agus ag gach cruinniú den Bhord.

Tagann Coiste Iniúchta an Bhoird le chéile ar bhonn rialta i rith na bliana le leordhóthanacht agus le héifeachtacht an chórais Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh a athbhreithniú agus a dhearbhu.

Cuireann obair an Iniúcháir Inmheánaigh monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh ar an eolas, mar aon le Coiste Iniúchta an Bhoird a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúcháir inmheánaigh, bainisteoirí feidhmeannacha laistigh de Bhord Bia atá freagrach as creat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil agus a chuirtear ar an eolas trí obair an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina iniúchadh bliantúil.

Dearbhaím go ndearna an Bord i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig, 2015 athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.


Thar ceann an Bhoird

Michael Carey
Cathaoirleach

23 Meitheamh 2016



STRUCHTÚR NA hEAGRAÍOCHTA



TÁ BORD BIA COMHDHÉANTA DEN BHORD, DE CHÚIG FHO-BHORD, DEN PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH AGUS DEN FHEIDHMEANNAS A SHOLÁTHRAÍONN RAON SEIRBHÍSÍ ATÁ RIACHTANACH CHUN BEARTAS AGUS CLÁIR AN BHOIRD A CHUR I bhFEIDHM.

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus 14 gnáthchomhalta a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus na Mara. Tá cúig Fho-Bhord ann (Foil agus Beostoc, Bia Tomhaltóirí, Déiríocht, Dearbhú Cáilíochta, agus Gairneoireacht) atá comhdhéanta de Chathaoirleach agus 12 gnáthchomhalta atá ceaptha ag an mBord le toiliú an Aire. Tá Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.

Tá na Coistí Boid seo a leanas i bhfeidhm: an Coiste Iniúchta, an Coiste Luach Saothair agus Pinsin agus an Coiste Straitéise.

Tá an Feidhmeannas comhdhéanta d'fhoireann atá lonnaithe i gceann oifig an Bhoird agus thar lear.

An Cheannoifig
Cúirt Chlann Liam,
Sráid an Mhóta Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

Iniúcháirí:
An tArd-Reachtair Cuntas
agus Ciste

Baincéirí:
Bainc Aontas Éireann

Dlíodóirí
Philip Lee, Aturnaetha

STRUCHTÚR NA FOIRNE

AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Aidan Cotter

MARGAÍ	Padraig Brennan
DEARBHÚ COMHSHAOIL AGUS CÁILÍOCHTA	Michael Maloney
SEIRBHÍSI MARGAÍOCHTA	Una Fitzgibbon
FEOL & BEOSTOIC	Jim O'Toole
BIA AGUS DEOCHANNA	Eileen Bentley/Karen Tyner
GAIRNEOIREACHT/FOOD DUDES	Mike Neary
SEIRBHÍSI FAISNÉISE STRAITÉISEACHA	Julian Smith
CUMARSÁIDÍ CORPARÁIDEACHA	Rosaleen O'Shaughnessy
ACMHAINNÍ DAONNA	Susan Doyle
SEIRBHÍSI CORPARÁIDEACHA	Frank Lynch
AIRGEADAS	John O'Grady

OIFIGÍ THAR LEAR

AMSTARDAM	Margaret McCarthy
DUBAI	Michael Hussey
DUSSELDORF	Donal Denvir
LONDAIN	Michelle Butler
MAIDRID	Cecilia Ruiz
MILANO	Nicolas Ranninger
MOSCÓ	Alla Barinova
NUA-EABHRAC	Karen Coyle
PÁRAS	Noreen Lanigan
SINGEAPÓR	Ciaran Gallagher
SHANGHAI	James O'Donnell
STÓCÓLM	Linda Madigan
VÁRSÁ	Judith Clinton

Tacaíonn gníomhaíochtaí Acmhainní Daonna laistigh de Bhord Bia leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann chun freastal ar dhúshlán áit an mhargaidh trí:

- Struchtúir bhainistíochta iomchuí agus córais bhainistíochta feidhmíochta a bhunú chun tacú le haidhmeanna straitéiseacha na heagraíochta
- Seachadadh ceannaireachta, cláir fhorbartha inniúlachta agus ardfheidhmíochta foirne
- Cumarsáid rialta, tionscnaimh ghníomhaíochta agus inspreagtha

Tá an cultúr eagraíochtúil á thiomáint ag tosaíocht agus nuálaíocht leanúnach, a chinntíonn ábharthacht d'áit an mhargaidh, do chliant agus don tomhaltóir, uasmhéadú aschur, agus seachadadh éifeachtúlachtaí trí úsáid optamach acmhainní agus córas. Tá fócas mór ar shoiléireacht a chinntiú de shíor thart ar an nasc idir straitéis agus rannpháirtíocht ról. Ós eagraíocht oscailte, údarach agus aclaí í, cinntíonn sé gur féidir lenár muintir dul i dtaithí ar athrú agus go bhfuil siad freagrúil don timpeallacht atá ag athrú go tapa ina bhfuil cónaí orainn inniu.

BORD BHORD BIA

CATHAOIRLEACH

An tUasal Michael Carey
The Company of Food

COMHALTAÍ

Marian Byrne Uasal
Príomhoifigeach, an Roinn Talmhaíochta,
Bia agus na Mara

An tUasal John Comer
Uachtarán, Cumann Soláthróirí Bainne
Uachtarlainne na hÉireann

Rachel Doyle Uasal
Stiúrthóir, Ionad Garraíodóireachta
Arboretum

An tUasal Frank Hayes
Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, Kerry
Group Plc.

An tUasal Joe Healy
Uachtarán, Feirmeoirí Aontaithe na
hÉireann

Rhona Holland Uasal
Stiúrthóir Margaíochta Faisnéis
Domhanda,
Pepsi Co.

An tUasal John Horgan
Stiúrthóir Bainistíochta, Grúpa Kepak

Caroline Keeling Uasal
Príomhfheidhmeannach,
Keelings, Saothróirí/Allmháireoirí Torthaí

An tUasal Tony Keohane
Iar-Chathaoirleach, Tesco Ireland

An tUasal Tom Moran
Iar-ArdRúnaí na Roinne Talmhaíochta Bia
& na Mara

An tOllamh Fergal O'Gara
An Roinn Micribhitheolaíochta,
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

An tUasal Raymond O'Rourke
Dlíodóir Bia & Tomhaltóra

An tUasal Brody Sweeney
Fiontraí Bia

An tUasal Patrick Whelan
Búistéirí Whelan

Príomhfheidhmeannach
Aidan Cotter

Rúnaí/Stiúrthóir
Frank Lynch

Athruithe le linn 2015

Téarma Oifige in Éag 23 Márta:
An tUasal Eddie Downey (athcheaptha
25 Márta)

Téarma Oifige in Éag 27 Márta:
Marian Byrne Uasal (athcheaptha 25
Márta)

Ceaptha 16 Meitheamh:
Rachel Doyle Uasal
Rhona Holland Uasal
An tUasal Tony Keohane
An tUasal Tom Moran
An tUasal Raymond O'Rourke
An tUasal Brody Sweeney
An tUasal Patrick Whelan

Téarma Oifige in Éag 6 Nollaig:
An tUasal John Horgan (athcheaptha 7
Nollaig)

Athruithe i rith 2016

Téarma Oifige in Éag 12 Aibreán:
An tUasal John Comer (athcheaptha 13
Bealtaine)
An tUasal Frank Hayes (athcheaptha 12
Aibreán)

Éirithe as 12 Bealtaine:
An tUasal Eddie Downey, Iar- Uachtarán,
IFA
Ceaptha 12 Bealtaine:
An tUasal Joe Healy

BORD BIA – BORD BIANNA DO THOMHALTOIRÍ

CATHAOIRLEACH

Rhona Holland Uasal
Stiúrthóir Margaíochta,
Pepsi Co.

COMHALTAÍ

Triona Byrne Uasal
Stiúrthóir Airgeadais, Aran Candy Teo.

An tUasal Vincent Carton
Príomhfheidhmeach, Grúpa Carton

An tUasal Pat Connors
Stiúrthóir Díolacháin & Próiseála, Marine
Harvest

An tUasal Bernard Coyle
Cathaoirleach, Mr Crumb

An tUasal Mike Doyle
Stiúrthóir Bainistíochta– Ionad Nuálaíochta
& Domhanda Kerry

An tUasal Colin Gordon
Príomhfheidhmeannach, Bianna
Tomhaltóra Glanbia

An tUasal Larry Murrin
Stiúrthóir Bainistíochta, Dawn Farm Foods

An tUasal John Noonan
Stiúrthóir Díolacháin & Margaíochta,
E. Flahavan & Sons

An tUasal Joe O'Flynn
Comhpháirtí Sinsearach, Agrifood
Business Partners

An tUasal Eddie Power
Stiúrthóir Bainistíochta, Green Isle Foods

An tUasal Pat Rigney
Stiúrthóir Bainistíochta,
Fastnet Brands Co. Teo

Athruithe i rith 2015

Ceaptha 24 Meán Fómhair:
Rhona Holland Uasal (Cathaoirleach)

**Téarmaí in Éag 10 Deireadh
Fómhair (athcheaptha 1 Nollaig):**
Triona Byrne Uasal
An tUasal Larry Murrin
An tUasal John Noonan
An tUasal Joe O'Flynn
An tUasal Eddie Power

BORD BIA – AN BORD FEOLA AGUS BEOSTOIC

CATHAOIRLEACH

An tUasal Tony Keohane

Iar-Chathaoirleach, Tesco Ireland

COMHALTAÍ

An tUasal Michael Guinan

Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

An tUasal Jim Hanley

Príomhfheidhmeannach, Rosderra Irish Meats

An tUasal John Lynskey

Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Caorach, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

An tUasal Brendan Mallon

Associated Craft Butchers of Ireland

An tUasal Finbarr McDonnell

Stiúrthóir Bainistíochta, ABP

An tUasal Pat O'Flaherty

Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Muc & Muiceola, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

An tUasal Nigel Renaghan

Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Éanlaith Chlóis, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

An tUasal Paddy Walsh

Dawn Meats

An tUasal Angus Woods

Cathaoirleach, an Coiste Náisiúnta Beostoic, IFA

Athruithe i rith 2015

Athcheaptha 25 Márta:

An tUasal Finbarr McDonnell
An tUasal Paddy Walsh

Ceaptha 24 Meán Fómhair:

An tUasal Tony Keohane (Cathaoirleach)

Téarma in Éag 22 Samhain:

An tUasal Henry Burns, Cathaoirleach, an Coiste Náisiúnta Beostoic, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

An tUasal Michael Guinan (athcheaptha 1 Nollaig)

Athruithe i rith 2016

Téarma in Éag 13 Márta:

An tUasal Jim Hanley
(athcheaptha 16 Meitheamh)

Téarma in Éag 25 Aibreán:

An tUasal Paddy Gernon
Onnmhaireoir Beostoic

Ceaptha 16 Meitheamh:

An tUasal Angus Woods

BORD BIA – AN BORD DÉIRÍOCHTA

CATHAOIRLEACH

An tUasal Tom Moran

Iar-ArdRúnaí, an Roinn Talmhaíochta, Bia & na Mara

COMHALTAÍ

An tUasal Noel Corcoran

Stiúrthóir Díolachán & Margaiochta, Comhábhair Bia Carbery

Catherine Lascurettes Uasal

Rúnaí Feidhmeach Náisiúnta Déiríochta & Bainne Leachtaigh IFA

An tUasal James Lynch

Leas-Chathaoirleach, Comharchumann Dairygold

An tUasal Pat McCormack

Uachtarán Ionaí, Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

An tUasal Fergal McGarry

Stiúrthóir Domhanda, Bianna Tomhaltóra, Ornua

An tUasal Sean Molloy

Stiúrthóir Straitéise & Caidreamh le Soláthróirí, Glanbia

An tUasal Pádraig Sayers

Leas-Uachtarán, Comhábhair & Blasanna, Kerry Group plc

An Dr Pat Shiels

Bainisteoir Ginearálta, Rannán Agra, Lakeland Dairies

An tUasal Pádraig Young

Cathaoirleach, Lakeland Dairies

Athruithe i rith 2015

D'éirigh as 16 Meán Fómhair:

An tUasal Michael Carey (Cathaoirleach)

Ceaptha 24 Meán Fómhair:

An tUasal Tom Moran (Cathaoirleach)

Athruithe i rith 2016

D'éirigh as 9 Meitheamh:

(athcheaptha 16 Meitheamh)

An tUasal Pat McCormack

An tUasal Pádraig Sayers

Dr Pat Shiels

BORD BIA – AN BORD DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA

CATHAOIRLEACH

An tUasal Raymond O'Rourke
Dlíodóir Bia & Tomhaltóirí

COMHALTAÍ

An tUasal Ray Bowe
Bainisteoir Sábháilteachta & Cáilíochta
Bia, Musgrave Retail Partners

An tUasal Henry Burns
Iar-Cathaoirleach, an Coiste Náisiúnta
Beostoic, IFA

An tUasal Denis Carroll
Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne
na hÉireann

An tUasal John Cunningham
Dairygold Food Products roimhe seo

An tUasal Colm Hayes
Rannán Feola & Beartas Feola, an Roinn
Talmhaíochta, Bia & na Mara

An tUasal Dermott Jewell
Comhairleoir Beartais & Comhairle,
Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann

An tUasal John Mohan
Cathaoirleach, The Egg Association

An tUasal Paul Nolan
Bainisteoir Forbartha Grúpa, Dawn Group

An tUasal Liam O'Flaherty
Comharchumann Dairygold

Joyce Roche Uasal
Stiúrthóir & Bainisteoir Teicniúil, Codd
Mushrooms

An Dr Declan Troy
Ceann Ionaid, an tIonad Náisiúnta Bia,
Teagasc

Athruithe i rith 2015:

Ceaptha 24 Meán Fómhair:
An tUasal Raymond O'Rourke
(Cathaoirleach)

Athruithe i rith 2016:

Téarma in éag 25 Márta:
An tUasal Liam O'Flaherty
(athcheaptha 16 Meitheamh)

Téarma in éag 15 Bealtaine:
An tUasal Denis Carroll (athcheaptha 16
Meitheamh)

BORD BIA – AN BORD GAIRNEOIREACHTA

CATHAOIRLEACH

Caroline Keeling Uas.
Príomhfheidhmeannach, Keelings

COMHALTAÍ

An tUasal Paul Brophy,
Paul Brophy Produce

An tUasal Paddy Callaghan
Cathaoirleach, Nature's Best Teo.

An tUasal Matt Foley
Plandanna Kilbush

Karen Kerrigan Uasal
Kerrigan's Mushrooms

Jane McCorkell Uasal
Ailtire Tírdhreacha & Comhairleoir
Gairneoireachta

An tUasal Ciaran O'Brien
Peter O'Brien Landscapes

An tUasal Brian O'Reilly
Ballywilliam Mushrooms

An tUasal Eoin Reid
Ionad Garraíodóireachta

Téarma oifige in éag 27 Feabhra:

D'éirigh as 16 Meitheamh:
Rachel Doyle Uasal, Stiúrthóir, Ionad
Garraíodóireachta Arboretum

Athruithe i rith 2016

Ceaptha 26 Eanáir:
An tUasal Brian O'Reilly
An tUasal Eoin Reid

Téarma Oifige in Éag 27 Feabhra:

An tUasal Thomas Carpernter,
Iar-Chatthaoirleach, Coiste na bPrátaí,
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
An tUasal John Hogan, Dunsany
Landscapes Ltd
Karen Kerrigan Uasal (athcheaptha 16
Meitheamh)
Jane McCorkell Uasal (athcheaptha 16
Meitheamh)
An tUasal Philip Moreau, Glanbrook
Nurseries

Ceaptha 16 Meitheamh:
An tUasal Paul Brophy

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE



An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuirisc le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Bhord Bia don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 faoin Acht um an Bord Bia 1994. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den ráiteas ioncain agus caiteachais agus cúlchiste ioncain coinnithe, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbealach a fhorordaítear faoi Alt 21 den Acht agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta.

Freagrachtaí Comhaltaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An fhreagracht atá orm ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriocht.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeán Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird Chleachtais Iniúchta ag an am céanna.

Scóip iniúchta na ráiteas airgeadais

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtai sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhírátis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca Bhord Bia, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a dhéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaim fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin, léim tuarascáil bhliantúil Bhord Bia chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhírátas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, breithním na tionchair a bheidh acu sin ar mo thuarascáil.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar riocht ghnóthaí Bhord Bia amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain 2015; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir chleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta.

Is é mo thuairim go raibh taifid chuntais Bhord Bia leordhóthanach chun iad a iniúchadh go réidh agus i gceart. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntais.

Ábhair lena dtuairiscim trí eisceacht

Tuairiscim trí eisceacht mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó

- má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil Bhord Bia ag teacht leis na Ráitis Airgeadais bainteacha, nó leis an fhaisnéis a fhaighimse le linn an iniúchta, nó
- mura léiríonn an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach comhlíonadh Bhord Bia leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
29 Meitheamh 2016

RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE

DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG

	Nótaí	2015 €'000	2014 Athshonraithe €'000
Ioncam			
Deontais Oireachtais		30,836	27,282
Oireachtas - Maoiniú Eile:			
Leathadh Amach Náisiúnta Food Dudes	2a	2,775	1,926
Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta: Maoiniú Speisialta	2b	5,742	5,215
Maoiniú Speisialta do Chur Chun Cinn Bia	2c	700	616
Tobhach Reachtúil	2d	5,456	5,715
Ioncam ó Thionscadail agus Eile	2e	8,256	6,459
Glan-mhaoiniú larchurtha do Shochair Scoir	12b	3,073	3,013
		56,838	50,226
Aistriú (chuig) / ón gCuntas Caipitil	3	(62)	4
